Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta

Pádraig Ó Duibhir
Neasa Ní Chuaig
Laoise Ní Thuairisg
Conchúr Ó Brolcháin

Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha:
Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta

Coimisiúnaithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

© 2015 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna fhoilsiú ag
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Tá an tuairisc seo agus tuairiscí ábhartha eile ar fáil ag
www.education.ie

Clár na n-ábhar

Réamhrá 1
Cúlra 1
Ceisteanna Taighde 3
An Mhodheolaíocht 4
Múnlaí Éagsúla an Oideachais Dhátheangaigh 6
An Ghaeltacht Chomhaimseartha 9
Iniúchadh ar na limistéir 12
1. An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag 12
2. An Bhascais agus an Chatalóinis 24
3. Diné (Navajo) i Stáit Aontaithe Mheiriceá 47
4. An Fhraincis i gCeanada 53
5. An Fhreaslainnis san Ísiltír 64
6. An Ghàidhlig in Albain 69
7. An Haváis in Haváí (Stáit Aontaithe Mheiriceá) 76
8. An Māori sa Nua-Shéalainn 80
9. An tSualainnis san Fhionlainn 89
Conclúid agus plé ar na mórthéamaí 96
Stádas Teanga 96
Comhdhéanamh agus Sainiú na gClár 97
Imeascadh na nDaltaí 99
Rannpháirtíocht agus Riarachán Áitiúil 102
Seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí agus do scoileanna 103
Roghanna don oideachas Gaeltachta 104
Múnlaí don oideachas Gaeltachta 107
Focal Scoir 112
Tagairtí 113
Aguisín A: Cuardach córasach 123

Réamhrá

D'eascair an t-athbhreithniú seo ar litríocht as iarratas ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna. Iarradh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar: 'litríocht, ar pholasaithe náisiúnta agus ar chleachtas ábhartha i limistéir eile i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha atá inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta, i dtaca le soláthar do theangacha mionlaigh sa chóras oideachais agus le teagasc trí theanga mhionlaigh in ionaid réamhscolaíochta, i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna.' (COGG, 2013: 1)

Leagtar amach sa cháipéis seo an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin i ndeich limistéar éagsúla ar fud an domhain. Pléitear leis an mBascais agus leis an gCatalóinis sa Spáinn faoi aon mhórcheannteideal amháin toisc go mbaineann siad leis an tír chéanna, ach déantar cur síos orthu astu féin. Déantar cur síos ar na comhthéacsanna ina mbíonn mionteangacha á labhairt agus ar an tionchar a d'imir cúrsaí staire orthu seo go minic. Tugtar cur síos gearr ar chúlra an oideachais Ghaeltachta mar chuid den phlé seo. Ansin, mínítear an mhodheolaíocht a bhí in úsáid san athbhreithniú agus na foinsí ar tharraingíomar orthu. Na ceisteanna taighde a leagadh amach san iarratas ar thaighde, thiomáin siad an t-iniúchadh a rinneadh sna réigiúin éagsúla. Baintear úsáid as na ceisteanna taighde mar cheannteidil don chur síos ar gach réigiún, agus déantar tátal ar an bhfianaise ó gach réigiún a mheasamar a bheadh ábhartha do pholasaithe agus do chleachtais oideachais sa Ghaeltacht. Cuirtear deireadh leis an athbhreithniú trí chíoradh agus plé a dhéanamh ar an bhfianaise is tábhachtaí a tháinig chun cinn.

Cúlra

Agus comhthéacsanna sochtheangeolaíocha á roghnú againn a bheadh inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta, ní mór tuiscint a bheith againn ar na cúinsí reatha sa Ghaeltacht.

Leag Coimisiún na Gaeltachta (1926) amach na ceantair Ghaeltachta bunaithe ar chritéir theangeolaíocha agus thíreolaíocha. Bhí líon na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair sin os cionn 87% den phobal iomlán, cé is moite de Chontae Phort Láirge, ag an am. Is iomaí athrú atá tagtha ar na ceantair ó shin i leith agus is stádas mionteanga atá ag an nGaeilge, fiú amháin sna ceantair is láidre Gaeilge sa tír (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, O'Brien, 2007). Tá an Ghaeilge á labhairt ag pobal a bhfuil ardchumas sa Bhéarla acu ar an iomlán, agus is minic gur mionlach iad taobh istigh dá gceantar féin. Oideachas dátheangach, mar sin, atá i gceist go príomha le hoideachas sa Ghaeltacht. Tá cainteoirí dúchais, athdhúchais, leathdhúchais, agus foghlaimeoirí le chéile in aon suíomh foghlama amháin (Nic Cionnaith, 2008: 93). Cruthaíonn sé seo an-dúshlán do stiúrthóirí/mhúinteoirí agus tá fianaise áirithe ann nach ndéantar cúram ceart de na cainteoirí dúchais i gcomhthéacsanna mar seo (Hickey, 2001). Ní mór, mar sin, d'aon pholasaí oideachais Gaeltachta cúram ar leith a dhéanamh de na daltaí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu.

Tá cuid mhaith taighde foilsithe le deich mbliana anuas a thugann léargas dúinn ar an staid leochaileach ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus an t-aistriú teanga i dtreo an Bhéarla atá ag dul ar aghaidh (m.sh. Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile, & O'Gorman, 2006; Hickey, 2001; Mac Donnacha et al., 2005; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, & O'Brien, 2007). Thug an taighde seo treoir dúinn agus iniúchadh á dhéanamh againn ar limistéir eile. San athbhreithniú a rinneamar, dhíríomar isteach go príomha, dar ndóigh, ar an gcóras oideachais. Bíonn an-tionchar ag fachtóirí eile, áfach, ar nós stádas na teanga ar rath an chórais oideachais do dhaltaí ó chúlra mionteanga. Tá comhdhéanamh an phobail mionteanga fíorthábhachtach freisin mar nach sa scoil amháin a dhéantar forbairt ar scileanna teanga an dalta. Feictear é seo go soiléir sna

scoileanna lán-Ghaeilge, go bhfuil sealbhú an dara teanga teoranta nuair is beag teagmháil a bhíonn ag na foghlaimeoirí leis an sprioctheanga taobh amuigh den scoil (Ó Duibhir, 2009).

Is minic a labhraítear mionteanga i bpobal a bhí faoi chois ag ollstát ar feadh tréimhse roinnt glúin nó ar feadh na gcéadta bliain. Bronnann an taithí seo stádas ar leith ar an mionteanga uaireanta maidir le féiniúlacht an phobail (Nic Eoin, 2011). I limistéir áirithe, bíonn an pobal mionteanga níos tiomanta do chaomhnú na teanga mar gur bealach atá ann chun iad féin a dhealú amach ó mhórphobal nach mbraitear atá mar a chéile leo ó thaobh cultúir nó oidhreachta de.

Ceisteanna Taighde

Leagadh amach na gnéithe seo a leanas sa chuireadh chun tairisceana agus ba iad a threoraigh an cuardach agus an anailís:

(i) comhthéacs agus stádas na mionteanga sa phobal agus sa chóras oideachais,

(ii) na polasaithe oideachais náisiúnta pleanála agus forbartha maidir le soláthar oideachais trí mhéan na mionteanga don réamhscolaíocht, don bhunscolaíocht agus don iar-bhunscolaíocht,

(iii) na roghanna maidir le cleachtais phleanála, bhainistíochta, theangeolaíochta agus oideolaíochta do sholáthar an oideachais trí mheán na mionteanga ag leibhéal na réamhscoile, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile,

(iv) úsáid agus poitéinseal theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar an oideachais tríd an mionteanga sna comhthéacsanna éagsúla,

(v) na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do scoileanna agus an chaoi a n-eagraítear na seirbhísí sin,

(vi) éifeachtúlacht na bpolasaithe éagsúla stáit, na gcleachtas pleanála, bainistíochta, teangeolaíochta agus oideolaíochta, agus na seirbhísí tacaíochta sna comhthéacsanna éagsúla.

Leagtar amach na tuairiscí ar na réigiúin éagsúla de réir na sé ghné sin.

An Mhodheolaíocht

Rinneamar athbhreithniú ar litríocht ábhartha i dtíortha agus i réigiúin ina bhfuil na comhthéacsanna sochtheangeolaíocha inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta agus oideachas trí mhionteanga á sholáthar iontu. Ba iad na teangacha agus na réigiúin a roghnaíomar ná:

1. an Bhreatnais sa Bhreatain Bheag
2. an Bhascais sa Spáinn
3. an Chatalóinis sa Spáinn
4. Diné nó Navajo i Stáit Aontaithe Mheiriceá
5. an Fhraincis sna réigiúin dhátheangacha i gCeanada
6. an Fhreaslainnis san Ísiltír
7. an Ghàidhlig in Albain
8. an Haváis i Haváí
9. an Māori sa Nua-Shéalainn
10. an tSualainnis san Fhionlainn

Leis an litríocht ábhartha ar na teangacha sin a aimsiú, bhí orainn téarmaí cuardaigh a roghnú. Baintear úsáid as an-chuid téarmaí chun cur síos a dhéanamh ar an saghas oideachais a bhíonn ar fáil i suíomh mionteanga ar nós: 'aboriginal, ancestral, autochthonous, (ex)-colonial, community, critical, diasporic, endoglossic, ethnic, foreign, geopolitical, home, immigrant, indigenous, language other than English, local, migrant, minority, mother tongue, refugee, regional and strategic' (Bale, 2010: 43). Chabhraigh na téarmaí seo linn leis an gcuardach a struchtúrú.

Tugtar cur síos in Aguisín A ar an gcuardach córasach a rinneadh ar réimse leathan de bhunachar sonraí leictreonacha. De réir mar a d'aimsíomar ailt ábhartha, chuardaíomar liostaí na dtagairtí sna hailt sin. Bhaineamar úsáid as Google Scholar agus Google chun teacht ar pholasaithe oideachais na ranna oideachais agus na gníomhaireachtaí curaclaim sna réigiúin éagsúla. Rinneamar teagmháil phearsanta le saineolaithe a bhfuil an-chur amach acu ar na réigiúin seo freisin chun a dheimhniú go raibh na foinsí a bhí aimsithe againn suas chun dáta.

Scrúdaíodh réimse leathan teangacha mionlaigh mar chuid den taighde seo agus roinnt díobh nach raibh fáil éasca ar ábhar bainteach leo trí mheán an Bhéarla, gné a chuir dúshlán romhainn mar thaighdeoirí agus muid ag lorg eolas cothrom le dáta agus iontaofa maidir le soláthar an oideachais trí mheán na teanga sin. I measc na n-ábhar ba choitianta nach raibh aistriúchán ar fáil orthu, bhí: ailt acadúla; láithreáin ghréasáin d'eagraíochtaí oideachais nó eagraíochtaí tacaíochta in earnáil an oideachais; tuairiscí rialtais agus ábhar eile nach iad. D'fhonn na dúshláin sin a shárú, chuathas i dteagmháil le saineolaithe sna réimsí oideachais a d'fhéadfadh na bearnaí san eolas a líonadh, agus i roinnt cásanna, téamaí agus ábhar tábhachtach a aistriú.

Áirítear freisin an easpa teagmhála le saineolaithe sa réimse seo mar chonstaic eile. In éagmais gréasán reatha de shaineolaithe a bhfuil an t-oideachas trí mheán teangacha mionlaigh mar ábhar spéise acu, b'éigean dúinn brath ar ár dteagmhálaithe féin d'fhonn eolas breise a lorg. Níor mhiste a lua freisin gur thug Oifig an Choimisinéara Teanga cabhair freisin agus muid ag lorg teagmhálacha i dtíortha éagsúla a bheadh ar a gcumas eolas a sholáthar sa réimse seo. Cinnte, nuair a chuathas i dteagmháil leis na saineolaithe sin, roinn siad a gcuid eolais linn go fial flaithiúil. De bharr scála cúng ama an taighde, áfach, tharla sé i roinnt cásanna nach raibh deis ag na saineolaithe sin ár gceisteanna a fhreagairt laistigh den am ceadaithe. Dá mbeadh liosta ar fáil de na saineolaithe atá ag

treabhadh sa ghort seo, ba mhór an chabhair é do thionscadail taighde den chineál seo. Ghníomhódh gréasán a chuimseodh na saineolaithe atá ag treabhadh sa ghort seo go mór mar thaca ag tionscadail taighde den chineál seo, agus freisin mar áis ina bhféadfadh rannpháirtithe rochtain shimplí sciobtha a bheith acu ar chomhairle shaibhir agus cothrom le dáta ar an ábhar.

I measc na gconstaicí eile a bhí romhainn agus an taighde seo idir lámha, ba ea an easpa cur síos ar réimsí áirithe den oideachas, go háirithe an freastal a dhéantar ar ghníomhaíochtaí teicneolaíochta faisnéise sa teanga mhionlaigh, agus freisin, na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil do mhúinteoirí. D'fhonn na bearnaí san eolas sin a líonadh, chuathas i mbun plé leis na saineolaithe luaite thuas. Sa chás gur chinn orainn eolas cruinn a aimsiú, luaitear sin go sonrach sa chur síos.

Múnlaí Éagsúla an Oideachais Dhátheangaigh

Bhí ceisteanna téarmeolaíochta go mór chun tosaigh agus muid ag tabhairt faoin saothar seo. Déanann Baker & Jones (1998) cur síos ar an 'tumoideachas' mar chineál oideachais dhátheangaigh láidir. Is minic, áfach, go n-úsáidtear an téarma 'tumoideachas' mar scáth-théarma don iliomad múnlaí oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacsanna éagsúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cuireann sé seo leis an gcastacht a bhaineann le léirbhreithniú litríochta ar an ábhar. In Éirinn, is minic atá múnlaí an tumoideachais comhcheangailte le gluaiseacht na gaelscolaíochta, lasmuigh den Ghaeltacht, ina dtumtar daltaí ó chúlra na mórtheanga tromlaigh (an Béarla go príomha) sa mhionteanga (an Ghaeilge sa chás seo) ón gcéad lá ar scoil. Déantar an tumadh seo do thréimhsí ar leith agus fágtar múineadh an Bhéarla go dtí pointe níos déanaí i saol oideachasúil na ndaltaí. Múintear gach ábhar eile sa churaclam trí Ghaeilge agus spreagtar an Ghaeilge go láidir i ngach gné d'fheidhmiú na scoile chun éiteas agus atmaisféar Gaelach a chothú. I

gcomhthéacs na scoileanna seo, ní chloiseann na páistí an Ghaeilge mar theanga chumarsáide taobh amuigh den chóras oideachais rómhinic agus braitear go bhfuil polasaí tumoideachais fíorthábhachtach mar chúiteamh (Harris, 2008).

I gcomhthéacs na Gaeltachta, ar a bhfuil an léirbhreithniú litríochta seo dírithe, is córas oideachais dhátheangaigh atá i gceist. Tá an téarma 'tumoideachas' tagtha chun cinn, áfach, chun chur síos a dhéanamh ar réimse de mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a fhreastalaíonn ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí. Úsáidtear é uaireanta mar thagairt don chleachtas atá i bhfeidhm i gcuid de scoileanna na Gaeltachta ina bhfágtar múineadh an Bhéarla go dtí pointe níos déanaí sa scolaíocht (Nic Cionnaith, 2008: 62). In ainneoin go bhfuil an focal céanna in úsáid sa dá chás, tá difríochtaí suntasacha, dar linn, idir oideachas dátheangach na Gaeltachta agus tumoideachas na Gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht. I dtaighde comhaimseartha eile faoin nGaeltacht, mar shampla, tá an lipéad 'oideachas sa teanga dhúchais' tagtha chun cinn mar chur síos ar mhúnlaí cothabhála agus oidhreachta a chuirtear i bhfeidhm do dhaltaí Gaeltachta arb í an Ghaeilge a máthairtheanga, ach go háirithe iad siúd atá lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A (féach Ní Shéaghdha, 2010 mar shampla). I gcás an oideachais sa teanga dhúchais, tá sé éagsúil ón tumoideachas sa chaoi agus go bhfuil páistí ó mhionlach teangeolaíochta (an Ghaeilge sa chás seo) ag fáil a gcuid oideachais tríd an teanga mhionlaigh sin.

In aon mhúnla láidir dátheangach, bíonn an dátheangachas suimitheach mar sprioc. Ciallaíonn sé seo go bhfoghlaimíonn duine an T2 gan aon dochar a dhéanamh don T1 (Baker & Jones, 1998). Nuair a chuireann foghlaim an T2 isteach ar shealbhú an T1, tugtar dátheangachas dealaitheach air. Léiríonn an fhianaise is déanaí atá ag teacht chun cinn ar an oideachas Gaeltachta gur dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh, Béarla sa chás seo, atá i gceist agus gur dátheangachas dealaitheach atá ann don teanga mhionlaigh, an Ghaeilge (Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J., 2014). Tá an

córas oideachais Gaeltachta ag cumasú na bhfoghlaimeoirí Gaeilge ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge gan aon dochar dá bhforbairt sa Bhéarla (Shiel, Gilleece, Clerkin, Millar, 2011). Ní hamhlaidh, áfach, do na cainteoirí dúchais toisc nach bhfuil an fhorbairt chuí á déanamh ar a gcumas sa Ghaeilge (Péterváry et al., 2014).

Déanann Landry et al. (2007) idirdhealú idir dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh agus dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh agus is é an dara cineál dátheangachais a theastaíonn sa Ghaeltacht do na cainteoirí dúchais agus dá dtuismitheoirí. I múnlaí oideachais mar seo, déantar iarracht teanga dhúchais an phobail mhionlaigh a chaomhnú agus a fhorbairt tríd an gcóras oideachais (Baker, 2011). Bíonn sé mar bhunaidhm bhreise sna cláir seo, féiniúlacht cultúrtha na bpáistí a láidriú agus an dátheangachas agus an délitearthacht a chur chun cinn (Baker, 2007).

Ba ghéarghá dúinn bheith aireach faoin difríocht seo idir cláir thumoideachais d'fhoghlaimeoirí agus cláir dhátheangacha chothabhála do chainteoirí dúchais nuair a bhí muid i mbun an chuardaigh chórasaigh ar mhaithe le dea-mhúnlaí feiliúnacha a aithint, a mheas agus a chur in oiriúint do chomhthéacs na Gaeltachta. Aithnítear san idirdhealú seo go bhfuil difríochtaí idir riachtanais na bhfoghlaimeoirí Gaeilge taobh istigh de chóras tumoideachais, agus riachtanais na gcainteoirí dúchais i gclár dátheangach cothabhála nó oidhreachta. Aithnítear, chomh maith, go bhféadfadh meascán d'fhoghlaimeoirí agus de chainteoirí dúchais a bheith le chéile in aon suíomh foghlama amháin agus go mbeadh dúshláin oideolaíochta agus bhainistíochta ar leith ag baint lena leithéid de mheascán. Is i gcás mar seo atá catagóiriú na Gaeltachta thar a bheith feiliúnach agus tábhachtach (Ó Giollagáin et al., 2007). Aithnítear sa chatagóiriú seo go bhfuil saintréithe éagsúla teangeolaíochta ag gach catagóir agus go bhfuil riachtanais éagsúla oideachais ag daltaí na gcatagóirí éagsúla dá bharr. Bhí tábhacht an idirdhealaithe sin go mór chun tosaigh le linn

na léirbhreithnithe litríochta seo agus muid ag iarraidh comhthéacsanna nach bhfuil inchomparáide le Gaeltacht na hÉireann a sheachaint.

Nuair a bhreathnaigh muid ar limistéir éagsúla idirnáisiúnta, tugadh faoi deara go raibh go leor de na comhthéacsanna a aontaíodh ag tús an phróisis níos cosúla le comhthéacs an tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht, ná le comhthéacs na Gaeltachta ar ar iarradh orainn ár bpríomhfhócas a dhíriú. Múnlaí tumoideachais go príomha atá i bhfeidhm in Haváí agus sa Nua-Shéalainn, mar shampla, ina bhfuil na cláir bunaithe go príomha ar fhoghlaimeoirí na dteangacha sin, agus cé go bhféadfadh moltaí áirithe teacht chun cinn maidir le soláthar an oideachais tríd an mionteanga do chainteoirí dúchais, ní fhéadfaí a mhaíomh go n-oibreodh gach moladh ó chomhthéacsanna mar seo sa Ghaeltacht.

An Ghaeltacht Chomhaimseartha

Tá castachtaí móra ag baint le staidéar ar an nGaeltacht chomhaimseartha mar cheantar teangeolaíochta agus aithnítear anois go bhfaightear focheantair nó catagóirí éagsúla sochtheangeolaíochta taobh istigh de theorainneacha na Gaeltachta bunaithe ar úsáid na Gaeilge sna háiteanna sin (Ó Giollagáin et al., 2007). I nGaeltacht Chatagóir A, tá an Ghaeilge fós in uachtar mar theanga phobail agus í á labhairt ag 67% nó níos mó den daonra (os cionn 3 bliana) go laethúil. Sa dá chatagóir Gaeltachta eile, Catagóir B agus Catagóir C, tá an Béarla in uachtar mar theanga labhartha an phobail ach amháin go bhfuil an malartú teanga ón nGaeilge i dtreo an Bhéarla níos faide chun cinn i gCatagóir C. In ainneoin an íomhá traidisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann gur cheantair aonteangacha, Ghaelacha iad na Gaeltachtaí, maítear anois gur pobal dátheangach iad muintir na Gaeltachta agus go bhfuil stádas leochaileach teangeolaíochta bainte amach ag sciar maith de. Faoi láthair níl ach 23,175 nó 23.9% de dhaonra na Gaeltachta ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2012). Sna ceantair dhátheangacha seo, aithnítear go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais Ghaeilge ag laghdú (Mac Donnacha et al.,

2005 agus Ó Giollagáin et al., 2007) agus go bhfuil líon na dteaghlach atá ag seachadadh na Gaeilge go dtí an chéad ghlúin eile ag laghdú chomh maith (Ó Giollagáin et al., 2007; Ó hIfearnáin, 2007; Romaine, 2007). Tá caighdeán na hinniúlachta sa Ghaeilge labhartha tar éis titim go suntasach i measc daltaí Gaeltachta (Harris et al., 2006; Mac Donnacha et al., 2005; Péterváry et al., 2014), tá an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chumarsáide i dtromlach na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna ceantair sin ina mbaintear an úsáid is leithne as an nGaeilge (Mac Donnacha et al., 2005) agus tá rian an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge pháistí na Gaeltachta (Lenoach, Ó Giollagáin & Ó Curnáin, 2012). Tá sé maíte ag Ní Shéaghdha (2010), ar ndóigh, go bhfuil líon na ndaltaí bunscoile a labhraíonn an Ghaeilge mar chéad teanga faoi bhun 1,000 sna ceantair Ghaeltachta is treise. Dar le Ó Giollagáin et al. (2007) go dtacaíonn an córas bunoideachais, faoi mar atá sé sa Ghaeltacht sa lá atá inniu ann, le lagú Ghaeilge na ndaltaí, arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, toisc go ndéantar sóisialú na bpáistí trí Bhéarla de ghnáth. Tá tuairimíocht tagtha chun cinn in áiteanna go gcaithfear 'dún daingean Gaeilge' a dhéanamh de gach scoil Ghaeltachta agus gan ligean d'aon seomra ranga sa Ghaeltacht a bheith ina sheomra dátheangach (Ní Fhinneadha, 2012: 8). Mar thacaíocht do scoileanna Gaeltachta a ndualgas reachtúil i leith na Gaeltachta faoin Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh, agus mar chuid den phróiseas pleanála teanga faoi fhorálacha na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010) agus Acht na Gaeltachta 2012, bhraith Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta (2013) go raibh gá le teimpléad de pholasaí Gaeilge do bhunscoileanna na Gaeltachta agus dhear siad polasaí dá réir.

Anuas ar an dúshlán seo, ní féidir linn a bheith ag maíomh go bhfuil siollabas Ardteistiméireachta oiriúnach ar fáil do riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge. Tá siollabas i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar chaighdeán an chainteora T2 agus nach bhfuil dúshlánach don chainteoir dúchais. Is sampla é seo den dátheangachas suimitheach don

teanga thromlaigh nach gcothaíonn an délitearthacht go leibhéal a mbeifí ag súil leis ó chainteoir dúchais. Ní fios an bhfuil tionchar ag an easpa dúshláin seo ar leibhéal na bunscolaíochta, ach is eol dúinn ón taighde is déanaí (Péterváry et al., 2014), go bhfuil caighdeán teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge bunscoile níos forbartha sa Bhéarla ná sa Ghaeilge. Mura ndéantar beart práinneach chun an meath ar Ghaeilge na gcainteoirí dúchais a stopadh, is beag seans go mbeidh an ghlúin seo sásta, nó in ann, an Ghaeilge a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile.

Acht Oideachais 1998 agus Acht na Gaeltachta 2012

Leagtar dualgas ar scoileanna Gaeltachta faoi Acht Oideachais, 1998, '(j) cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta; (k) riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí' (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998, Alt 6 (j,k)). Luaitear an córas oideachais Gaeltachta freisin in Acht na Gaeltachta 2012. Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tabharfar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta ar na ceantair reatha Ghaeltachta agus iarrfar orthu critéir áirithe phleanála teanga a shásamh d'fhonn an stádas sin a choinneáil. I measc na gcritéar pleanála teanga, ní mór go mbeadh 'oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge' (Acht na Gaeltachta 2012, Alt 12 (b)), ach ní léir ó fhoclaíocht an Achta gur critéar éigeantach é sin. Ní dhéantar sainiú ach an oiread ar cén céatadán den oideachas a bheadh ar fáil trí Ghaeilge chun an critéar seo a shásamh ná cén múnla a chuirfí i bhfeidhm chun an soláthar oideachais trí Ghaeilge a mheas. Is é seo an t-aon tagairt don oideachas atá san alt, agus is léir go mbaintear feidhm as an oideachas trí Ghaeilge mar tháscaire d'fhonn Gaeltacht a shainiú seachas mar ghné lárnach de shaol agus d'fheidhmiú an phobail sin.

Maíonn Mac Donnacha et al. (2005) nach 'gnó do na scoileanna amháin' an Ghaeilge a choinneáil beo sa Ghaeltacht toisc go mbaineann 'an cúram seo leis na heagraíochtaí uile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht' (Mac Donnacha et al., 2005: 137). Leagtar

an dualgas seo go hoifigiúil ar an bpobal in Acht na Gaeltachta 2012 mar a léirítear thuas. Glactar leis mar sin go bhfuil ról lárnach ag an gcóras oideachais sa phleanáil teanga chomhtháite chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach oiriúnach oideachais 'trí mheán na Gaeilge' i bhfeidhm sa Ghaeltacht nach sáróidh bunchritéar an Achta chun stádas Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a bhaint amach. San áireamh sa phobal Gaeltachta seo, tá eagraíochtaí, grúpaí, agus gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil ról lárnach acu uile sa phleanáil teanga chomhtháite, agus tá an córas oideachais i gcroílár an chaidrimh sin.

Ní mór comhthéacs comhaimseartha na Gaeltachta a choinneáil san áireamh agus an t-iniúchadh ar limistéir éagsúla teanga ar fud an domhain á gcíoradh thíos. Déantar moltaí sa chuid deiridh den athbhreithniú seo, bunaithe ar a bhfuil léite againn faoi chórais oideachais do mhionteangacha ar fud an domhain. Is dóigh linn dá gcuirfí na múnlaí is láidre thíos i bhfeidhm le toil an phobail go gcabhródh sé le staid na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta a fheabhsú. Má tá meath na Gaeilge sa Ghaeltacht trí chéile le stopadh, teastaíonn beartas cuimsitheach poiblí faoi mar a thuairiscímid a bheith i bhfeidhm i limistéir eile.

Iniúchadh ar na limistéir

1. An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Sa bhliain 2003, foilsíodh *Iaith Pawb*, straitéis náisiúnta teanga na Breataine Bige inar rianaíodh spriocanna teanga an rialtais i réimsí uile na sochaí, an t-oideachas Breatnaise san áireamh. Maíodh go raibh ról lárnach ag an gcóras oideachais an dátheangachas a chur chun cinn sa tír, go háirithe sna ceantair sin nach raibh an teanga á labhairt go forleathan i measc an phobail (Llywodraeth Cynuliad Cymru / Welsh Assembly Government, 2003: 37). Ainneoin uaillmhianta na straitéise sin, de bharr easpa spriocanna sainiúla agus scála ama daingean, níor éirigh le *Iaith Pawb* na huaillmhianta sin uile luaite a bhaint amach agus

cuireadh deireadh lena chur i bhfeidhm sa bhliain 2012. Tháinig '*A living language: a language for living - Welsh Language Strategy 2012–17'* sna sála ar *Iaith Pawb*. Díríonn an straitéis seo ar dhá sprioc faoi leith: an sealbhú teanga sa bhaile agus sa chóras oideachais; agus ag cur úsáid na teanga chun cinn trí nithe áirithe a chur i bhfeidhm a d'éascódh an úsáid sin i réimsí uile na sochaí (Llywodraeth Cynuliad Cymru, 2012: 14).

Léirítear i ndaonáireamh na Breataine Bige 201, go bhfuil ar chumas 562, 000 duine sa Bhreatain Bheag, nó 19% den daonra, an Bhreatnais a labhairt, agus áirítear an céatadán is airde de chainteoirí i measc gasúr idir cúig agus cúig bliana déag d'aois, a bhuíochas sin do churaclam náisiúnta na tíre agus an Bhreatnais mar ábhar éigeantach ann. Sonraítear an céatadán is ísle cainteoirí san aoisghrúpa idir scór agus ceithre bliana fichead d'aois, fíric a léiríonn chomh tapa agus a thiteann an leibhéal cumais teanga tar éis do dhaltaí an iar-bhunscoil a fhágáil. Sonraítear an líon is airde cainteoirí Breatnaise agus an leibhéal cumais is airde sa teanga i dtuaisceart na tíre sna ceithre chontae ina bhfuil an teanga á labhairt iontu le fada: Ynys Môn, Gwynedd, Ceredigion agus Carmarthenshire. Tá 62% de dhaltaí bunscoile, a bhfuil an teanga á labhairt go líofa ag baile acu, ag cur fúthu sna ceantair sin (Jones, 2012). Ar ndóigh, ní mór súil ghéarchúiseach a chaitheamh ar na figiúirí seo de bhrí gur féintuairisciú atá i gceist, agus dá bhrí sin, nach léargas cruinn iad ar nósmhaireachtaí teanga na Breataine Bige.

Tá an inimirce ag cur as go mór do phobal labhartha na Breatnaise agus do chaomhnú na gceantar traidisiúnta Breatnaise, Y Fro Gymraeg. Is iondúil go bhfágann cainteoirí óga na ceantair seo ar thóir oibre sna bailte móra agus go dtagann líon ard daoine chun cónaithe in Y Fro Gymraeg nach bhfuil leibhéal ard cumais sa teanga acu. Fágann sin go bhfuil líon na gcainteoirí Breatnaise in Y Fro Gymraeg ag titim le blianta anuas agus an Bhreatnais mar theanga bheo phobail i mbaol dá réir.

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Tá an t-oideachas dátheangach lárnach i sochaí na Breataine Bige ó lár an chéid seo caite ar aghaidh agus bunaíodh an chéad scoil stáit, ina raibh an Bhreatnais in úsáid mar theanga teagaisc, sa bhliain 1947 (Lewis, 2006). Bhí mar aidhm ag na scoileanna seo, i dtosach báire, oideachas trí mheán na Breatnaise a sholáthar i gceantair láidir Bhreatnaise na tíre ina raibh an teanga sin mar chéad teanga ag formhór na ndaoine. Sa lá atá inniu ann, áfach, is é an Béarla atá mar chéad teanga ag formhór na ndaltaí a dhéanann freastal ar scoileanna Breatnaise (Lewis, 2008; May, 2000).

Feidhmíonn an córas oideachais reatha faoi scáth an Education Act 2002 ina luaitear: 'a school is Welsh-speaking if more than one half of the following subjects are taught (wholly or partly) in Welsh: (a) religious education, and (b) the subjects other than English and Welsh which are foundation subjects in relation to pupils at the school.' (http://www.legislation.gov.uk/ukpga/2002/32/section/105). Polasaí eile a thacaíonn leis an gcóras oideachais Breatnaise an *Welsh-medium Education Strategy 2010*, ina rianaítear an ról láidir atá ag an gcóras oideachais Breatnaise i gcur chun cinn na Breatnaise i ngach réimse de shochaí na Breataine Bige. Níor mhiste a lua gur cumas Breatnaise i gcomhair an dátheangachais a chuirtear chun cinn sa straitéis seo, agus sa chóras oideachais i gcoitinne dá réir.

Deacracht shuntasach leis an gcóras reatha oideachais Breatnaise an doiléire a bhaineann leis an sainmhíniú a dhéantar ar an soláthar dátheangach, toisc go rangaítear gach scoil mar scoil dhátheangach beag beann ar chomhdhéanamh na scoile sin ó thaobh cainteoirí T1 agus T2 Breatnaise. Is dúshlán é seo, ar ndóigh, don chomparáid a bheadh ar bun idir comhthéacs na Breataine Bige agus na Gaeltachta, toisc nach sainítear scoileanna Gaeltachta mar scoileanna dátheangacha, ná ach an oiread mar scoileanna sainithe tumoideachais Gaeilge.

Sa lá atá inniu ann, tuigtear go bhfuil 7.6% de dhaltaí bunscoile ag tabhairt faoin oideachas Breatnaise ar bhonn oidhreachta nó cothabhála sna scoileanna traidisiúnta Breatnaise. Is í an Bhreatnais céad teanga na ndaltaí seo agus a bhformhór ina gcónaí sna ceantair is láidre Breatnaise i dtuaisceart na tíre (Lewis, 2008: 77). Ainneoin sin, tuigtear, mar sin féin, go bhfuil líon níos airde daltaí nach í an Bhreatnais a dteanga baile ag freastal ar na scoileanna sin ná a mhalairt, gné a chuireann dúshlán suntasach roimh mhúinteoirí agus lucht bainistíochta na scoileanna sin.

Is iad na daltaí sin agus na scoileanna traidisiúnta Breatnaise is fearr a oireann don anailís seo agus ábharthacht chleachtais na Breataine Bige don chomhthéacs oideachais Gaeltachta á iniúchadh. Mar sin, is ar an gcomhthéacs sin amháin a bheifear ag díriú sa chur síos seo.

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Déantar iarracht cur chuige teagaisc dátheangach a chur i bhfeidhm i gcóras oideachais na Breataine Bige agus an dá theanga in úsáid mar mheáin teagaisc ag amanna éagsúla. Glactar leis gur chóir ar a laghad 70% den am a chaitheamh ar theagasc trí mheán na Breatnaise má táthar chun leibhéal sásúil líofachta a bhaint amach, agus an treoir seo leagtha síos don oideachas bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil (Llywodraeth Cynuliad Cymru, 2010: 8). Is faoi dhiscréid na scoile agus an údaráis áitiúil oideachais, áfach, atá sé an cur chuige seo a chur i bhfeidhm. D'fhonn dalta a chur in oiriúint don chóras seo mar sin, ní mór líofacht a bheith aige i dteanga amháin agus cur amach bunúsach aige ar an teanga eile. Dóibh siúd a bhfuil an Béarla mar theanga teaghlaigh acu, mar sin, is leor cur amach bunúsach ar an mBreatnais chun feidhmiú sa scoil thraidisiúnta Bhreatnaise (Ní Thuairisg agus Ó Giollagáin, 2008).

Maidir leis an soláthar a dhéantar don oideachas trí Bhreatnais, glactar leis go ginearálta gur féidir sainiú a dhéanamh ar scoileanna na Breataine Bige bunaithe ar thrí mhúnla faoi leith:

- Scoileanna traidisiúnta Breatnaise a ghlacann le daltaí beag beann ar a gcúlra teangeolaíoch agus ina ndéantar an teagasc, den chuid is mó, trí Bhreatnais nuair a cheadaíonn comhdhéanamh an ranga é sin agus go dátheangach nuair atá meascán de chumas Béarla agus Breatnaise i gceist.

- Scoileanna sainithe Breatnaise a dhéanann freastal ar raon leathan daltaí agus ina leantar múnla foirmiúil tumoideachais. Déantar an teagasc trí Bhreatnais go dtí go mbíonn an dalta seacht mbliana d'aois agus leantar múnla oideachais dhátheangaigh ina dhiaidh sin.

- Scoileanna lán-Bhéarla a dhéanann an teagasc trí mheán an Bhéarla agus an Bhreatnais á teagasc mar ábhar tánaisteach.

Mar atá luaite, is iad na scoileanna traidisiúnta Breatnaise is fearr a oireann don anailís atá idir lámha sa tuairisc seo ó tharla na cosúlachtaí eatarthu féin agus scoileanna na Gaeltachta. Mar sin fágfar scoileanna sainithe Breatnaise agus scoileanna lán-Bhéarla as an áireamh sa tuairisc seo ó tharla a mí-ábharthacht don phlé faoi chaibidil.

Tá na scoileanna traidisiúnta Breatnaise, faoi mar atá i gcás scoileanna na Gaeltachta, go hiomlán faoi chomaoin ag an gcomhdhéanamh pobail ina dtimpeall, agus dar le Lewis nach bhfuil cosaint teanga ar bith ar fáil dóibh dá bharr. Go deimhin, is ionann an múnla traidisiúnta agus múnla Béarla i líon suntasach cásanna toisc tromlach láidir cainteoirí Béarla sa phobal, a éilíonn agus, dá bhrí sin, a thiomáineann an soláthar oideachais Béarla (Lewis, 2007).

Maidir leis an oideachas réamhscolaíochta, is í an eagraíocht *Mudiad Meithrin* a dhéanann cúram de sin sa Bhreatain Bheag faoi láthair agus é mar aidhm ag an eagraíocht tumoideachas agus tacaíocht Bhreatnaise a chur ar fáil do pháistí, beag beann ar an teanga baile atá acu (Jones, 2001; Hickey, Lewis & Baker, 2013: 2). Is dhá phróiseas faoi leith atá ag dul ar aghaidh ag an leibhéal réamhscolaíochta ó thaobh na Breatnaise de: cothabháil teanga agus tumoideachas. Tugtar faoin gcothabháil teanga leis na leanaí sin arbh í an Bhreatnais an teanga baile agus cuirtear múnla tumoideachais ar fáil do na leanaí sin nach bhfuil réamheolas acu ar an teanga (Jones, 2001: 14).

Ainneoin an dá phróiseas éagsúla luaite thuas, is iondúil go mbraitheann an cur i bhfeidhm ar chomhdhéanamh na *cylchoedd meithrin*[1] ach go bhfuil iallach ar cheannairí agus ar áisitheoirí na ngrúpaí freastal ar riachtanais éagsúla teanga agus oideachais na bpáistí. Cuireann an t-imeascadh seo brú suntasach ar an gcóras féin agus, ar ndóigh, ar na páistí, go háirithe de bhrí go bhfuil claonadh i measc páistí, a labhraíonn an teanga mhionlaigh mar chéad teanga, iompú ar an mórtheanga chun riachtanais shóisialaithe an ghrúpa a shásamh (Hickey et al., 2013: 3). Cleachtas é seo, ar ndóigh, a chuireann isteach go mór ar an bpróiseas cothabhála teanga, agus atá le sonrú freisin i gcóras oideachais na Gaeltachta, agus múinteoirí faoi bhrú ag iarraidh freastal ar ghrúpa amháin a bhfuil leibhéal cumais éagsúil sa teanga acu, agus ar ndóigh, riachtanais éagsúla dá réir. Fillfear ar an bpointe seo níos deireanaí sa phlé.

Maidir leis an gcóras bunscolaíochta, is oideachas dátheangach arís atá i gceist de réir churaclam na tíre, agus an Bhreatnais agus an Béarla ar chomhchéim sna scoileanna uile. Tuigtear mar sin féin nach mar a chéile staid na teanga i gceantair éagsúla agus sonraítear na héagsúlachtaí sin i gcur i bhfeidhm pholasaí dátheangach na scoileanna éagsúla (Lewis, 2007). Cuirtear an-bhéim ar an dátheangachas agus an t-ionchas ann go

[1] Grúpaí súgartha trí Bhreatnais

mbeidh líofacht sa teanga, idir léamh, labhairt, agus scríobh sa dá theanga ag gach páiste agus iad ag fágáil na bunscoile, ag aois a 11 nó ag deireadh Eochairchéim 2 (Williams, 2000: 130).

Glactar leis, áfach, nach gcuirtear tús le teagasc an Bhéarla sna scoileanna sin ina bhfuil an Bhreatnais mar mheán teagaisc iontu go dtí go mbíonn an dalta seacht mbliana d'aois nó mar sin (Jones, 2001: 15). Maidir le sainiú na scoileanna sin sna ceantair láidre Bhreatnaise, is amhlaidh go mbronntar an teideal 'scoileanna dátheangacha' ar bhunscoileanna uile an cheantair, agus forálacha i bpolasaí an údaráis áitiúil ina dtugtar stádas cothrom don Bhreatnais agus don Bhéarla mar theangacha teagaisc sna scoileanna, fiú sna ceantair is láidre Breatnaise (Ní Thuairisg, 2012).

Is ag an iar-bhunleibhéal is mó a fheictear briseadh sa leanúnachas maidir leis an bhfreastal a dhéantar ar an oideachas trí Bhreatnais (Redknap, 2006) agus é ag teip ar na hiar-bhunscoileanna an dea-obair, a rinneadh le linn na tréimhse réamhscolaíochta agus bunscolaíochta, a láidriú ná a bhuanú (Williams, 2000: 131). Athraíonn líon suntasach daltaí ó staidéar trí Bhreatnais go staidéar trí Bhéarla agus iad ag aistriú ó Eochairchéim 2 go hEochairchéim 3 .i. ón mbunscoil go dtí an mheánscoil. Leanann an titim seo i staidéar trí Bhreatnais idir Eochairchéim 3 agus Eochairchéim 4 freisin (Welsh Assembly Government, 2010). Tá an nósmhaireacht seo freisin luaite sa *Welsh-medium Education Strategy 2010* agus é mar sprioc sa straitéis an titim seo a laghdú. Tagraíonn Lewis (2007) de thuairimí Estyn go bhfuil de nós ag príomhoidí iar-bhunscoile i gceantair láidre Bhreatnaise ligean do dhaltaí tabhairt faoin mBreatnais mar dhara teanga d'fhonn borradh a chur faoi thorthaí san ábhar sin. Cé go n-éiríonn le daltaí marcanna arda a ghnóthachtáil i measúnaithe na Breatnaise mar T2, ní thagann forbairt ar bith ar a gcuid Breatnaise mar chéad teanga (Lewis, 2007). Tá an cleachtas seo cáinte ag Estyn ach cuireann sé le líon na ngrád 'A' ag na scoileanna. Sonraítear an neamhleanúnachas seo i mórán gach réigiún sa

Bhreatain Bheag, ach níos forleithne sna ceantair ina bhfuil an Bhreatnais in uachtar mar theanga phobail (Redknap, 2006: 12). Mar atá i gcás na Gaeilge in Éirinn, is ábhar éigeantach den churaclam í an Bhreatnais ag an dara leibhéal. Sna hiar-bhunscoileanna sna ceantair is láidre Breatnaise, ceadaítear don dalta leanúint leis an gcuraclam leis an mBreatnais mar phríomhtheanga teagaisc, nó gabháil don churaclam trí mheán an Bhéarla agus staidéar a dhéanamh ar an mBreatnais mar dhara teanga.

Is iondúil go mbíonn ar iar-bhunscoileanna traidisiúnta Breatnaise sruth Breatnaise a chur ar fáil. De bhrí go n-iompaíonn an oiread sin daltaí ar an mBéarla de réir mar a théann siad ar aghaidh sa chóras iar-bhunscolaíochta, cuirtear na sruthanna ar fáil mar rogha Breatnaise sna ceantair Bhreatnaise, de bharr an tóir atá ar an oideachas trí mheán an Bhéarla ag an leibhéal seo. Cuirtear roinnt ábhar ar fáil trí Bhreatnais (sa sruth) agus tugann roinnt daltaí fúthu seo.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Ainneoin go gcuireann eagraíochtaí áirithe mar Cynnal áiseanna ar fáil ar líne a thacaíonn leis an oireachas Breatnaise (www.cynnal.co.uk), is beag eolas eile atá ar fáil maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar an oideachais Bhreatnaise.

Seirbhísí Tacaíochta

Nuair a chaitear súil ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil laistigh den chóras oideachais Breatnaise, is iondúil gur seirbhísí iad seo a dhíríonn ar chumas Breatnaise na gcainteoirí T2 a fhorbairt. Ina measc siúd, tá ionaid sealbhaithe teanga ann a chuireann cúrsaí diansealbhaithe teanga ar fáil do dhaltaí nach bhfuil ardchumas Breatnaise acu ach atá le freastal ar scoil ina bhfuil an Bhreatnais in úsáid mar mheán teagaisc agus foghlama. Ainneoin bhuntáistí na n-ionad seo do shealbhú teanga na ndaltaí sin, léiríonn taighde ar an ábhar nach bhfuil sealbhú iomlán na Breatnaise mar sprioc ag an gcóras ach an méid sin

sealbhaithe a bheadh de dhíth go mbeadh ar chumas na ndaltaí a bheith páirteach i gcóras oideachais dhátheangaigh. Ní córas é ach an oiread a dhéanann freastal ar dhaltaí réamhscoile ná ar dhaltaí iar-bhunscoile níos sine ná 14 bliana d'aois, ná ar dhaltaí a fuair a gcuid oideachais go dtí sin sa Bhreatain Bheag (Ní Thuairisg, 2012: 189).

Cuirtear seirbhís tacaíochta freisin ar fáil do mhúinteoirí Breatnaise chun cabhrú leo agus iad ag iarraidh sealbhú na Breatnaise a chur chun cinn. Múinteoirí taistil iad an *Athrawon Bro* a thugann cuairt ar na scoileanna ag soláthar seirbhís chúnta teanga do theagascóirí Breatnaise agus iad ag iarraidh an teanga a mhúineadh do dhaltaí bunscoile. Tá mar aidhm ag an tseirbhís an dátheangachas a chur chun cinn i dtimpeallacht na scoile, i dtaca le polasaí teanga an údaráis áitiúil, agus cabhair bhreise a chur ar fáil do theagascóirí nach bhfuil líofacht iomlán acu féin sa teanga (Jones, 2001). Is seirbhís í seo a dhéanann freastal ar chainteoirí Breatnaise T2, múinteoirí agus daltaí, agus mar sin, cé gur maith ann seirbhís tacaíochta dá leithéid, ní léir go bhfuil cabhair phraiticiúil ar fáil ón tseirbhís do na daltaí ná do na múinteoirí arbh í an Bhreatnais mar T1 príomhchúram an oideachais acu (Ní Thuairisg, 2012).

Déantar cúram den oideachas speisialta sa *Special Educational Needs (SEN) Code of Practice* a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2002 agus leagtar cúram an oideachais speisialta ar pháirtithe leasmhara uile an chórais oideachais. Sa bhliain 2012, cuireadh na húdaráis oideachais áitiúla san áireamh i measc na bpáirtithe leasmhara seo. Ainneoin go bhfuil sainiú déanta ar an bhfreagracht, is ann go fóill d'easnaimh sa soláthar seo, go háirithe do dhaltaí nach é an Béarla an teanga baile acu.

Sa bhliain 2003, chuir rialtas na Breataine Bige tús le próiseas athbhreithnithe ar an bhfreastal a rinneadh i gcóras oideachais na tíre ar dhaltaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu, ach i gcás na dtuismitheoirí nárbh é an Béarla an teanga a bhí acu, níor mhaígh ach aon trian díobh go raibh fáil éasca acu ar na seirbhísí seo (Clark & Waller,

2007: 153). Cé go raibh ganntanas seirbhísí sa réimse seo forleathan sa chóras oideachais, bhí sé le brath go láidir i soláthar na seirbhísí Breatnaise, go háirithe i gcás teiripeoirí urlabhra (Llywodraeth Cynuliad Cymru, 2004: 9 - 18). Maíodh sa tuairisc freisin gur mhéadaigh an t-éileamh ar an oideachas Breatnaise ag ráta ní ba thapúla ná soláthar na gcleachtóirí oideachais a bheadh ar a gcumas seirbhísí a sholáthar do dhaltaí, a raibh riachtanais speisialta oideachais acu, trí mheán na Breatnaise (Llywodraeth Cynuliad Cymru, 2004: 36).

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Deacracht shuntasach a bhaineann le meas a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcleachtas luaite anseo is ea an easpa fianaise atá ar fáil maidir leis an éifeachtúlacht sin i bhfoirm taighde nó i bhfoirm trialacha meastóireachta ar fheidhmiú an chórais féin. Cuirtear leis an deacracht seo go mór de bhrí gur córas dátheangach atá i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag ina bhfuil forbairt an Bhéarla agus na Breatnaise mar sprioc ag an gcóras ag gach aon leibhéal. Is cur chuige é seo atá dírithe den chuid is mó ar chainteoirí T2 na Breatnaise ó tharla uileláithreacht an Bhéarla i ngach réimse den phobal, gné a chinntíonn forbairt Bhéarla na ndaltaí ach a chuireann forbairt Bhreatnaise na ndaltaí i mbaol.

Feictear seo go mór agus daltaí á n-imeascadh i dtimpeallacht an tseomra ranga, gné a dtarraingíonn Hickey, Lewis agus Baker aird uirthi (Hickey, Lewis & Baker, 2013). Tarraingíonn Hickey et al., (2013) aird ar na grúpaí réamhscolaíochta sin a bhfuil móramh de chainteoirí T1 Breatnaise iontu (38.5%), grúpaí a bhfuil líon cothrom de chainteoirí T1 agus T2 Breatnaise iontu (11%) agus grúpaí a bhfuil móramh de chainteoirí T2 Breatnaise iontu (50.5%) (Hickey et al., 2013: 5). Is léir ón taighde seo go gcothaíonn an t-imeascadh teangeolaíochta, ní hamháin dúshlán don soláthar oideachais agus teanga, ach, chomh maith leis sin, doiléire i measc oideachasóirí na ngrúpaí, maidir leis na modheolaíochtaí teanga agus oideachais is éifeachtaí d'fhonn sealbhú agus forbairt na teanga don dá ghrúpa a

chinntiú. Cé go n-admhaíonn ceannairí na ngrúpaí go bhfuil polasaí teanga i bhfeidhm, is minic, de réir údair an taighde, go n-iompaítear ar an mBéarla i gcomhrá leis na cainteoirí T2 chun a dtuiscint ar an ábhar idir lámha a chinntiú, ainneoin gur próiseas tumoideachais atá i bhfeidhm (Hickey et al., 2013: 11). Nósmhaireacht eile sna grúpaí seo freisin a laghad machnaimh a dhéantar agus imeascadh cainteoirí T1 agus T2 ar bun, agus cainteoirí T1 go minic á gcur le grúpa T2 in aon turas, chun leibhéal cumais an ghrúpa sin a fheabhsú nó a ardú (Hickey et al., 2013: 12). Fágann sé seo go bhfuil líon suntasach de cheannairí na ngrúpaí sin, ina gcuimsítear cainteoirí T1 mar mhionlach, den tuairim gur beag forbairt atá de dhíth ó chainteoirí T1 ina dteanga dhúchais toisc go bhfuil comparáid éagothrom ar siúl idir na leanaí uile agus cumas teanga faoi chaibidil (Hickey et al., 2013: 13). I measc na gcleachtas eile a bhíonn in úsáid, a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar fhorbairt teanga chainteoirí T1, tá aistriúchán rialta ó bhéal ón mBreatnais go Béarla agus códmheascadh na n-áisitheoirí (Hickey et al., 2013: 15-17). Is léir ó anailís Hickey et al. (2013) go bhfuil impleachtaí tromchúiseacha leis an imeascadh, tráth nach bhfuil an oiliúint chuí curtha ar bhainisteoirí an imeasctha sin, mar atá, na hoideachasóirí.

Maidir le forbairt ghairmiúil rannpháirtithe an chórais oideachais Bhreatnaise, fógraíodh i mí na Samhna 2013 go raibh breis maoinithe á cur ar fáil ag rialtas na Breataine Bige thar thréimhse trí bliana chun tacú le cleachtóirí oideachais ar mian leo a gcaighdeán Breatnaise a fhorbairt agus a fheabhsú. Scéim shabóideach a bhí i gceist le *Un, Dau, Tri – Hwyl A Sbri* dírithe orthu siúd ag gach leibhéal oideachais a bhfuil an teagasc trí Bhreatnais mar chuid lárnach dá bpost, d'fhonn muinín a thabhairt dóibh as a gcumas teanga agus iad i gcuideachta daltaí óga.

(http://wales.gov.uk/newsroom/welshlanguage/2013/131129teachers/?lang=en).

Níor mhiste a lua, áfach, gur forbairt ar chumas na Breatnaise amháin atá i gceist anseo agus ní forbairt na feasachta ina measc siúd a bhfuil cúram an oideachais Bhreatnaise orthu,

cleachtas atá ag teastáil go géar sa chóras reatha (Baker & Prys Jones, 1998; Redknap, 2006; Hickey et al., 2013).

Tátal

Is iomaí cosúlacht idir córas oideachais Breatnaise na Breataine Bige agus córas oideachais na Gaeltachta, go háirithe de bharr an teanga a bheith in úsáid go fóill mar theanga phobail sna ceantair Y Fro Gymraeg, agus ar ndóigh i scoileanna áitiúla na gceantar sin. Mar aon le cás na hÉireann, tá borradh as cuimse tagtha ar an tumoideachas sa tír agus líon na scoileanna, ina bhfuil an Bhreatnais á teagasc i múnla an tumoideachais do chainteoirí T2, ag fás bliain i ndiaidh bliana. Éagsúlacht shuntasach amháin idir an dá chóras, áfach, an sainiú leathan a dhéantar ar an gcóras mar chóras dátheangach. Is cleachtas é seo a chuireann cosc ar an bhfreastal ar riachtanais teanga chainteoirí T1 laistigh den chóras oideachais, ó tharla go bhfuil an córas den chuid is mó dírithe ar riachtanais an chainteora T2 Breatnaise. Ach an oiread le scoileanna na Gaeltachta, is ag brath ar chomhdhéanamh an phobail atá na scoileanna áitiúla den chuid is mó, maidir le soláthar an oideachais Bhreatnaise. A luaithe is a thagann athrú ar an gcomhdhéanamh sin, tagann athrú ar chleachtais agus ar fheidhmeanna na scoileanna áitiúla, gné a chuireann sealbhú agus saibhriú teanga dhaltaí T1 agus T2 na scoile i mbaol. Cé nach sainiú leathan atá i gceist i gcás an oideachais Ghaeltachta, eascraíonn dúshláin shuntasacha as an easpa sainmhínithe mar sin féin agus tá aineolas ann i measc pháirtithe leasmhara an chórais sin go minic, maidir lena ndualgas agus lena gcearta. (Mac Donnacha, 2005; Ní Shéaghdha, 2010).

Mar sin féin, áirítear go fóill ceachtanna le foghlaim ó chomhthéacs na Breatnaise, go háirithe an ról a thugtar don údarás áitiúil oideachais maidir le riaradh agus bainistiú an chórais ag leibhéal áitiúil. Tugann na húdaráis áitiúla tacaíocht do scoileanna agus iad ag iarraidh an curaclam lárnach agus polasaí náisiúnta dátheangach a leanúint agus a chur in oiriúint dá gcomhthéacs féin. Sampla de seo is ea an plean straitéiseach atá leagtha amach

ag Flintshire County Council (2014) d'fhonn spriocanna an *Welsh-medium Education Strategy 2010* a bhaint amach i gceantar an Údaráis. Tá tacaíocht den chineál seo ag teastáil ó scoileanna Gaeltachta a thabharfadh deis, do pháirtithe leasmhara an chórais, an polasaí náisiúnta oideachais agus teanga a chur in oiriúint don chomhthéacs reatha teanga ina bhfuil siad féin ag feidhmiú i láthair na huaire.

2. An Bhascais agus an Chatalóinis

Is córas scolaíochta aonteangach Spáinnise a bhí i réim sa Spáinn le linn dheachtóireacht Franco (1937-1975) (Pradilla, 2001) agus cé go ndearna tuismitheoirí agus múinteoirí iarracht é seo a leigheas trí thús a chur le scoileanna tumoideachais dá gcuid féin (*Ikastola* i dTír na mBascach), níor tháinig borradh faoi oideachas Bascaise/Catalóinise go dtí gur tháinig Bunreacht na Spáinne ar an bhfód sa bhliain 1978 (Gardner, 2000).

Bunaíodh 17 bpobal neamhspleách ar fud na Spáinne le teacht an bhunreachta agus cé gurbh í an Spáinnis teanga oifigiúil na tíre, tugadh rogha do gach rialtas réigiúnda teanga oifigiúil eile a roghnú chomh maith leis an Spáinnis (Cenoz, 2009; Gardner, 2000, 2005; Lasagabaster, 2001).

An Bhascais

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Labhraítear an Bhascais in dhá phobal neamhspleácha – Pobal Neamhspleách na mBascach (PNB as seo amach) agus Nafarroa ('Navarre' i mBéarla). Tá stádas oifigiúil ag an mBascais sa dá phobal.

Creidtear go bhfuil os cionn 2 mhilliún duine ina gcónaí i bPNB (Cenoz 2008, 2009; Gardner, 2000, 2005; Lasagabaster, 2001) agus is féidir le 30.1% de dhaonra an phobail an dá theanga oifigiúla a labhairt (Cenoz, 2009).

Tá Nafarroa roinnte ina trí chuid de réir cúlra teangeolaíochta: (a) ceantar ina labhraítear Bascais (10% de dhaonra Nafarroa) áit a bhfuil an Bhascais ina teanga oifigiúil;

(b) ceantar ina labhraítear an Bhascais agus an Spáinnis (52% den daonra); tá an phríomhchathair, Pamplona, suite sa cheantar seo agus tá an chuid is mó de na seirbhísí poiblí lonnaithe ann; agus (c) ceantar ina labhraítear Spáinnis - 37.2% den daonra (Oroz Bretón agus Sotés Ruiz, 2008). Is í an Spáinnis atá i réim i bpobal Nafarroa, rud a fhágann nach bhfuil ach 10.3% den daonra dátheangach (Oroz Bretón agus Sotés Ruiz, 2008).

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Is sa Dlí le haghaidh Normálú a dhéanamh ar an mBascais (1982) a luaitear féidearthachtaí i dtaobh ceachtar den dá theanga oifigiúla a úsáid mar mheán teagaisc i scoileanna PNB. Deirtear freisin gur cheart go mbeadh, 'sufficient practical knowledge of Basque' (Aldekoa agus Gardner, 2002: 4) ag gach dalta ag deireadh na tréimhse scolaíochta éigeantaí (suas go dtí 16 bliana d'aois). Is as an dlí seo freisin a d'eascair an Fhoraithne Dhátheangach (1983), áit a leagtar amach múnlaí éagsúla dátheangacha le freastal ar rogha tuismitheoirí/daltaí – rogha atá leagtha síos sa reachtaíocht (Gardner, 2000). Cé go bhfuil múnlaí oideachais Nafarroa mórán mar a chéile leis na múnlaí atá i bPNB, is ar bhonn na gceantar éagsúil, seachas ar bhonn theanga na ngasúr, a chuirtear oideachas ar fáil, 'In the Basque Autonomous Community, the pupils' mother tongue determined the model, but in Navarre the pupils' mother tongue is not mentioned in the legislation, and can only be inferred from parents' choice of teaching model'. (Oroz Bréton agus Sotés Ruiz, 2008: 30).

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Tá trí mhúnla dátheangach i bPNB: **Múnla A**: tá an Spáinnis ina meán teagaisc agus tá an Bhascais ina hábhar scoile (3-5 uair an chloig sa tseachtain); **Múnla B**: tá an dá theanga in úsáid mar mheán teagaisc agus tá an dá theanga ina n-ábhair scoile; agus **Múnla D**: tá an Bhascais ina meán teagaisc agus tá an Spáinnis ina hábhar scoile (4-5 uair an chloig sa tseachtain).

Tá na trí mhúnla seo ar fáil ag gach leibhéal den tréimhse scolaíochta éigeantach. Cuirtear tús leis an tréimhse sin ag leibhéal na réamhscolaíochta, áit a mbíonn gasúir idir 3 agus 6 bliana d'aois. Cé go bhfuil na trí mhúnla le fáil freisin ag leibhéal na bunscolaíochta, tá an baol ann nach bhfuil gach múnla le fáil i ngach ceantar. Múintear an Bhascais mar ábhar ag leibhéal na bunscolaíochta ar feadh 3.5-4 uair an chloig sa tseachtain. Cuirtear tús le scolaíocht mheánscoile ag aois 12 agus tagann deireadh leis an tréimhse éigeantach ag aois 16 bliana (tá dhá bhliain eile i gceist ina dhiaidh sin nach bhfuil éigeantach). Tá na trí mhúnla oideachais le fáil le linn na tréimhse éigeantaí ag leibhéal na meánscoile agus arís múintear an Bhascais mar ábhar ar feadh 3.5 uair an chloig sa tseachtain. Ní chuirtear múnla A ar fáil sa dá bhliain deiridh (16-18 mbliana) den scolaíocht mheánscoile, de bharr go gcreidtear go mbeidh dóthain Bascaise ag daltaí ag an staid seo le freastal a dhéanamh ar an dá mhúnla eile (Gardner et al., 2005).

Is ag díriú ar chainteoirí dúchais a bhíothas agus Múnla D á chur i dtoll a chéile ach go bhfuil athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh dhaltaí na scoileanna seo ó shin i leith. Tá ardú tagtha ar líon na ndaltaí le Bascais mar T2 a dhéanann freastal ar an múnla seo, rud a fhágann go bhfuil meascán cumais le fáil i seomraí ranga na scoileanna seo. Is tumoideachas atá ann do lucht T2 agus cothabháil teanga atá ann do lucht T1 na Bascaise (Aldekoa agus Gardner, 2002; Gardner, 2000; Zalbide agus Cenoz, 2008; Cenoz 2009).

Feictear cosúlachtaí, mar sin, idir cás na scoileanna Gaeltachta agus Múnla D na Bascaise. Mar atá i Múnla D na Bascaise, is meascán de chainteoirí T1 agus T2 atá le fáil i scoileanna Gaeltachta sa lá atá inniu ann.

Déanann Gardner et al. (2002) cur síos ar nósmhaireachtaí teanga na ndaltaí atá ina gcónaí i bPNB agus atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil Múnla D á chur ar fáil iontu. Deirtear go labhraíonn cainteoirí Bascaise a dteanga dhúchais taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga i Múnla D, ach de réir mar a théann siad in aois, tagann athrú air

sin. Maidir leo siúd nach í an Bhascais a dteanga dhúchais agus atá ag freastal ar an múnla céanna, braitheann nósmhaireacht na ndaltaí sin ar ghnéithe faoi leith ar nós: (a) comhthéacs na scoile; (b) an teanga baile atá ag daoine eile sa rang; (c) an teanga a labhraíonn páistí taobh amuigh den scoil agus iad i measc a gcairde; (d) an Bhascais sa phobal; agus (e) má tá plean ann do theanga na scoile (normálú). Sa chuid is mó de na scoileanna a bhfuil an dá mhúnla (B agus D) iontu, is í an Spáinnis teanga an chlóis (Gardner, 2000). Tagraíonn Gardner agus Zalbide (2005) don tionchar a bhíonn ag T2 na Bascaise ar chainteoirí dúchais na Bascaise i Múnla D, ar a gcuid foghraíochta, foclóra, gramadaí, agus araile. Creidtear freisin go gcuireann na nithe sin ar bhóthar na Spáinnise iad. Is féidir an méid seo a fheiceáil freisin i gcás na Gaeltachta. Is léir ón taighde a rinne Hickey (1999) ar naíonraí na Gaeltachta, go bhfuil an baol ann gur mó an fhorbairt a bhíonn le feiceáil ar chumas na Gaeilge i gcainteoirí T2 ná i gcainteoirí T1.

De bharr chomhdhéanamh phobal Nafarroa, ní mar a chéile a dhéantar soláthar ar na múnlaí oideachais. Cuirtear múnlaí ar leith ar fáil do na ceantair éagsúla, 'In the distinct language zones established by law, different language models … are applied' (Oroz Bretón agus Sotés Ruiz, 2008). Is é an ceantar ina labhraítear an Bhascais an ceantar is cosúla le cás na Gaeltachta. Is ábhar éigeantach í an Bhascais sa cheantar sin agus tugtar rogha do scoileanna maidir le múineadh trí Bhascais. Mar sin, tá ar gach scoil i Nafarroa, sa cheantar ina labhraítear an Bhascais, Múnla A a chur ar fáil, ach is féidir leo Múnla B agus D a roghnú más maith leo. Is iad Múnlaí A agus D is coitianta sa cheantar sin (Gardner et al., 2005; Oroz Bréton agus Sotés Ruiz, 2008).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Ní léir ón taighde gur ann do scéimeanna ná do pholasaithe a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

Is ar na seirbhísí tacaíochta atá le fáil i bPNB a dhíreofar sa chuid seo den tuairisc.

De bharr na n-athruithe a tháinig i bhfeidhm sa chóras oideachais le teacht an bhunreachta i 1978, ba iad na deacrachtaí ba mhó a bhí ag rialtas PNB, múinteoirí agus ábhar scoile oiriúnach a chur ar fáil sa Bhascais (Gardner, 2000; Aldekoa agus Gardner, 2002).

Chuir Roinn Oideachais PNB tús leis an *IRALE* ag tús na n-ochtóidí chun cúrsaí in-seirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí. Cuireadh cúrsaí teanga ar fáil do lucht T2 na Bascaise agus ranganna litearthachta ar fáil do mhúinteoirí a raibh an Bhascais mar T1 acu (Gardner, 2000). Ce go ndéanann Gardner (2000) tagairt do na cúrsaí teanga seo, ní dhéanann sé cur síos ar na cúrsaí féin ná ar sholáthar na gcúrsaí sin.

Taobh amuigh de na cúrsaí sin, tugtar deiseanna do mhúinteoirí tréimhse a chaitheamh (uasmhéid: trí bliana) mar mhic léinn lán-aimseartha/páirt-aimseartha. Íoctar tuarastal na múinteoirí chomh maith le tuarastal ionadaí do gach múinteoir le linn a gcuid staidéar (Gardner, 2000).

Faoin reachtaíocht a leagadh síos do PNB, cinneadh nach mbeadh ar thuismitheoirí níos mó airgid a íoc ar ábhar scoile Bascaise ná mar a bheadh ar ábhar Spáinnise. Bhunaigh an rialtas clár an *EIMA* sa bhliain 1982 le cúnamh airgid a thabhairt do chruthú ábhair scoile. Cuirtear téacsleabhair scoile, ábhar closamhairc, bogearraí, agus araile ar fáil, agus tugtar grúpaí oibre le chéile chun tuilleadh ábhar a chruthú, 'the Basque Government's support is indispensable, essential and fundamental' (Lasagabaster, 2001: 410). Maidir leis na grúpaí oibre, is múinteoirí den chuid is mó a bhíonn i mbun gnímh agus déantar measúnú ar chaighdeán na hoibre sula n-íoctar an táille deiridh. Tugtar duaiseanna dóibh siúd a rinne ábhar atá ar ardchaighdeán, le spreagadh a thabhairt do lucht a ndéanta (Gardner, 2000; Gardner et al., 2005).

In 2004, tugadh fóirdheontais ar 269 leabhar (nó ábhar clóite eile), 30 físeán, deich gclostéip, cúig ríomhchlár bogearraí, 18 CD-ROM ilmheán agus tugadh 15 dhuais d'ábhar a cruthaíodh tríd an idirlíon (Gardner et al., 2005).

Bunaíodh NOLEGA, aonad beag taobh istigh de Roinn Oideachais PNB, i 1984 le cúnamh a thabhairt le cur chun cinn na Bascaise sna scoileanna. Cuirtear deontais ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcultúr Bascaise (drámaí, amhránaíocht srl.), do ghníomhaíochtaí Bascaise nach cinn acadúla iad, do chuairteanna ar ionaid chónaithe le haghaidh forbairt a dhéanamh ar an teanga, agus do ghréasáin idir daltaí i gcúlraí sochtheangeolaíochta éagsúla. Chomh maith leis sin, tá ceangal déanta ag NOLEGA le cumainn phríobháideacha sa chaoi agus go mbeidh daltaí in ann staidéar a dhéanamh ar scannáin Bhascaise nó go mbeidh siad in ann téacsanna Bascaise a léamh agus bualadh le húdáir mór le rá. Tugtar duaiseanna do chaighdeán na Bascaise sna scoileanna (píosa scríofa sna meánscoileanna agus píosaí labhartha sna bunscoileanna), chomh maith le comharthaí dátheangacha a chur ar fáil do na scoileanna. Cuirtear cúrsaí traenála ar fáil do mhúinteoirí le cúnamh a thabhairt dóibh na scileanna a bheidh ag teastáil do na gníomhaíochtaí thuasluaite a chur i bhfeidhm (Aldekoa agus Gardner, 2002; Gardner, 2000).

Cé go raibh an-éileamh ar na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag NOLEGA, mheas an Roinn Oideachais agus go leor de na scoileanna go raibh rud éigin níos struchtúrtha ag teastáil chun forbairt a dhéanamh ar chur chun cinn na teanga sna scoileanna. Is as sin a tháinig clár an *Ulibarri,* '…the ULIBARRI programme is run by the Education Department of the BAC's Government. It started during the 1996–1997 academic year and aims to revive the use of Basque in schools through developing specific activities. Each school has its own LNP-Language Normalisation Project built on the basis of its own ecosystem, and ULIBARRI brings all these LNPs together under the umbrella of the education system.

ULIBARRI is a language plan prepared by the education system and designed for schools; it encourages the use of Basque through knowledge stemming from the education system and using the LNP as the vehicle' (de Luna et al., 2013).

Déanann Aldekoa agus Gardner (2002) cur síos cuimsitheach ar an gclár, áit a míníonn siad céard iad na dualgais atá ar na gníomhairí ar fad agus cén cineál próisis a bhíonn i gceist. Struchtúr an Chláir:

Tá seacht bpáirtí i gceist sa chlár -

1. An duine atá i gceannas ar an gclár iomlán sa Roinn Oideachais (post lánaimseartha). Bíonn an duine seo i gceannas ar an mbuiséad, bíonn sé/sí ag obair leis na daoine atá i gceannas ar NOLEGA agus is iad a thugann tuairiscí don duine atá i gceannas ar an 'Basque Service' sa Roinn Oideachais.

2. An comhordaitheoir oifigiúil (post lánaimseartha). Bíonn an duine seo ag déileáil leis na hoifigigh éagsúla atá i ngach ceantar agus ag déanamh comhordú ar an scéim ó lá go lá.

3. Oifigigh a bhíonn ar fáil ag na hionaid mhúinteoireachta (poist lánaimseartha): bíonn ceantar faoi leith ag gach oifigeach agus cuireann siad eolas ar fáil faoi ghníomhaíochtaí/imeachtaí NOLEGA; coinníonn siad súil ar dhul chun cinn na scéimeanna; tugann siad tacaíocht agus comhairle do na scoileanna; cruthaíonn siad nasc idir na scoileanna ar fad atá faoin scéim; bíonn siad ag obair leis an gcomhordaitheoir/na scoileanna agus na comhairleoirí; agus déanann siad measúnú ar na scéimeanna éagsúla.

4. Na trí eagraíocht sheachtracha a chuireann comhairleoirí ar fáil (poist pháirtaimseartha). Cuireann na heagraíochtaí seo comhairle ar cheannairí na dtograí agus ar na hoifigigh.

5. Ceannairí na dtograí sna scoileanna - laghdaítear a gcuid uaireanta múinteoireachta (i scoileanna príobháideacha, cuireann an Roinn airgead breise ar fáil chun obair an

cheannaire a chúiteamh leis/léi). Is iad atá i gceannas ar chomhordú a dhéanamh ar bhailiú eolais: cuireann siad pleananna le chéile; bíonn siad i gceannas ar chruinnithe coiste; déanann siad fógraíocht ar scéimeanna NOLEGA; bíonn siad i gceannas ar phleananna a chur i bhfeidhm agus cuireann siad eolas ar fáil do scoileanna eile faoina gcuid pleananna féin. Ní bhíonn baint ar bith acu le ceartú a dhéanamh ar dhoiciméid Bhascaise na scoile (tá an méid seo luaite go sonrach).

6. Na coistí sna scoileanna (idir 2-8 mball). Cuirtear ar an eolas iad faoin méid atá ag tarlú sa scoil, breathnaíonn siad ar na torthaí, glacann siad leis an bplean is fearr, labhraíonn siad le daoine eile a bhfuil baint acu leis an togra agus, chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas orthu smacht a choinneáil ar chaighdeán scríofa na ndoiciméad a chuireann daoine fásta ar fáil sa scoil.

7. Múinteoirí eile i scoileanna leis an scéim chéanna – ní gá dóibh aon rud faoi leith a dhéanamh ach páirt a ghlacadh sa phlean a leagtar síos.

D'fhéadfaí ról faoi leith a thabhairt do thuismitheoirí/ do dhaltaí níos sine chomh maith (go háirithe sna meánscoileanna).

An Próiseas -

- Cuireann an Roinn Oideachais tairiscint amach chuig gach uile scoil páirt a ghlacadh sa scéim.
- Caithfear cruinniú a eagrú sa scoil faoin tairiscint – agus caithfear teacht ar chinneadh – is gá do gach uile scoil a cinneadh féin a dhéanamh.
- Má bhíonn suim ag scoil sa scéim agus má ghlacann an Roinn leis an scoil, caithfidh an scoil coiste stiúrtha a chur le chéile le hionadaithe ó na tuismitheoirí/daltaí agus, ar a laghad, duine amháin ó bhord bainistíochta na scoile. Roghnaítear múinteoir freisin le bheith i gceannas ar an scéim.

- Ansin bailíonn an coiste eolas ar chomhthéacs teanga na scoile - gnéithe ar nós líon na gcainteoirí Bascaise; cé chomh minic agus a bhíonn an Bhascais in úsáid ag foireann na scoile, ag daltaí, ag tuismitheoirí, agus ag an bpobal timpeall na scoile; cén sórt ábhair atá i leabharlann na scoile, agus mar sin de. Is féidir ceistneoirí a dhéanamh amach le heolas a bhailiú nó is féidir labhairt le pobal na scoile faoi.
- Cuirtear feidhmchlár i bhfoirm CD-ROM ar fáil do na scoileanna le go mbeidh siad in ann an t-eolas ar fad atá bailithe acu a chur isteach ann. Tugtar treoracha i bhfoirm leabhráin maidir le húsáid an fheidhmchláir seo.
- Tá dhá chuid i gceist leis na torthaí a sholáthraítear. Sa chéad chuid, cuirtear céatadáin ar fáil a bhaineann le húsáid na teanga: cé chomh minic is a bhíonn sí le cloisteáil; an teanga atá ar fáil i bhfoirm scríofa (mar shampla comhfhreagras/ábhar scoile, curaclam srl); líon na ndaoine a bhfuil an teanga acu; an méid ama a chaitear leis an teanga srl. Cuirtear na torthaí seo i gcomparáid leis an múnla a chuir Txillardegi (ainm cleite an teangeolaithe Bascach, José Luis Álvarez Enparantza) le chéile, leis an gcéatadán Bascaise a mbeifí ag súil léi.
- Díríonn an dara cuid den eolas ar nósanna teanga sna ranganna éagsúla. Cuireann an feidhmchlár na torthaí i dtoll a chéile.
- Tagann an coiste le chéile agus na figiúirí seo acu. Ansin cuirtear dhá phlean le chéile: 1. Plean teanga fadtéarmach – cúig bliana agus 2. Plean gearrthéarmach – cuirtear le chéile liosta cuspóirí a bheadh réalaíoch don scoilbhliain agus déantar cur síos ar an mbealach a gcuirfear i bhfeidhm iad. Seo roinnt samplaí: gan eagraíochtaí a ligean isteach mura bhfuil Bascais acu; eolas breise a thabhairt do thuismitheoirí le bealaí chun an Bhascais a chur chun cinn; an Bhascais a bheith le cloisteáil/feiceáil i gcónaí (ar na ballaí/busanna scoile srl.); comhfhreagas do thuismitheoirí a bheith dátheangach srl.

- Déantar comhaontú ar an bplean – gach duine san áireamh.
- Ag deireadh na bliana, bíonn ceistneoir le líonadh ag an scoil maidir le gach uile chuspóir - déanann oifigeach áitiúil measúnú ar an méid a scríobhtar agus tugann sé aiseolas don scoil le húsáid don chéad scoilbhliain eile.

Cé go mbíonn ar na scoileanna agus ar choiste na scoileanna plean teanga a chur le chéile agus a riaradh, bíonn tacaíocht agus traenáil le fáil acu ó ionadaithe ón Roinn Oideachais chomh maith le heagraíochtaí eile sa phobal (Aldekoa agus Gardner, 2002).

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Is ar PNB a dhíreofar sa chuid seo den tuairisc le héifeachtúlacht na gcleachtas a mheas, de bharr easpa taighde atá déanta i gceantar Nafarroa sa réimse seo. Sa mheasúnú a dhéanann Gardner (2002) ar scolaíocht na Bascaise i bPNB, léirítear go bhfuil ardú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil Múnla B agus Múnla D iontu. É sin ráite, mar a luann Aldekoa agus Gardner (2002), ní mór difríochtaí idir ceantair, cineál scoile, leibhéal oideachais agus aois, a chur san áireamh agus breithiúnas á thabhairt ar na figiúirí (Gardner, 2000).

Sna figiúirí is deireanaí atá ag Roinn Oideachais na mBascach don Scoilbhliain 2013/2014, is é seo a leanas an líon daltaí atá ag freastal ar na múnlaí éagsúla:

Líon daltaí - Scoilbhliain: 2013/2014			
	Múnla A	Múnla B	Múnla D
Réamhscolaíocht	3.54 %	19.96 %	75.98 %
Bunscolaíocht	5.49 %	24.67 %	69.15 %
Meánscolaíocht	11. 29%	26.63%	61.31 %

Foinse: Rialtas na mBascach - An Roinn Oideachais

Is cinnte ón gclaonadh atá le feiceáil i dtreo Múnla D sa lá atá inniu ann, go bhfeiceann tuismitheoirí na buntáistí a bhaineann leis an múnla sin. Tugann taighde ar éifeachtúlacht na múnlaí an méid seo le fios dúinn nuair a dhéantar comparáid idir leibhéil chumais na ndaltaí sna múnlaí éagsúla. Creidtear gurb é Múnla D an múnla is éifeachtaí i dtaobh fhoghlaim na Bascaise, 'Model D students are the ones who achieve the highest scores in Basque and hence the ones who are closer to balanced bilingualism, that is to say, bilinguals with a high level of competence in both languages' (Lasagabster, 2001: 415).

Is é Múnla A an múnla is laige ó thaobh forbairt a dhéanamh ar scileanna Bascaise na ndaltaí agus is minic a chríochnaíonn daltaí sna scoileanna seo a gcuid scolaíochta gan mórán Bascaise (Gardner, 2000).

Ní fheictear go dtéann forbairt na Spáinnise chun deiridh i Múnla D de bharr nach bhfacthas aon difríocht idir scileanna teanga na ndaltaí, sa Spáinnis, sna trí mhúnla éagsúla (Gardner, 2000).

Ó bunaíodh an ISEI-IVEI[2] in 2001, tá forbairt á déanamh ar thástálacha teanga atá bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa. Cinneadh go raibh gá leis an gcineál seo tástála de bharr nach raibh cuspóirí teanga leagtha amach do na múnlaí éagsúla agus nach raibh aon phointe tagartha ag scoileanna, maidir le leibhéal cumais na ndaltaí sa Bhascais[3]. Bunaíodh an tástáil ar leibhéal B2[4] den Chomhchreat Tagartha agus is mar seo a leanas a chuirtear síos ar an leibhéal sin, 'Can understand the main ideas of complex text on both concrete and abstract topics, including technical discussions in his/her field of specialisation. Can interact with a degree of fluency and spontaneity that makes regular interaction with native speakers quite possible without strain for either party. Can produce

[2] Tuilleadh eolais le fáil ag http://www.isei-ivei.net/eng/indexeng.htm.
[3] Ní luaitear aon leibhéal scoile faoi leith sa chur síos atá ag Sierra (2008).
[4] Tá cur síos ar na leibhéil éagsúla anseo: http://www.coe.int/t/dg4/education/elp/elp-reg/Source/assessement_grid/assessment_grid_english.pdf. Tá an leagan Bascaise den tástáil le fáil ag http://www.habe.euskadi.net/s23-5492/es/).

clear, detailed text on a wide range of subjects and explain a viewpoint on a topical issue giving the advantages and disadvantages of various options' (Comhairle na hEorpa, 2011).

Creidtear gurb é leibhéal B2 an leibhéal is feiliúnaí don 'independent language user' agus is mar gheall air sin a díríodh ar an leibhéal áirithe seo. Tar éis staidéir phíolótaigh, fágadh daltaí i Múnla A as an áireamh. Ag tagairt do shampla ionadaíoch de na torthaí, d'éirigh le 68% díobh siúd i Múnla D agus 32.6% díobh siúd i Múnla B marc níos airde ná leibhéal B2 sa Bhascais a bhaint amach (Sierra, 2008). Molann Sierra gur cheart díriú ar na gnéithe den teanga a bhaineann le leibhéal B2 sna scoileanna Bascaise, de bharr go mbeadh bunús maith ag daltaí sa teanga faoin leibhéal seo agus go dtiocfadh sé le haidhmeanna na reachtaíochta maidir le scileanna teanga Bascaise sa chóras oideachais (2008).

Ní mór, mar sin féin, bheith airdeallach ar an méid a mhaíonn Gardner faoi thástálacha caighdeánaithe agus ar an gcaoi a gcuirtear le chéile iad, ' a major problem consists in ensuring that test materials in either language are of equivalent difficulty. The tendency of test makers to start from the dominant language and then translate mechanically into the minority language tends to invalidate such materials' (2000).

Sa mheasúnú a dhéanann Zalbide agus Cenoz (2008) ar an gcóras oideachais, creideann siad gurb iad seo a leanas na hathruithe atá ag teastáil i bPNB (agus a bheadh indéanta de bharr lancaisí reachtaíochta): a) tacaíocht agus cosaint a thabhairt do chainteoirí dúchais Bascaise; b) forbairt ar scileanna labhartha a bheith i réim, go háirithe teanga a bheadh in úsáid ag daltaí ó lá go lá; c) aidhmeanna/cuspóirí a leagan amach dóibh siúd a labhraíonn Spáinnis agus a fhoghlaimíonn Bascais; agus d) caighdeán Bascaise na múinteoirí a ardú (Zalbide agus Cenoz, 2008). Ní mhínítear, mar sin féin, cén cur chuige a bheadh i gceist leis na hathruithe seo a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús le heolas a bhailiú ar úsáid na Bascaise ag leibhéal na scoile sa bhliain 2004, 'A recent example of a concerted action in the field of language planning evaluation

is the arrue project that that was launched in 2004. Jointly developed by the Department of Education of the BAC's government and the Soziolinguistika Klusterra, this project aims at a detailed study of the use of Basque in schools in the BAC, both from a qualitative and a quantitative point of view' (Martínez de Luna et al., 2013: 2).

Déantar iniúchadh ar úsáid na Bascaise i scoileanna a bhfuil Múnla D iontu in anailís Martínez de Luna et al. (2013) ar fhigiúirí chlár *Arrue* atá bunaithe ar dhaltaí ag an mbunleibhéal agus ag an meánleibhéal ar scoil. Ón anailís, feictear go bhfuil tionchar dearfach ag gnéithe faoi leith ar úsáid na Bascaise i gcomhthéacs na scoile (Múnla D), mar shampla: líon ard cainteoirí dúchais a bheith sa scoil; an scoil a bheith suite i bpobal a bhfuil líon ard cainteoirí dúchais ann; caighdeán ard Bascaise a bheith ag na múinteoirí nuair a labhraíonn siad an Bhascais lena chéile; agus an Bhascais a bheith in úsáid nuair a chuirtear imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar bun (Martínez de Luna et al., 2013). Is gnéithe iad seo atá le fáil agus le forbairt i gcás na Gaeltachta.

Nafarroa

Tá ardú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí sa cheantar Bascaise a fhreastalaíonn ar scoileanna a bhfuil Múnla D iontu, agus laghdú ar an líon daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna le Múnla A. Cé go bhfuil na figiúirí seo ar fáil, ní léir go bhfuil staidéar comparáideach déanta ar na múnlaí dátheangacha i Nafarroa go dtí seo (Oroz Bretón agus Sotés Ruiz, 2008).

Tátal

Is cinnte gur i dtreo córas scolaíochta a bhfuil an Bhascais ina meán teagaisc atáthar ag dul i dTír na mBascach. Tá méadú thar cuimse tagtha ar an líon daltaí atá ag freastal ar scoileanna a chuireann Múnla D ar fáil agus is ann atá 'balanced bilingualism' á sholáthar.

Cé go bhfuil na figiúirí ag ardú agus go bhfuil borradh ann faoi na múnlaí ina bhfuil an Bhascais i réim, is minic a dhéantar tagairt do chaighdeán na scileanna teanga atá ag

daltaí sna múnlaí éagsúla, agus is cosúil go bhfuil iarracht á dhéanamh barr feabhais a chur ar na scileanna teanga sin.

Ceann de na bealaí a bhfuil measúnú á dhéanamh ar scileanna teanga na ndaltaí ná trí thástálacha caighdeánaithe a leagan amach atá bunaithe ar chritéir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: 'The Common Europan Framework provides a common basis for the elaboration of language syllabuses, curriculum guidelines, examinations, textbooks, etc. across Europe. It describes in a comprehensive way what language learners have to learn to do in order to use a language for communication and what knowledge and skills they have to develop so as to be able to act effectively. The description also covers the cultural context in which language is set. The Framework also defines levels of proficiency which allow learners' progress to be measured at each stage of learning and on a life-long basis'. (http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/source/framework_en.pdf).

Tá sé leibhéal ar fad i gceist – A1, A2, B1, B2, C1 agus C2. Is ar leibhéal B2 atá na tástálacha caighdeánaithe a luaitear le Tír na mBascach bunaithe, leibhéal atá dírithe go príomha ar chainteoirí T2, 'Can understand the main ideas of complex text on both concrete and abstract topics, including technical discussions in his/her field of specialisation. Can interact with a degree of fluency and spontaneity that makes regular interaction with native speakers quite possible without strain for either party. Can produce clear, detailed text on a wide range of subjects and explain a viewpoint on a topical issue giving the advantages and disadvantages of various options.'

(http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/source/framework_en.pdf)

Baineann leibhéil C1 agus C2 leis an 'proficient user'. Is cinnte go bhféadfaí tástálacha eile a bhunú ar leibhéal C1 agus C2 chun leibhéal na gcainteoirí dúchais Bascaise a mheas. Ach mar a dúirt Gardner, ní mór bheith cúramach faoi theanga na dtástálacha de bharr gur minic a aistrítear na tástálacha ón mórtheanga go dtí an mionteanga, gan oiriúnú a dhéanamh ar

leibhéal na teanga, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chainteoirí dúchais na mionteanga agus iad ag tabhairt faoi thástálacha.

Déantar tástáil chaighdeánaithe sa Bhéarla agus sa Mhata ag leibhéal na bunscoile in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá ar scoileanna Gaeltachta agus ar Ghaelscoileanna tástáil chaighdeánaithe Gaeilge a chur ar na daltaí sna scoileanna sin. De bharr nach ndéantar idirdhealú idir cainteoirí T2 agus cainteoirí T1 sna tástálacha, is deacair forbairt na gcainteoirí dúchais ná forbairt na gcainteoirí T2 a mheas. De bharr nach bhfuil idirdhealú á dhéanamh, is deacair léargas a fháil ar chaighdeán scileanna na gcainteoirí dúchais ná ar chaighdeán scileanna na gcainteoirí T2. D'fhéadfaí múnla ar nós Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha a úsáid chun an fhadhb seo a leigheas agus tástálacha bunaithe ar leibhéil éagsúla a bheith ar fáil chun idirdhealú a dhéanamh idir na leibhéil éagsúla teanga atá le fáil sa Ghaeltacht.

Creidtear freisin ón taighde a rinneadh i bPNB, go mbíonn drochthionchar ag cainteoirí T2 na Bascaise ar chainteoirí T1 na Bascaise i Múnla D (an múnla is giorra do chás na Gaeltachta) ó thaobh scileanna agus nósmhaireacht teanga de. Cé go dtugtar an méid seo faoi deara, ní dhéantar aon phlé ar fhéidearachtaí chun an fhadhb seo a réiteach. Is cinnte, mar sin féin, go n-aithnítear gur cás faoi leith atá ann i gcás na gcainteoirí dúchais agus go bhfuil cosaint faoi leith ag teastáil uathu.

Cuirtear seirbhísí tacaíochta i bPNB ar fáil tríd an eagraíocht NOLEGA a bunaíodh mar aonad beag taobh istigh de Roinn Oideachais PNB i 1984. Tá go leor de na seirbhísí seo ar fáil anseo in Éirinn ar scála níos lú m.sh., údair a bheith ar fáil chun cuairt a thabhairt ar scoileanna, comórtais litríochta, comharthaí dátheangacha agus fógraí dátheangacha, ach ní mór breathnú ar scéimeanna faoi leith a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach do scoileanna Gaeltachta. Cuirtear grúpaí oibre le chéile (múinteoirí den chuid is mó) le haghaidh ábhar teagaisc a dhearadh. De bharr go bhfuil riachtanais shainiúla ó thaobh acmhainní teagaisc

ag scoileanna i gceantair Ghaeltachta, d'fhéadfaí comhphobail chleachtais den chineál seo a chur le chéile chun ábhar teagaisc a bheadh sainiúil don Ghaeltacht a sholáthar. Bheadh an t-ábhar seo le meas ag an eagraíocht a chuirfeadh an maoiniú ar fáil agus, chomh maith leis sin, d'fhéadfaí múnla NOLEGA a leanúint agus duaiseanna a bhronnadh ar an ábhar teagaisc is fearr.

Cuireann NOLEGA maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí cultúrtha agus is maoiniú é seo atá an-tábhachtach do na scoileanna ar fad maidir le cultúr na Bascaise a chur chun cinn. Gné eile den mhaoiniú seo a bheadh feiliúnach do chás na Gaeltachta ná traenáil a chur ar fáil do mhúinteoirí le haghaidh imeachtaí cultúrtha a eagrú agus a chur chun cinn. Is pobal faoi leith é pobal na Gaeltachta a bhfuil gnéithe den chultúr Gaelach fite fuaite ann; mar sin, b'fhiú oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun go mbeadh siad in ann an ghné seo de phobal na Gaeltachta a chur chun cinn sna scoileanna áitiúla.

Tagann an Clár *Ulibarri* faoi scáth NOLEGA agus tá an-struchtúr ag baint leis. Is clár é freisin a thugann ionadaithe ó gach leibhéal den chóras oideachais le chéile, ón mbarr anuas agus ón mbun aníos. D'fhéadfaí clár den chineál seo a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta, rud a d'fhágfadh go mbeifí ag tabhairt tacaíochta do scoileanna seilbh a ghlacadh ar a bhforbairt teanga féin. Bheadh úinéireacht ag gach scoil ar a bplean féin, rud a chuirfeadh go mór le forbairt an chláir, ach chomh maith leis sin, bheadh tacaíocht láidir le fáil acu ionas go mbeifí cinnte go n-éireodh go maith leis an gclár. Creidtear freisin go mbíonn tionchar ag plean na scoile ar an bpobal ina dtimpeall agus go dtosaíonn an pobal ag eagrú imeachtaí/ tionscnaimh chun an Bhascais a chur chun cinn de bharr chur chun cinn na teanga ag leibhéal na scoile. Cruthaíonn an clár nasc maith agus comhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais, Ollscoil na Bascaise agus eagraíochtaí eile taobh amuigh den chóras oideachais.

Feictear freisin ón anailís a rinneadh ar thorthaí scoileanna Múnla D ón tionscnamh, *Arrue,* go bhfuil tionchar ag fachtóirí áirithe ar úsáid na Bascaise i gcomhthéacs na scoile. Bíonn tionchar dearfach ag gnéithe ar nós céatadán ard cainteoirí dúchais a bheith sa phobal nó céatadán ard daltaí a labhraíonn an Bhascais sa bhaile, ar úsáid na Bascaise i gcomhthéacs na scoile. Creidtear freisin go gcuidíonn gníomhaíochtaí agus imeachtaí Bascaise, taobh amuigh d'am scoile, le leibhéal úsáide na Bascaise i gcomhthéacs na scoile agus is cinnte go bhféadfadh tionchar a bheith ar an gclár *Ulibarri* ar líon na n-imeachtaí a bheadh ar fáil sa phobal, 'As the Arrue data show, the investment in the development of specific extracurricular activities seems to be rewarding since 'language use in organised activities outside school' is one of the variables that reach (relatively) high values in the correlation analysis and also figures on the first place in the top 5 of the multiple regression analyses for all of the subgroups identified on the basis of the pupils mother tongue profile and the Basqueness of their area of living.' (Martínez de Luna et al., 2013)

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

An Chatalóin

Is i 1980 a fuair pobal na Catalóine greim ar chumhachtaí oideachais an phobail neamhspleáigh agus is ina dhiaidh sin a tosaíodh ag cur polasaithe agus reachtaíochta le chéile le go mbeadh an Chatalóinis mar chuid lárnach den chóras oideachais (Areny et al., 2012). Cuireadh tús leis an reachtaíocht sin i 1983 leis an Dlí ar Normalú Teanga a thug cead do scoileanna an Chatalóinis a thabhairt isteach diaidh ar ndiaidh. Rinneadh forbairt ar an méid sin i 1998 sa Dlí ar Pholasaí Teanga (Ferrer, 2000). Sa Dlí ar Pholasaí Teanga, deirtear gurb í an Chatalóinis '...the language to be normally used as a vehicular, learning language in all non-university levels of education.' (Areny et al., 2012: 16). Tugadh cead speisialta do dhaltaí luathoideachais a gcuid scolaíochta a bheith ina dteanga dhúchais (fiú más Spáinnis a bhí i gceist) ach níor tugadh cead na daltaí a scaradh de réir teanga baile

(Ferrer, 2000). Anuas air sin, rinneadh tagairt faoi leith do mhúinteoirí agus dá ndualgas an dá theanga oifigiúla a bheith acu (Huguet, 2007), ' teachers must prove a knowledge of Catalan equivalent to level C1 CEFR in order to be allowed to teach at all non-university levels…teachers who still do not have an official certificate of Catalan cannot ask to change school or to be promoted in their position at school.' (Areny et al., 2012: 56-57)

Rinneadh treisiú ar an reachtaíocht thuas sa Reacht nua ar Neamhspleáchas na Catalóine in 2006. Rinne Cúirt Bhunreachtúil na Spáinne anailís ar an reacht nua agus rialaigh siad nach raibh airteagail faoi leith ag teacht le Bunreacht na Spáinne agus go gcaithfeadh an Spáinnis a bheith ina meán teagaisc ar comhchéim leis an gCatalóinis (Arnau agus Vila, 2013). Má ghlactar leis an gcinneadh seo, beidh ar mhuintir na Catalóine an córas a athrú ó bhonn ach creidtear nach bhfuil suim dá laghad ag rialtas na Catalóine an méid sin a dhéanamh (Arnau agus Vila, 2013).

Na hOileáin Bhailéaracha

Is i 1979 a cuireadh tús leis an gCatalóinis mar ábhar éigeantach sna hOileáin Bhailéaracha, ach níor tugadh cumhachtaí oideachais don réigiún go dtí 1998 (Arnau agus Vila, 2013). Is í an Chatalóinis meán teagaisc an réigiúin, 'Catalan is the language of teaching, learning and communication, emphasizing that the activities of teaching and learning through the medium of Catalan imply the oral and written use of the language.' (Areny et al., 2012)

Mar atá leagtha síos sa Chatalóin, ní scartar gasúir ó chéile i seomraí ranga éagsúla de réir cúlra teangeolaíoch.

Valencia

Tá cumhachtaí oideachais ag údaráis Valencia ó 1983 agus tá dhá chóras éagsúla oideachais leagtha amach don dá cheantar. Is í Vaileinsis atá ina meán teagaisc sna scoileanna atá sa cheantar ina labhraítear Vaileinsis, agus tá Spáinnis ina meán teagaisc sna scoileanna atá sa cheantar Spáinnise – tá Vaileinsis ina hábhar scoile (Areny et al., 2012).

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

An Chatalóin

Is í aidhm na reachtaíochta sa Chatalóin, caighdeán maith Catalóinise agus Spáinnise a bheith ag gach dalta sa Chatalóin ag deireadh na tréimhse scolaíochta éigeantaí (16 bliana d'aois).

Dá réir sin, tá sé de dhualgas ar gach scoil a plean teanga féin a chur i dtoll a chéile. Tá an plean seo uathúil do gach scoil ag brath ar chomhdhéanamh theanga na ndaltaí/na múinteoirí. Mínítear cén stádas a bheidh ag gach teanga (an Chatalóinis, an Spáinnis agus teanga iasachta amháin – Béarla go minic) sa scoil agus múintear, ar a laghad, ábhar amháin sa Spáinnis i ngach scoil (Areny et al., 2012).

Chomh maith le pleananna teanga a chur le chéile do dhaltaí an cheantair, cinneadh clár speisialta a chur le chéile d'inimircigh de bharr an ardaithe thar cuimse atá tagtha ar líon na n-inimirceach le blianta beaga anuas. Tá a bplean fáiltithe féin le cur le chéile ag scoileanna, áit a leagtar amach comhtháthú na ndaltaí seo. Mar chuid den phlean, cuirtear ranganna fáiltithe ar fáil do dhaltaí a thagann isteach sa chóras scolaíochta tar éis an tríú bliain sa bhunscoil. Foghlaimíonn siad an Chatalóinis ar feadh cúpla uair an chloig gach lá agus bíonn siad sa ghnáthrang an chuid eile den lá. Bhí os cionn míle rang fáiltithe sa Chatalóin sa tréimhse acadúil 2008/2009 (Arnau agus Vila, 2013).

Na hOileáin Bhailéaracha

Feictear go leor cosúlachta idir córas oideachais na Catalóine agus córas oideachais na nOileán Bailéarach. Tá dhá chineál múnla oideachais le fáil sna hOileáin Bhailéaracha: 1. Scoileanna a mhúineann trí Chatalóinis amháin; agus 2. Scoileanna dátheangacha (Spáinnis agus Catalóinis ina méain mhúinteoireachta).

Is ar lucht na scoile a bhraitheann an méid ama a chaitear leis an dá theanga sna scoileanna dátheangacha. De réir rialacha oideachais, ní mór dóibh dhá choinníoll faoi leith

a chomhlíonadh: (a) is gá an Chatalóinis a úsáid, ar a laghad, 50% den am; agus (b) is gá í a úsáid sna hábhair chuí, mar atá leagtha síos sa dlí (mar shampla, eolaíocht shóisialta nó eolaíocht nádúrtha) (Arnau agus Vila, 2013).

Mar atá le feiceáil sa Chatalóin, tugtar spreagadh do na scoileanna pleananna teanga a chur i dtoll a chéile a thagann le haidhmeanna an rialtais áitiúil i dtaobh na teanga. Cuirtear tacaíocht ar fáil d'inimircigh freisin agus iad ag foghlaim Catalóinise, go háirithe daltaí a thagann isteach sa chóras agus iad níos sine (Areny et al., 2012).

Valencia

Taobh istigh den chóras oideachais atá ar fáil sna ceantair a bhfuil Vaileinsis á labhairt, tá múnlaí éagsúla oideachais ar fáil (Blas Arroyo, 2002, Areny et al., 2012, Arnau agus Vila, 2013):

- *Programa de Inmersión Lingüística* (PIL) [Clár Tumoideachais] – Dírithe ar chainteoirí dúchais Spáinnise atá ina gcónaí i gceantair ina labhraítear Vaileinsis agus a bhfuil suim ag a dteaghlaigh sa teanga áitiúil. Ní chuirtear tús leis an Spáinnis go dtí go mbíonn na daltaí sa tríú bliain den bhunscolaíocht (thart ar ocht mbliana d'aois). Ní leanann an clár seo ar aghaidh ag an dara leibheál agus ní bhíonn sé éasca ag daltaí agus iad ag aistriú go dtí meánscoileanna éagsúla a bhfuil múnlaí difriúla acu (Blas Arroyo, 2002).
- *Programa de Enseñanza en Valenciano* (PEV) [Clár don mhúineadh trí Vaileinsis] – Is dóibh siúd a labhraíonn Vaileinsis agus atá ina gcónaí i gceantair ina labhraítear an teanga an clár seo. Is í Vaileinsis meán teagaisc na scoile. Is ábhar éigeantach í an Spáinnis agus úsáidtear an teanga freisin agus ábhar eile á múineadh (Arnau agus Vila, 2013).
- *Programa de Incorporación Progresiva del Valenciano* (PIP) [Clár do Chomhtháthú Leanúnach *Vaileinsis*] – Is i gceantair ina labhraítear Vaileinsis a

bhíonn an clár seo go minic. Is í an Spáinnis meán teagaisc na scoile ach bíonn Vaileinsis á tabhairt isteach beagán ar bheagán agus í á húsáid le haghaidh tascanna éagsúla in ábhair éagsúla. Braitheann an méid Vaileinsise a úsáidtear ar ghnéithe éagsúla: mianta na dtuismitheoirí; múinteoirí a bhfuil an dá theanga ar a dtoil acu; agus teanga an mhóraimh sa cheantar (Blas Arroyo, 2002).

Tá clár nua eile tagtha ar an bhfód le roinnt blianta anuas is féidir a chur i bhfeidhm mar chuid de na cláir thuas:

- *Programa de educación bilingüe enriquecido* (PEBE) [Clár Oideachais Dátheangach Saibhrithe] – Is i 1998 a tháinig an clár seo chun cinn. Chomh maith le Vaileinsis agus Spáinnis, bíonn teanga iasachta in úsáid go luath sa tréimhse scolaíochta. Is ar an mBéarla is mó a dhírítear sna cásanna seo. In 2010, is scoileanna PEV agus PIL, scoileanna a bhfuil béim acu ar Vaileinsis, is mó a ghlac páirt i PEBE (Arnau agus Vila, 2013, Blas Arroyo, 2002).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Ní léir ón taighde gur ann do scéimeanna ná polasaithe a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

An Chatalóin agus na hOileáin Bhailéaracha

Glactar leis go mbíonn gach mac léinn a bhaineann céim amach sna pobail seo in ann ranganna a mhúineadh sa dá theanga oifigiúla (Spáinnis agus Catalóinis).

Tá seirbhís tacaíochta do mhúinteoirí le fáil sa dá phobal freisin ach go bhfuil athrú ar chur chuige na n-eagraíochtaí sin. Tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí nach labhraíonn an Chatalóinis sa lá atá inniu ann agus is mar gheall ar na riachtanais nua seo a athraíodh ról na heagraíochta: is ar na daltaí sin atá a n-aird i láthair na huaire (Areny et al., 2012). Creidtear freisin, nach mbíonn deacrachtaí ag múinteoirí teacht ar ábhar múinteoireachta sa

Chatalóinis de bharr an borradh atá tagtha ar líon na n-acmhainní atá ar fáil, 'Nowadays, the publication of materials for language teaching is completely normalised both in terms of teaching of the language and teaching in the language at all levels of education…' (Areny et al., 2012).

Valencia

Cuireadh seirbhís mhúinteoireachta ar fáil le haghaidh comhairle agus seirbhísí a chur ar fáil a bhain le múineadh teanga. Tháinig seirbhís nua ina háit sa bhliain acadúil 2011/12 - *Servici d'Ensenyament en Llengües* [Seirbhís Mhúinteoireachta Teanga] - ach is cosúil gur dírithe ar fhoghlaim teangacha iasachta atá an tseirbhís nua seo seachas ar fhoghlaim Vaileinsise, rud a fhágfaidh go bhfuil baol ann nach mbeidh aon seirbhís ann do na hionaid a bhíonn ag múineadh trí Vaileinsis (Areny et al., 2012).

Tugann an eagraíocht *Escola Valenciana - Federació d'Associascions per la Llengua* [Scoil Vaileinsis – Cónaidhm do Chumainn ar son na Teanga] scoileanna Vaileinsise le chéile. Tá an cruinniú a eagraíonn siad, do na scoileanna ar fad a bhfuil Vaileinsis á labhairt iontu, ar cheann de na himeachtaí is mó a bhíonn acu. Chomh maith leis an gcruinniú seo, eagraítear cruinnithe ar fud an réigiúin, áit a dtagann os cionn 200,000 duine le chéile - tuismitheoirí, daltaí agus múinteoirí ina measc (Areny et al., 2012).

Maidir le hoiliúint múinteoirí, caithfidh múinteoirí bunscoile rogha a dhéanamh maidir le cén teanga ab fhearr leo díriú uirthi agus iad faoi oiliúint (Areny et al., 2012). Is cosúil freisin go bhfógraítear poist mhúinteoireachta de réir critéir teanga – mar shampla múinteoir le Vaileinsis, rud a chiallódh go dteastódh teastas faoi leith ó mhúinteoir le cur isteach ar an bpost - *Certificado de Capacitación Lingüística* (Blas Arroyo, 2002).

Is féidir teastas mar mhúinteoir Vaileinsise a bhaint amach sna coláistí oiliúna chomh maith - *Mestre en Valencià* tar éis 40 creidiúint bhreise a dhéanamh a bhaineann leis an teanga agus leis an litríocht. Faraor, níl na cáilíochtaí ná an leibhéal cainte cuí ag 13% de mhúinteoirí bunscoile agus creidtear go bhfuil seans mór ann go bhfuil an figiúr sin níos airde ag leibhéal na meánscoile (Blas Arroyo, 2002).

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

An Chatalóin

De bharr an líon cainteoirí Catalóinise atá sa Chatalóin agus de bharr chomh maith agus a éiríonn le daltaí atá sa Chatalóin an dá theanga oifigiúla (an Spáinnis agus an Chatalóinis) a thabhairt leo (Areny et al., 2012), is ar an ilteangachas agus ar inimircigh chun na tíre atá aird na n-údarás oideachais sa Chatalóin sa lá atá inniu ann. É sin ráite, ní mór bheith cinnte go dtuigtear gur mar gheall ar an stádas atá ag an gCatalóinis sa chóras oideachais a éiríonn le daltaí an dá theanga a thabhairt leo, 'Data also show that, in order to maintain the level of knowledge of Catalan, it is necessary that Catalan continues to be the vehicular language of the education system of Catalonia.' (Areny et al., 2012: 65-66).

Na hOileáin Bhailéaracha

De bharr athruithe rialtais le cúpla bliain anuas, tá go leor smaointe difriúla ag teacht chun cinn maidir le cúrsaí teanga sa chóras oideachais. Tháinig ardú ar an méid Spáinnise a bhí in úsáid sna scoileanna in 2003. Ansin athraíodh an méid sin in 2007 agus cuireadh deireadh le brú a chur ar scoileanna níos lú Catalóinise a úsáid. In 2011 is ar chanúintí réigiúnacha a bhíothas ag díriú, agus tá caint sa lá atá inniu ann ar chóras ina mbeadh trí theanga i réim – an Chatalóinis, an Spáinnis agus an Béarla (Arnau agus Vila, 2013). Tá a dtuairimí féin ag gach rialtas maidir le teangacha sa chóras oideachais agus seans mór go leanfaidh an díospóireacht ar aghaidh leis an smaoineamh nua seo faoi chóras trítheangach.

Tátal

De bharr an líon ard cainteoirí Catalóinise atá sna pobail seo, agus chomh láidir agus atá an teanga sna pobail éagsúla, is deacair comparáidí a dhéanamh idir na scoileanna sna ceantair seo agus scoileanna i gceantair Ghaeltachta. Is ag díriú ar inimircigh agus ar chórais ilteangacha atá na pobail seo go príomha sa lá atá inniu ann de bharr nach bhfeictear gur baol don Chatalóinis sa chóras oideachais mar atá, go háirithe i bpobail ar nós na Catalóine.

3. Diné (Navajo) i Stáit Aontaithe Mheiriceá

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Tá 372,000 cainteoir dúchais ag teangacha dúchais i Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM feasta) agus tá formhór díobh (237,000) ag cur fúthu ar cheann de limistéir speisialta dhúchasacha (AIANA: American Indian, Alaskan Native Area) atá curtha i leataobh do phobail agus do threibheanna dúchasacha. Is iad an treibh Navajo an treibh is mó i SAM le daonra de 255,000 agus iad ag cur fúthu ar 27,000 míle cearnógach ar thailte a chlúdaíonn trí stát, Arizona, New Mexico agus Utah in iar-dheisceart SAM. Is í a dteanga Diné (Navajo as Béarla) an teanga dhúchais is mó a labhraítear i SAM le 169,000 cainteoir dúchais (US Census, 2011). Léiríonn Ethnologue (2014) go bhfuil an teanga go mór i mbaol áfach agus céatadán na gcainteoirí dúchais Diné sa chéad ghrád ag leibhéal na bunscolaíochta laghdaithe ó 90% sa bhliain 1968 go dtí 30% sa bhliain 1998. Tá fadhbanna sóisialta ag baint leis an treibh chomh maith agus tá os cionn 55% díobh ag maireachtáil faoi bhun an léibhéil bhochtanais ar $6,217 an duine in aghaidh na bliana agus tá 44% den phobal dífhostaithe (US Census, 2000).

Sóláthar Oideachais trí Mhéan na Mionteanga

Ritheadh reachtaíocht i SAM (Bilingual Education Act 1968, Indian Education Act 1972 and The Indian Self-Determination and Educational Assistance Act 1975), mar thacaíocht do phobail dhúchasacha SAM cláir oideachais dhátheangacha a chur i bhfeidhm. Leagadh

amach sa reachtaíocht seo an creat dlíthiúil agus airgeadais le cur ar chumas na bpobal seo cláir oideachais dhátheangacha phobalbhunaithe a chur ar bun (McCarty & Watahomigie, 1999). Cé go maítear sa reachtaíocht No Child Left Behind 2002 go bhfuil cead dlíthiúil ag pobail dhúchasacha a gcuid oideachais a fháil trína dteanga dhúchais, cuirtear béim ollmhór ar mhúineadh an Bhéarla agus ar ghnóthachtála arda a bhaint amach sna scrúduithe caighdeánaithe Béarla (Aguilera & LeCompte, 2007). Ceann de na dúshláin eile a bhaineann le cláir chothabhála agus oidhreachta is ea feidhmiú na reachtaíochta 'Béarla Amháin' ina mbrúitear siar polasaithe dátheangacha agus a dhéanann an-dochar do na múnlaí oideachais sin (McCarty & Watahomigie, 1999).

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Ba léir ón léirbhreithniú litríochta seo nach ann d'aon fhorbhreathnú leathan ar mhúnlaí nó ar chleachtais oideachais trí Diné agus gur ghá dúinn iarracht a dhéanamh samplaí ar leith a aimsiú mar léargas ar fhéidearthachtaí oideachais dhátheangaigh. Tá an fhianaise sa léirbhreithniú seo bunaithe ar scoileanna aonair ar nós na scoileanna seo a leanas. Is scoileanna K-12 (ó leibhéal réamhscoile go dtí Grád 12) iad Rough Rock Community School agus Fort Defiance Elementary School agus is scoil K-6 í Rock Point Community School.

Cuireadh tús le clár cothabhála i scoil Rough Rock sa bhliain 1966 chun freastal a dhéanamh ar pháistí sa cheantar sin, tráth nach raibh ach cainteoir amháin Béarla sa rang. Bunaíodh an clár timpeall ar phrionsabail fealsúnachta agus traidisiúnta na treibhe ach thar na blianta, tá titim ar líon na gcainteoirí dúchais agus anois braitear gur clár tumoideachais do chainteoirí T2 Navajo atá sa scoil (McCarty, 2002). Bunscoil eile a thosaigh amach le clár cothabhála, ach atá anois ina chlár tumoideachais, ná Rock Point. Clár comhordaithe dátheangach atá ann ina gcuirtear beirt mhúinteoirí ag múineadh in aon seomra amháin. Déanann an chéad mhúinteoir ábhair an churaclaim a chur os comhair na ndaltaí sa Diné

agus oibríonn an múinteoir eile ar fhorbairt chumas na ndaltaí ag an am céanna sa Bhéarla (Spolsky, 1977 luaite in García, 2009) trí chur chuige an aistriúcháin.

Is í an scoil tumoideachais is mó cáil sa chomhthéacs seo, áfach, ná Fort Defiance Elementary School, Window Rock, Arizona. Ar cheann de na dúshláin ba mhó a chonacthas le bunú an chláir tumoideachais seo ná meascán cumais agus meascán teangeolaíochta na ndaltaí. Ní raibh ach thart ar 10% de dhaltaí an chláir ina gcainteoirí maithe Diné, bhí 33% eile díobh ann a raibh eolas de shaghas éigin acu ar an teanga (Holm & Holm, 1995) agus bhí ráta ard daltaí a raibh cumas teoranta acu sa Bhéarla (Little, McCarty & Zepeda, 2006). Clár páirt-thumoideachais a bhí ann, ach an chosúlacht air go raibh tionchar nach beag ag múnlaí an tumoideachais dhéthreoigh (TD feasta) ar dhréachtú agus ar chur i bhfeidhm an chláir. Sna múnlaí tumoideachais dhéthreoigh, tagann páistí ó mhórphobal teangeolaíochta (an Béarla i gcomhthéacs SAM) agus mionphobal teangeolaíochta le chéile (pobail imirceacha ina labhraítear an Spáinnis go príomha) in aon suíomh foghlama amháin. Tá dhá chlár TD Béarla/Diné i bhfeidhm i SAM faoi láthair (Centre for Applied Linguistics, 2013) agus cé go bhfuil ag éirí go maith leis an gclár ar bhealaí éagsúla a phléifear ar ball, braitear nach oiriúnach an múnla é i gcomhthéacs mionteangacha ar nós Diné nó na Gaeilge.

Cabhraíonn fachtóirí éagsúla le rath na gclár TD: cothromaíocht oideolaíochta; múinteoirí lán-cháilithe dátheangacha; comhoibriú gníomhach ó thuismitheoirí agus ceannaireacht eolach ón bpríomhoide (Alanís & Rodríguez, 2008). Moltar go láidir gan ranganna aistriúcháin nó réamhranganna tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí agus gan na daltaí a scaradh óna chéile ach an oiread (Collier & Thomas, 2004: 13).

Tá deacrachtaí, míbhuntáistí, agus dúshláin ag baint le clár TD áfach, agus tá an baol ann nach n-oibreodh sé i suíomh ina bhfuil teanga mhór chumhachtach ar nós an Bhéarla i dteagmháil le mionteanga ar nós na Gaeilge nó Diné. Bíonn straitéisí éagsúla

oideolaíochta de dhíth nuair a thagann dhá ghrúpa teangeolaíochta le chéile i suíomh foghlama an TD. Bíonn an baol ann go ndéanfaidh an múinteoir simpliú agus moilliú ar a gcuid aschuir sa seomra ranga ionas nach bhfágfar na páistí T2 chun deiridh ar na páistí eile (Mougeon & Beniak, 1988). Chiallódh cleachtas mar seo freisin nach mbeadh an t-ionchur ard saibhir céanna ag páistí T1 agus a bheadh acu dá mbeadh siad i ngnáthchlár T1, rud nach bhfuil inmhianaithe i gcás mionteangacha. I gcomhthéacs mar seo, caithfidh oideachasóirí a chinntiú go gcuirfear ardchaighdeán oideachais ar fáil trí theanga dhúchais na gcainteoirí T1 (Valdes, 1997). Thug Amrein & Peña (2000) faoi deara chomh maith go bhféadfadh "neamhshiméadrachtaí" áirithe teacht chun cinn i gcláir TD agus go gcaithfear bheith aireach faoi seo. Ina staidéar ar shuíomh TD in Arizona, SAM, mhaígh siad go raibh trí neamhshiméadracht nó neamhchothromaíocht tagtha chun cinn: 1) neamhshiméadracht teagaisc; 2) neamhshiméadracht acmhainní; agus 3) neamhshiméadracht daltaí (2000: 7-11).

Creidtear chomh maith maidir leis na cláir TD go bhfuil baol ann go leanfaí ar aghaidh leis an éagothroime agus leis na héagóracha a fhaightear sa tsochaí agus go mbeidh méadú ann ar an mbaol teipe do dhaltaí dá bharr (Cummins, 1986: 33). Feictear dúshláin bhreise maidir le cur i bhfeidhm pholasaithe oideachais dhátheangaigh nuair nach bhfuil i gceist leis an gclár ach sruth amháin taobh istigh de scoil lán-Bhéarla. I gcásanna mar seo, cruthaítear míchothromaíochtaí teangeolaíochta mar go leagtar an-bhéim ar thábhacht an Bhéarla sa scoilchampas agus sa tsochaí go ginearálta: 'Two-Way Immersion classrooms (on this campus) function as small oases ... in a vast desert of English-only.' (Palmer, 2008: 757).

In ainneoin na mbuarthaí atá léirithe thuas, leanann Fort Defiance clár tumoideachais ina ndéantar 90% den teagasc ó Ghrád K-1 tríd an mionteanga (Diné).

Méadaítear líon na n-uaireanta a chaitear ar an mBéarla de réir a chéile, áfach, (suas le 50% Diné: 50% Béarla) i nGrád 6 (Johnson & Wilson, 2004).

Tá scoil thrítheangach anois ag pobal amháin Navajo darbh ainm Puente de Hozho ina bhfuil ábhair an churaclaim á múineadh tríd an Diné, an mBéarla agus an Spáinnis agus iarrachtaí móra ar bun ceiliúradh a dhéanamh ar thrí mhórchultúr an réigiúin agus pobail na gcultúr sin a nascadh le chéile tríd an gcóras oideachais (Fillerup, 2011: 150). Sa scoil thrítheangach seo, tá dhá chlár oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm. Cuirtear gnáthchlár tumoideachais déthreoigh (Spáinnis:Béarla) ar fáil do dhaltaí ó chúlraí ina labhraítear an Béarla nó an Spáinnis. Múintear an meascán daltaí seo le chéile in aon suíomh foghlama amháin, leath an lae trí Bhéarla agus leath an lae trí Spáinnis. Comhthreomhar leis an gclár traidisiúnta déthreoch seo, ritear clár tumoideachais sa Diné do dhaltaí Navajo arb é an Béarla a dteanga dhúchais. Sa chlár seo, déantar 80% den teagasc trí mheán Diné i ngrád an chiontargháirdín ach tagann méadú ar líon an Bhéarla a úsáidtear don teagasc go dtí go bhfuil cothromaíocht 50-50 bainte amach sa mhúinteoireacht sa dá theanga.

Maidir le comhdhéanamh teangeolaíoch eitneach an phobail, tagann 21% díobh ó chúlra ina labhraítear an Spáinnis agus tá 26% díobh ina mball den treibh Navajo, cé go labhraíonn formhór na mball den treibh sin an Béarla anois (McCarthy, 2013: 168). Cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 2001 le 58 dalta réamhscoile agus sa dara bliain den chlár, bhí 120 dalta cláraithe ag gráid réamhscoile agus Grád 1. Tháinig fás ar líon na dtuismitheoirí a bhí ag iarraidh a gcuid páistí a chur chuig an scoil, agus sa tríú bliain, líonadh trí rang iomlána ag leibhéal réamhscoile agus an scoil ag freastal ag an bpointe sin ar Ghrád K-2. Lean an fás ollmhór ar aghaidh agus nuair a fostaíodh príomhoide lánaimseartha, cuireadh plean i bhfeidhm chun oideachas dátheangach a chur ar fáil do gach uile dhalta ag gach grád (K-12) (McCarty, 2013: 172). 'Gné amháin den oideachas trí Navajo a bhfuil an-tábhacht ag baint léi ná smacht a bheith ag an bpobal áitiúil ar a soláthar

oideachais féin, chomh maith le tús áite a thabhairt do chultúir agus do thraidisiúin an phobail i ndearadh an churaclaim.' (McCarty & Watahomigie, 1999).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Ní léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

Ní léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna bainteach le seirbhísí tacaíochta a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Tá an scoil Fort Defiance spéisiúil mar gur féidir comparáid a dhéanamh idir na daltaí a chuaigh tríd an gclár oideachais dhátheangaigh agus na daltaí a cláraíodh sa 'ghnáthchóras' Béarla. Nuair a rinneadh an chomparáid sin, léiríodh gur éirigh chomh maith leis na daltaí tumoideachais i léitheoireacht an Bhéarla agus gur éirigh níos fearr leo sa Mhatamaitic agus i scríbhneoireacht an Bhéarla ná daltaí príomhshrutha Béarla (Johnson & Wilson, 2004). I gcás mionteanga ar nós Diné, is léir go bhfuil clár páirt-thumoideachais níos fearr do ghnóthachtála na ndaltaí ná an córas príomhshrutha Béarla, ach bheadh tuilleadh taighde ag teastáil chun éifeachtúlacht na gcleachtas a mheas go cuimsitheach.

Maidir le héifeachtúlacht na gcleachtas oideachais sa mhúnla trítheangach, tá ag éirí go maith leis na daltaí atá cláraithe i scoil Puente de Hozho na spriocanna oideachais, atá leagtha síos ag leibhéal stáit agus go feidearálach, a bhaint amach. Sa bhliain 2008, rinne daltaí ó chúlra dúchasach Navajo, i gclár tumoideachais Diné, 14% níos fearr ná daltaí Navajo a chuaigh trí chlár Béarla i nGrád 3 agus 21% níos fearr i nGrád 4. Maidir le gnóthachtálacha sa mhatamaitic, rinne na daltaí ó chúlra dúchasach Navajo, a chuaigh tríd an gcóras tumoideachais, 12% níos fearr ná na daltaí ón gcúlra céanna a fuair a gcuid oideachais trí Bhéarla i nGrád 5, agus rinne siad 17% níos fearr i nGrád 6 (McCarty, 2013).

Tátal

Tá torthaí dearfacha foghlama agus sóisialta léirithe maidir leis an gclár tumoideachais i mbunscoil Fort Defiance, ach ní fhéadfaí comparáid chuí a dhéanamh idir cás Diné agus cás na Gaeilge. Léiríonn an taighde a rinneadh go bhféadfadh an córas páirt-thumoideachais a bheith feiliúnach i gcásanna áirithe (scoileanna na Galltachta nó scoileanna i gCatagóir C sa Ghaeltacht ina bhfuil formhór, nó iomlán na ndaltaí, á dtógáil trí Bhéarla) agus go bhfuil sé níos fearr ná córas oideachais aonteangaigh trí Bhéarla, ach gan a bheith chomh láidir le córas tumoideachais iomláin mar a bheadh i ngaelscoileanna éagsúla mar shampla (Johnstone, 2002). Tá sé tábhachtach do na cláir oidhreachta/chothabhála sa chomhthéacs seo go mbeidh an pobal féin i gceannas ar bhainistiú na scoile, agus chomh maith leis sin, nach mbeidh scoil na mionteanga báite faoi scoilchampas na mórtheanga.

4. An Fhraincis i gCeanada

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Is in Acht na dTeangacha Oifigiúla 1969 a leagtar amach gurb iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla Cheanada, áit a bhfuil sé de dhualgas ar institiúidí feidearálacha a gcuid seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga. Is de bharr an achta seo freisin a cuireadh tús le córas dátheangach i New Brunswick, cúige atá ar chósta thoir na tíre (Burnaby, 2008). Rinneadh daingniú ar stádas dátheangach na tíre san Acht Bunreachtúil i 1982, as ar eascair an Chairt um Chearta agus Shaoirsí i gCeanada. Is sa chairt seo a dhéantar tagairt d'fhorbairtí a bhaineann le cúrsaí teanga (Burnaby, 2008). Tugtar stádas oifigiúil do naoi dteanga bhundúchasacha i gcúige na Limistéir Thiar Thuaidh faoi acht teangacha a bunaíodh ar an leagan feidearálach (Burnaby, 2008; Government of the Northwest Territories, 2014).

De réir dhaonáireamh 2006, is é an Béarla atá ag 58% de dhaonra na tíre, an Fhraincis ag 22% agus creidtear gurb é 20% (nó os cionn 31 milliún duine) den daonra nach ceachtar den dá theanga sin a dteanga dhúchais (Duff agus Li, 2009). Is i Quebec atá 81.4% de Fhrainciseoirí Cheanada le hais 4.4% sa chuid eile den tír. Agus creidtear nach labhraíonn 38% de na Frainciseoirí taobh amuigh de Quebec an Fhraincis mar theanga baile (Duff agus Li, 2009).

Taobh amuigh de Quebec, is teanga mhionlaigh í an Fhraincis i gCeanada. Mar sin, is iad na ceantair mhionlacha seo (taobh amuigh de Quebec) na ceantair is cosúla le cás na Gaeltachta in Éirinn, 'cé gur teanga idirnáisiúnta í an Fhraincis is mionlach an-bheag in aigéan na mBéarlóirí i Meiriceá Thuaidh iad na Frainciseoirí mar atá muintir na Gaeltachta in Éirinn. Is lú ná 3% den daonra sin iad agus má fhágtar muintir Quebec as an áireamh, tá, b'fhéidir, aon mhilliún Frainciseoirí eile scaipthe ar fud chúigí eile Cheanada.' (Bourgeois, 2010: 1).

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Is faoi na cúigí éagsúla i gCeanada atá sé múnla a chur ar a gcóras oideachais féin. Cé go mbronntar cumhachtaí maidir le soláthar oideachais ar na cúigí, leagtar síos gnéithe faoi leith a bhaineann le soláthar an oideachais dhátheangaigh sa reachtaíocht faoin gCairt um Chearta agus Shaoirsí Cheanada, áit a ndéantar tagairt don dualgas atá ar an rialtas, oideachas sa teanga mhionlaigh a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil coinníollacha faoi leith comhlíonta acu (Canadian Council on Learning, 2009). Cuirtear an méid seo ar fáil má tá éileamh air agus é dlisteanach é a dhéanamh (Minister of Public Works and Government Services Canada, 2006): '...bhunaigh na cúigí agus na críocha scoileanna do chainteoirí Fraincise i roinnt mhaith pobal a bhfuil daonra tábhachtach a labhraíonn Fraincis iontu…chuir siad ar bun comhairlí scoile do chainteoirí dúchais chun na hionaid seo a bhainistiú thar ceann na ndaoine a bhfuil cearta acu. Dá bhrí sin, ghlac na hAireachtaí

Oideachais sna naoi gcúige agus sna trí chríoch a gcumhacht eisiach a roinnt le tríocha CSF[5] .' (Bourgeois, 2010:3).

Cé go bhfuil dualgas faoi leith ag Aireachtaí na gcúigí éagsúla i gCeanada i dtaobh soláthar oideachas Fraincise do chainteoirí dúchais Fraincise, tá an chumhacht sin á roinnt acu le comhairlí scoile a bhfuil cumhachtaí cinnidh faoi leith acu. Seo sampla de chuid de na dualgais atá ar na comhairlí scoile:

1. Sainaithint riachtanais scolaíochta an phobail lena mbaineann siad
2. Caiteachas réamhfhaisnéisithe ar theagasc agus ar ionaid scoile
3. Earcú agus leithdháileadh na bpearsanra teagaisc
4. Ainmniú agus treorú na bpearsanra riaracháin
5. Bunú na gclár scolaíochta
6. Cur i gcrích na gcomhaontuithe maidir le teagasc agus le seirbhísí eile atá curtha ar fáil
7. Suíomh na scoileanna mionlaigh a shocrú (Bourgeois, 2010: 3).

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Dírítear sa chur síos seo ar an gcóras scolaíochta Fraincise (Francophone) do lucht labhartha na Fraincise atá ina mionlach i mórphobal Béarla. Cuireadh tús le tumoideachas Fraincise i gCeanada i dtús na 1970idí. Tá cáil ar an gcóras seo ar fud an domhain de bharr an méid ratha atá air le roinnt blianta. Cé go bhfuil roinnt cosúlachtaí le feiceáil idir an scoil Fraincise agus an scoil tumoideachais Fraincise, ní hionann an dá chineál scoile. Is mar seo a dhéanann O'Keefe cur síos ar an difríocht idir scoileanna Fraincise agus scoileanna tumoideachais Fraincise: 'French immersion is a program for the 'majority' child – a child who lives in an environment in which his or her first language is constantly reinforced by the surrounding community. The minority child lives in an environment in which the first

[5] Conceils Scolaire Francophone (Bord Oideachais Fainciseoirí/Comhairle Scoile Fainciseoirí)

language is often not present outside of the home or the school. Minority language education is designed for children whose first language is French, but live in a largely Anglophone environment.' (O'Keefe, 2001: 76).

Déanann Cormier et al., (2013) daingniú ar an idirdhealú seo ina gcur síos féin agus ar na deacrachtaí a bhain le hidirdhealú den chineál seo a bhaint amach: 'There were significant court struggles to acquire a distinct school system controlled by the French minority and separate from the Anglophone French Immersion L2 programme. For this reason, the term 'French immersion' is used in Canada only to refer to the French as a second language immersion programme in the Anglophone system.' (161)

Mar sin, is dhá scoil iomlána difriúla iad na scoileanna Fraincise agus na scoileanna tumoideachais Fraincise. In Éirinn, maidir le scoileanna Gaeltachta agus scoileanna tumoideachais Gaeilge, aithníonn Curaclam na Bunscoile an difríocht seo freisin: '…scoileanna arb í an Ghaeilge go coitianta teanga an bhaile agus meán teagaisc na scoile; agus scoileanna lán-Ghaeilge arb í, nó nach í, an Ghaeilge teanga an bhaile arb í meán teanga na scoile í.' (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999: 43).

Is ar chainteoirí T1 Fraincise a dhírítear i gcóras na scoileanna Fraincise agus bíonn coinníollacha áirithe le comhlíonadh sular féidir glacadh leis na gasúir seo. Tá na coinníollacha seo leagtha amach sa Chairt um Chearta agus Shaoirsí Cheanada. De réir na cairte seo, tá sé de cheart ag tuismitheoirí atá ina gcónaí i gceantair ina bhfuil an Béarla i réim, go gcuirfí oiliúint ar a gcuid gasúr trí Fhraincis má(s):

- í an Fhraincis teanga dhúchais na dtuismitheoirí,
- trí Fhraincis a cuireadh oideachas ar na tuismitheoirí agus iad i gCeanada,
- tá gasúr eile ag na tuismitheoirí agus má tá oiliúint á chur air/uirthi trí Fhraincis nó má cuireadh oideachas ar a ngasúr trí Fhraincis i gCeanada roimhe seo (Minister of Public Works and Government Services Canada, 2006).

Tá an ceart céanna le fáil ag cainteoirí dúchais Béarla atá ina gcónaí i gceantair láidre Fraincise (Quebec), áit a gcuirfear oiliúint ar a gcuid gasúr trí Bhéarla má:

- cuireadh oideachas ar na tuismitheoirí trí Bhéarla i gCeanada
- tá gasúr eile ag na tuismitheoirí agus má tá oideachas á chur air/uirthi trí Bhéarla nó má cuireadh oideachas ar a ngasúr trí Bhéarla i gCeanada roimhe seo (Minister of Public Works and Government Services Canada, 2006).

I bpobal New Brunswick, áit a bhfuil córas dátheangach atá bunaithe ar an gcóras feidearálach, tá 30% den daonra ina gcainteoirí dúchais Fraincise. Tá laghdú ag teacht ar an bhfigiúr sin de bharr gnéithe faoi leith, mar shampla: an daonra a bheith ag dul in aois; iompú teanga; agus ardú i líon na lánúineacha eiseaghamacha[6]. Is gnéithe iad seo freisin atá le feiceáil i gceantair Ghaeltachta agus tá baint mhór acu leis an laghdú atá ag teacht ar líon na gcainteoirí dúchais sna ceantair.

Comhlíonann tuismitheoirí atá i gcaidrimh eiseaghamacha na coinníollacha a bhaineann le freastal a dhéanamh ar scoileanna Fraincise. Creidtear gurb é 33% de ghasúir New Brunswick (a bhfuil sé de chead acu freastal a dhéanamh ar scoileanna Fraincise) atá ina gcónaí i dteaghlaigh a bhfuil an dá theanga (Béarla agus Fraincis) á labhairt iontu. De réir dhaonáireamh 2006, is féidir léargas a fháil ar theanga baile na dteaghlach sin, '…the children's mother tongue is French for only 50% when it is the mother who is francophone and drops to 29% when the father is francophone.' (Cormier et al., 2013: 161).

Is mar gheall ar an méid daltaí i scoileanna Fraincise nach í an Fhraincis teanga baile na ndaltaí a cuireadh tús leis an '*Francization Programme*' (Cormier et al., 2013). Tá sé d'aidhm ag an gclár seo, forbairt a dhéanamh ar scileanna teanga na ndaltaí atá ar bheagán Fraincise. Cé gur cuireadh maoiniú ar fáil don chlár seo, níl aon pholasaí faoi leith leagtha amach lena chur i bhfeidhm. Mar sin, tá múnlaí éagsúla á gcur chun cinn i scoileanna

[6] Pósadh taobh amuigh den treibh nó den ghrúpa sóisialta nó den phobal teanga (Bourgeois, 2010: Gluais)

éagsúla. Is fiú súil a chaitheamh ar na múnlaí sin, de bharr na gcosúlachtaí atá idir comhdhéanamh na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus comhdhéanamh na ndaltaí i scoileanna Fraincise New Brunswick.

Déantar cur síos ar cheithre mhúnla faoi leith i dtaighde Cormier et al. (2013), '(1) sheltered class; (2) mainstream pull-out; (3) mainstream with in-class support and pull-out and (4) integrated model' (168). Is éard atá i gceist leis an 'sheltered class', go gcuirfí grúpa cainteoirí Béarla le chéile i rang ar feadh tréimhsí faoi leith le linn lá scoile. I múnla a dó agus a trí, tá sampla de 'pull-out' ann, áit a dtabharfaí grúpaí beaga le chéile (taobh amuigh den rang) anois agus arís le díriú ar ghnéithe faoi leith atá le forbairt. I múnla a trí freisin, is féidir le múinteoir tacaíochta a bheith sa rang leis na daltaí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu. Tá meascán de na múnlaí ar fad le fáil san 'integrated model' agus tá an-bhéim ar chomhoibriú idir múinteoirí.

De réir bhreithiúnais na múinteoirí, ba é múnla 4 an múnla ba láidre ach, ní raibh ach scoil amháin a raibh an múnla seo i bhfeidhm inti agus is cinnte go bhféadfadh gnéithe eile a bheith mar chúis ag an bhforbairt a tháinig ar scileanna Fraincise dhaltaí T2.

Rinneadh tagairt mar sin féin don imní a bhí ar mhúinteoirí maidir le forbairt scileanna na ndaltaí le Fraincis mar T1: 'Our qualitative data on teacher frustration illustrates, as seen in Hickey's work, just how difficult it can be to protect and promote minority language use by L1 children in the presence of majority language speakers. It was notable that in all schools and for every model except Model 1: sheltered class, school B, the issue of holding back French L1 students in their own language development was citied as a concern.' (Cormier et al., 2013: 173).

Ba iad an dá imní ba mhó a bhí ar mhúinteoirí agus na múnlaí seo á meas ná: 1) an líon Béarla a bhíonn á labhairt sa seomra ranga nuair a bhíonn líon ard cainteoirí dúchais Béarla sa rang, agus 2) a laghad ama a bhíonn ag múinteoirí treisiú a dhéanamh ar

scileanna teanga na ndaltaí le Fraincis mar T1 de bharr an méid ama a bhíonn le caitheamh acu ag múineadh scileanna bunúsacha Fraincise do lucht T2 na scoile.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Cé gur bhain cuid de na seirbhísí tacaíochta le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, ní léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

Tá 10,000 múinteoir ag múineadh i scoileanna Fraincise (i gceantair ina bhfuil an Fhraincis ina teanga mhionlaigh) agus tá na múnteoirí sin cláraithe leis an *Canadian Teachers' Federation (CTF)*. De bharr gur tuigeadh go raibh riachtanais faoi leith ag scoileanna Fraincise i gceantair ina bhfuil an Fhraincis ina teanga mhionlaigh, bunaíodh *Services to Francophones* in 2001 le dul i ngleic leis na riachtanais sin (Canadian Teachers' Federation, 2014).

Faoin tseirbhís seo, cruthaíodh an *Advisory Committee on French as a First Language*, a nascann múinteoirí ó cheantair ina bhfuil an Fhraincis ina teanga mhionlaigh le chéile. Is tríd an tseirbhís seo freisin a dhéantar staidéar agus taighde ar na gnéithe ar fad a bhaineann leis an bhFraincis sa chóras oideachais agus a chuirtear béim ar réimsí taighde faoi leith. Chomh maith leis an gcoiste seo, tá gréasán faoi leith ag oifigigh idirchaidrimh Frainciseora. Tugtar cead d'eagraíochtaí Fraincise daoine a ainmniú le bheith ina n-oifigigh idirchaidrimh. Bíonn baint mhór acu: le cur chun cinn an oideachais trí Fhraincis; le heolas a scaipeadh ar oideachas Fraincise; agus le tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil (Canadian Teachers' Federation, 2014).

Nuair a bunaíodh seirbhís na bhFrainciseoirí, socraíodh ar phlean taighde a chur chun na Fraincise, dar teideal *The School at the Heart of a Thriving Francophonie.* Díríodh ar réimsí leathan taighde agus an plean á chur i dtoll a chéile; an luathoideachas, modhanna múinte, agus riachtanais mhúinteoirí ina measc. Mar chuid den taighde feidhmeach freisin,

cuireadh leabhar oibre le chéile, bunaithe ar ghníomhaíochtaí cultúrtha dar teideal *DEBOUT*. Tá leabhar oibre agus dlúthdhiosca le fáil sa phacáiste agus dearadh suíomh idirlín bunaithe ar an leabhar (Canadian Teachers' Federation, 2014). Tar éis an plean taighde feidhmigh a chur i gcrích, cuireadh tús le plean nua dar teideal *The French-language School at the Pace of Change* (2008-2012) áit ar cuireadh béim ar shé ghné faoi leith:

i. Gasúir a mhealladh chuig scoileanna Fraincise
ii. Feabhas a chur ar infreastruchtúr na scoileanna
iii. Cúnamh a chur ar fáil maidir le hearcaíocht agus traenáil do mhúinteoirí (go háirithe gnéithe den mhúinteoireacht a bhaineann go sonrach le Frainciseoirí sna ceantair mhionlaigh)
iv. Modhanna múinte agus acmhainní a dhéanann freastal ar riachtanais shainiúla na ndaltaí i scoileanna Fraincise
v. Cultúr agus féiniúlacht na bhFrainciseoirí a chur chun cinn

Cláir speisialta/seirbhísí luathoideachais a chur ar fáil do Fhrainciseoirí agus ceangal a bheith ag na cláir leis na bunscoileanna agus le hionaid éagsúla (Canadian Teachers' Federation, 2007).

Chomh maith leis an tseirbhís do mhúinteoirí a chuirtear ar fáil do Fhrainciseoirí Cheanada i gceantair ina bhfuil an teanga ina teanga mhionlaigh, is ann do sheirbhís atá dírithe ar mhúinteoirí atá ag múineadh i scoileanna tumoideachais Fraincise - *Canadian Association of Immersion Teachers*. Bheartaigh an dá sheirbhís múinteoireachta - an *Canadian Teachers' Federation* agus an *Canadian Association of Immersion Teachers,* teacht le chéile chun breathnú le clár tacaíochta a chruthú do mhúinteoirí nua-cháilithe (múinteoirí tumoideachais Fraincise agus múinteoirí i scoileanna Fraincise) a bheadh bunaithe ar na meáin shóisialta. Labhraíodh le múinteoirí lena gcuid tuairimí a fháil ar an

gclár agus rinneadh iarracht plean a mholadh le haghaidh clár dá leithéid a chur i bhfeidhm (Canadian Teachers' Federation, 2012). Mar chuid den chlár sin, cinneadh go mbeadh gnéithe faoi leith an-tábhachtach. Seo liosta de chuid de na gnéithe sin:

- Innéacs a bheith ar fáil do na hacmhainní ar fad atá ar líne.
- Físeáin dea-chleachtais a bheith ar fáil in áit amháin.
- Ábhar a chur ar fáil i bhfoirm 'video capsules' le go mbeadh sé níos éasca iad a roinnt.
- Straitéisí do bhainistíocht ranga a bheith ar fáil.
- Bealaí a chur ar fáil le hábhar múinteoireachta a chuardach go héasca.
- An t-ábhar a bheith éasca le láimhseáil.
- Straitéisí úsáideacha a chur ar fáil a bheadh éasca a úsáid sa rang – béim ag múinteoirí ar dhea-chleachtais sa rang.
- Bheith in ann ábhar a mhalartú go héasca.
- Bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí eile.
- Bheith in ann tuairimí a nochtadh.
- Pobal idirghníomhach ar líne a chur ar fáil trí mheáin shóisialta ar nós Facebook nó Twitter (Canadian Teachers' Federation, 2012).

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Tá cáil ar Cheanada mar gheall ar a chóras tumoideachais Fraincise agus tá borradh tagtha faoi ó cuireadh tús leis i dtús na 1970idí. Creideann Landry et al. (2007) go raibh baint mhór ag an rath seo ar an bhfaillí a bhí á dhéanamh ar chainteoirí dúchais Fraincise taobh amuigh de Quebec, 'French as a second language was better promoted for Canada's Anglophone majority than it was as a first language for the Francophone minority in most Canadian provinces.' (134). Cé go bhfuil feabhas tagtha ar an gcás seo sa lá atá inniu ann, is

cinnte go mbíonn deacrachtaí faoi leith ag cainteoirí dúchais Fraincise agus córas oideachais trí Fhraincis á éileamh acu.

Cinntítear, sa Chairt um Chearta agus Shaoirsí Cheanada, go gcuirfear oideachas trí mheán na Fraincise ar fáil do Fhrainciseoirí taobh amuigh de Quebec a bhfuil coinníollacha faoi leith comhlíonta acu. B'fhiú, mar sin féin, bheith airdeallach ar an aguisín sa reachtaíocht a mhíníonn go gcuirfear an cineál seo oideachais ar fáil, má tá éileamh air agus é dlisteanach é a dhéanamh. Tuigtear go gcuireann sé seo isteach ar cheantair nach bhfuil mórán Frainciseoirí iontu agus is ceist í atá pléite i gcúirteanna na tíre (Landry et al., 2007).

Cé gur míníodh i staidéar a rinne O'Keefe (2001) ar an gclaonadh a bhíonn ag tuismitheoirí (a bhfuil sé de cheart acu a gcuid gasúr a bheith faoi oiliúint sa Fhraincis) a ngasúir a chur chuig scoileanna Béarla agus go raibh an cinneadh á dhéanamh, bunaithe ar ghnéithe ar nós stádais shocheacnamaíoch agus tábhacht an Bhéarla i dtaobh fostaíochta, chonacthas gurb é fad na scoile ón teach cónaithe a bhí ar cheann de na fáthanna ba mhó a bhí ag tuismitheoirí agus scoil á roghnú acu. Is cinnte go mbeadh deacrachtaí ag tuismitheoirí a gcuid gasúr a thabhairt chuig scoileanna Fraincise, mura raibh an cineál sin scoile ina gceantar féin. Is cosúil go mb'fhearr le tuismitheoirí a gcuid gasúr a bheith ag freastal ar an scoil áitiúil, ach ní i gcónaí a bhíonn fáil ar scoileanna Fraincise i ngach ceantar.

Cinneadh eile a dhéanann tuismitheoirí Fraincise ná scoileanna tumoideachais Fraincise, seachas scoileanna Fraincise, a roghnú dá gcuid gasúr. Is minic a dhéantar an cinneadh seo de bharr easpa tuisceana ar an difríocht idir an dá chóras (Landry et al., 2007). Creideann roinnt tuismitheoirí, go háirithe i dteaghlaigh ina bhfuil an dá theanga á labhairt, go bhfuil an córas tumoideachais níos oiriúnaí de bharr go ndéanann sé freastal ar an dá theanga atá acu féin (Landry et al., 2007). Creideann tuismitheoirí, a bhfuil an Fhraincis acu, freisin gurb é an clár a mbeadh an méid céanna Fraincise agus Béarla ann, an clár is

fearr don dátheangachas. Cáineann Landry et al. (2007) an dearcadh seo agus míníonn siad go mbaineann an cineál seo cláir le dátheangachas dealaitheach (subtractive bilingualism), áit nach mbíonn an caighdeán céanna ag páistí sa dá theanga, mar a fheictear i dtaighde atá déanta go dtí seo. Is é an clár is mó a bhaineann le dátheangachas suimitheach (additive bilingualism) áit a mbíonn ardchaighdeán sa dá theanga de réir an taighde, ná clár ina múinfí gach rud seachas Béarla trí Fhraincis (Landry et al., 2007). Is léir mar sin go bhfuil an-tábhacht ag baint le tuiscint an tuismitheora ar chórais éagsúla agus gurbh fhiú taighde a bhaineann le teangacha sa chóras oideachais, chomh maith le himpleachtaí na gcur chuigí éagsúla, a chur faoina mbráid.

Tátal

Is cinnte go bhfuil cosúlachtaí le feiceáil idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Fraincise (taobh amuigh de Quebec) agus scoileanna Gaeltachta. Cé gurb é córas cláraithe na ngasúr sa dá chineál scoile an difríocht is mó, is léir go bhféadfadh cuid de na deacrachtaí céanna a bheith sa dá chineál scoile de bharr chomhdhéanamh teangeolaíoch na ndaltaí. Feictear freisin go ndéantar idirdhealú idir scoileanna Fraincise agus scoileanna tumoideachais Fraincise i gCeanada, rud atá amhlaidh anseo in Éirinn.

Is fiú breathnú ar na seirbhísí speisialta a chuirtear ar fáil do Fhrainciseoirí Cheanada mar eiseamláir d'Éirinn, go háirithe, seirbhísí a dhíríonn ar na cainteoirí dúchais agus ar na scoileanna Fraincise amháin. Cothaíonn an *Advisory Committee on French as a First Language* atá faoi scáth *Services for Francophones* nasc idir múinteoirí Fraincise i scoileanna Fraincise, nasc a d'fhéadfaí a chothú idir múinteoirí Gaeltachta dá mbeadh coiste dá leithéid ar fáil. Is tríd an gcóras seo freisin a aimsítear ábhair thaighde atá sainiúil do riachtanais na scoileanna Fraincise. Thabharfadh an coiste seo deis do scoileanna Gaeltachta díriú ar a gcuid sainriachtanas féin.

D'eascair an leabhar oibre *DEBOUT,* atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí cultúrtha, as an taighde a rinneadh ar ghnéithe a bhain le hoideachas Fainciseoirí i scoileanna Fraincise. Tá an-éileamh ar an leabhar agus tá múinteoirí an-sásta leis, '[S]ince this cultural activities kit was launched in 2002, the integration of elements specific to the Francophone culture into teaching has evolved considerably.' (Canadian Teachers' Federation, 2014: http://www.ctf-fce.ca/en/Pages/Francophones/debout.aspx). D'fhéadfadh leabhar den chineál seo a bheith feiliúnach do scoileanna Gaeltachta mar ábhar cúnta do mhúinteoirí.

Maidir leis an gclár tacaíochta do mhúinteoirí nua-cháilithe, chreid níos mó ná 95% de na múinteoirí nua-cháilithe a ghlac páirt sa taighde, go mbeadh tóir ar chlár tacaíochta fíorúil agus iad i mbun múinteoireachta, 'Our consultation shows that, for teachers, the main benefits of a virtual community are access to content and the opportunity to comment, to team up with experts and specialists, and to promote content on other networks.' (Canadian Teachers' Federation, 2012: 18). Bheadh an cineál seo cláir úsáideach do mhúinteoirí i gcoitinne agus is clár é a bheadh an-áisiúil do mhúinteoirí Gaeltachta. Is bealach é le múinteoirí a thabhairt le chéile, a gcuid tuairimí a roinnt, ábhar teagaisc a aimsiú ar bhealach an-áisiúil agus comhairle a lorg ó shaineolaithe. De bharr chúrsaí tíreolaíochta, ní i gcónaí a bhíonn sé indéanta múinteoirí na Gaeltachta a thabhairt le chéile ar bhonn rialta; mar sin, ba bhealach é seo chun an deacracht sin a shárú.

5. An Fhreaslainnis san Ísiltír

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Tá 643,000 duine ag cur fúthu in Fryslan san Ísiltír agus tá 350,000 díobh ina gcainteoirí dúchais Freaslainnise (Douwes, Hanenburg & Lotti, 2010). Teanga Ind-Eorpach atá inti agus tá gar-ghaol aici leis an mBéarla agus is í an chanúint Ísiltíreach is faide ón Ollainnis chaighdeánach í (Gooskens & Heringa, 2004). Tá trí phríomhchanúint Freaslainnise ann: an Fhreaslainnis Iartharach, an Fhreaslainnis Oirthearach agus Freaslainnis an Tuaiscirt. I

gcomhthéacs náisiúnta, aithnítear an Fhreaslainnis mar theanga mhionlaigh faoin gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlacha agus tá an stádas reachtúil céanna ag an bhFreaslainnis agus atá ag an Ollainnis i gCúige Fryslan. Tá áit na Freaslainnise an-lag i sochaí na hÍsiltíre, áfach, mar gheall nach mbreathnaítear uirthi mar theanga atá tábhachtach do chúiseanna socheacnamaíocha (Van der Bij & Valk, 2005 luaite in Gorter & Van der Meer, 2008). Tá comhaontú riaracháin socruithe le déanaí idir Rialtas na hÍsiltíre agus Údaráis Áitiúla Fryslan ina leagtar amach na céimeanna tábhachtacha atá le comhlíonadh, maidir le teanga agus cultúr dúchasach an chúige a chosaint agus a chur chun cinn (The Government of the Netherlands, 2013).

Tá trí phríomhghné sa bhrú atá tagtha ar an bhFreaslainnis mar theanga an phobail i gCúige Fryslan. Ar an gcéad dul síos, bíonn cainteoirí Ollainnise ag bogadh isteach sa chúige gan aon Fhreaslainnis acu. Chomh maith leis sin, tá laghdú go 48% ar líon na dtuismitheoirí Freaslainnise atá ag tógáil a gcuid páistí leis an teanga sin (Provinsje Fryslan, 2007b luaite in Riemersma, Jong & Kalsbeek, 2010) agus is í an Ollainnis an phríomhtheanga chaidrimh agus shóisialta i measc go leor de lucht labhartha na Freaslainnise (Douwes et al., 2010).

Sóláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Ag leibhéal na réamhscolaíochta, tá 7,500 páiste cláraithe in thart ar 300 ionad sa Fryslan (Douwes et al., 2010). Tá 46% de na páistí sna hionaid seo ina gcainteoirí dúchais Freaslainnise agus tá 52% díobh ina gcainteoirí dúchais Ollainnise. Baineann cúlra teangeolaíochta na bpáistí go príomha le cúinsí tíreolaíochta; tá tromlach na réamhscoileanna Freaslainnise lonnaithe faoin tuath agus tá tromlach na réamhscoileanna Ollainnise lonnaithe sna cathracha (Boneschansker & LeRutte, 2000 luaite in Douwes et al.,2010).

Ag leibhéal na bunscolaíochta, tá 62,815 dalta cláraithe i 486 scoil ar fud an chúige (Douwes et al., 2010). Ón mbliain 1980 ar aghaidh, rinneadh ábhar éigeantach den Fhreaslainnis i gCúige Fryslan sa chóras bunscolaíochta agus é mar aidhm ag an gcuraclam go gcuirfear ar chumas na bpáistí inniúlacht iomlán a bhaint amach sa Fhreaslainnis agus san Ollainnis (Ytsma, 2000). Tá cúrsa teanga darbh ainm *Taal Rotonde* (Timpeallán na Freaslainnise) in úsáid ag thart ar 300 scoil as 500, chun an aidhm seo a bhaint amach. As líon iomlán na mbunscoileanna sa chúige, tá díolúine ó mhúineadh na Freaslainnise faighte ag 6% díobh mar gheall nach bhfuil an teanga á labhairt go forleathan ina gceantair. I dtromlach na mbunscoileanna, déantar idir 10%-30% den teagasc foirmiúil trí Fhreaslainnis, ach níl aon scoil sa chúige ina bhfuil an tumoideachas nó an t-oideachas oidhreachta/cothabhála i bhfeidhm (Ytsma, 2000). Tá méadú ar líon na scoileanna atá ag teagasc na Freaslainnise do leathlá nó do lá iomlán, ach is faoin scoil féin a fhágtar an cinneadh maidir le líon na n-uaireanta a chaitear ar theagasc teangacha (Douwes et al., 2010). Mar gheall air seo, feictear an-éagsúlacht maidir leis an méid ama a chaitear ar mhúineadh na Freaslainnise agus leagtar an-bhéim ar chothú na meon dearfach teangeolaíochta agus ar thuiscint agus labhairt na Freaslainnise seachas ar léitheoireacht, scríbhneoireacht ná úsáid na teicneolaíochta, de réir chigireacht oideachais na hÍsiltíre (Inspectie van het Onderwijs, 2006 luaite in Riemersma et al., 2010)

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Tionscnamh tábhachtach teangeolaíochta sa chóras bunoideachais is ea an *Trijetalige Skoalle* (scoil thrítheangach). Sna scoileanna seo, cuirtear oideachas ar fáil i dtrí theanga: an Ollainnis, an Fhreaslainnis, agus an Béarla. Sna scoileanna trítheangacha seo, leantar le múnla 50:50 (Freaslainnis:Ollainis) ó ghráid réamhscolaíochta suas go dtí Grád 6 (thart ar aois deich mbliana). Sa seachtú agus san ochtú grád, leantar múnla 40:40:20 (Freaslainnis: Ollainnis: Béarla). Tá fás foisteanach tagtha ar an ngluaiseacht seo agus bhí sé i gceist ag

an rialtas áitiúil in Fryslan líon na scoileanna, ina bhfuil an clár trítheangach á leanúint, a mhéadú ó 7 scoil i 1997 go 50 scoil in 2012 (Provinsje Fryslan, 2006 luaite in Riemersma et al., 2007).

Tá 60,670 dalta meánscoile cláraithe i gceann de ghnáth-iar-bhunscoileanna an chúige, ach gan an Fhreaslainnis a bheith ar fáil mar ábhar ach i 70% dóibh. Nuair a roghnaítear an Fhreaslainnis mar ábhar, ní chuirtear ach uair an chloig amháin in aghaidh na seachtaine, nó thart ar 40 uair an chloig don chéad scoilbhliain, ar fáil do dhaltaí agus cé gur féidir an Fhreaslainnis a dhéanamh mar ábhar scrúdaithe ag deireadh na hiar-bhunscoile, níor chláraigh ach 78 dalta chun a leithéid a dhéanamh sa scoilbhliain 2008 (Douwes et al., 2010). Tá scoileanna dátheangacha ann ag leibhéal na meánscolaíochta, ach is iad an Béarla agus an Ollainnis na teangacha teagaisc iontu agus ní dhéantar ach an Fhreaslainnis a chur ar fáil mar ábhar roghnach (Douwes et al., 2010).

Tá dul chun cinn áirithe beartaithe ag an Rialtas Náisiúnta don Fhreaslainnis amach anseo agus é i gceist acu go gcuirfí 20 bunscoil in aghaidh na bliana leis an líon iomlán atá ag soláthar oideachais tríd an teanga, agus go mbeidh 25% de bhunscoileanna an chúige ina scoileanna trítheangacha agus go gcuirfí €90,000 sa bhreis in aghaidh na bliana leis an mbuiséad do chaomhnú na Freaslainnise (The Government of The Netherlands, 2013).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Luaitear sa tuairisc faoin gcomhaontú riaracháin idir Rialtas na hÍsiltíre agus na hÚdaráis Áitiúla go mbeidh fáil ar ardchaighdeán áiseanna teagaisc idir ‘áiseanna fisiciúla agus digiteacha’ (The Government of the Netherlands, 2013) ach ní dhearnadh tagairt sonrach maidir le céard go díreach a bhí i gceist leo.

Seirbhísí Tacaíochta

Ní léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna bainteach le seirbhísí tacaíochta a bheadh ábhartha don taighde seo.

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Tá daltaí bunscoile sa chúige faoi bhun an mheáin náisiúnta sna scrúduithe caighdeánaithe Ollainnise agus Matamaitice (Van Ruijven, 2003 luaite in Gorter et al.,2008). Tá sé seo an-suntasach i measc daltaí ó chúlraí ísle sochtheangeolaíochta ach go háirithe, ach é a bheith fíor maidir le daltaí ón meánaicme agus uasaicme chomh maith. Léirítear go mbíonn na rataí ísle cumais an-suntasach i measc na ngrád sinsearach sa bhunscoil (Van Ruijven, 2003 luaite in Gorter et al.,2008).

Maidir leis an oideachas trítheangach a luadh thuas, léiríodh go mbíonn 'gnóthachtáil thábhachtach' déanta ag na daltaí in dhá theanga (an Fhreaslainnis agus an Béarla) agus nach mbíonn tionchar diúltach ar a gcumas san Ollainnis (Van der Meij, 2008). Maidir leis an gcaighdeán múinteoireachta, léiríodh nach raibh ach 60% de mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile sa chúige cáilithe nó sách cumasach chun an Fhreaslainnis a mhúineadh (The Government of The Netherlands, 2013) agus, mar gheall air seo, tá iarrachtaí ar bun cúrsaí tríú leibhéal a sholáthar chun an bhearna chumais seo a laghdú.

Tátal

Tá fíorbheagán taighde comhaimseartha déanta faoin bhFreaslainnis sa chóras oideachais, agus mar sin, bheadh sé an-deacair ceachtanna a fhoghlaim do chomhthéacs na Gaeltachta. Tá spriocanna áirithe teanga leagtha amach ag an rialtas áitiúil in Fryslan don Fhreaslainnis maidir le cúrsaí oideachais, ach bheadh na gnéithe sin i bhfeidhm sa Ghaeltacht cheana féin. Gné mhór sa díospóireacht faoi thodhchaí na teanga is ea fás an Bhéarla mar *lingua franca* trasna na hEorpa agus an tionchar a bheidh ag an teanga sin ar mhionteangacha, ar

nós na Freaslainnise. San Ísiltír anois, breathnaítear ar an mBéarla mar thríú teanga oifigiúil na tíre seachas teanga eachtrannach. Ciallaíonn sé seo go mbeidh dúshlán amach anseo an Fhreaslainnis a chur chun cinn sa chóras oideachais mar, má bhíonn rogha le déanamh idir mionteanga áitiúil agus mórtheanga dhomhanda, is minic a dhéanfar an rogha pragmatach. Breathnaítear ar na scoileanna trítheangacha san Ísiltír mar réiteach amháin ar an dúshlán seo.

6. An Ghàidhlig in Albain

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Tá 5,313,600 daoine ag cur fúthu in Albain agus 58,000 díobh ina gcainteoirí Gàidhlig (Scottish Census, 2011). I ndaonáireamh na hAlban (2001), bhí 58,652 ina gcainteoirí Gàidhlig anuas ón bhfigiúr 65,978 sa bhliain 1991. Léiríonn sé seo go bhfuil líon na gcainteoirí Gàidhlig ag titim, ach go bhfuil an titim sin ag moilliú beagáinín. Tá stádas oifigiúil, reachtúil bainte amach ag an nGàidhlig le blianta beaga anuas agus bunaíodh Bord na Gàidhlig mar chuid den Gaelic Language (Scotland) Act 2005. Is iad aidhmeanna an Bhoird ná: comhairle a thabhairt d'airí Rialtas na hAlban i dtaobh na Gàidhlig; plean náisiúnta don Ghàidhlig a ullmhú agus a stiúradh; comhairle a thabhairt maidir le hoideachas trí Ghàidhlig; agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnéithe den Chairt Eorpach de Theangacha Réigiúnacha agus Mionlacha.

Labhraítear an Ghàidhlig go príomha sna Garbhchríocha ó thuaidh agus ar na hOileáin Thiar in Albain agus is ansin a fhaightear ceantair dhúchais na Gàidhlig.

Soláthar Oideachais trí Mhéan na Mionteanga

Cé go n-aithnítear an difríocht idir scoil Ghaeltachta agus gaelscoil in Éirinn, ní dhéantar an t-idirdhealú foirmiúil sin in Albain agus breathnaítear ar gach scoil Ghàidhlig mar aonán amháin. Bíonn dúshlán ag baint le hanailís ar an oideachas trí Ghàidhlig mar gheall air seo

mar go mbíonn sé deacair na scoileanna 'Gaeltachta' a scaradh amach ó na 'gaelscoileanna'.

Sa scoilbhliain 2010/11, bhí 802 naíonán ag freastal ar 58 naíonra réamhscoile Gàidhlig ar fud na hAlban. Ag leibhéal na bunscolaíochta, bhí 2,316 dalta ag freastal ar 60 aonad Gàidhlig agus bhí 410 dalta ag fáil meánscolaíochta trí Ghàidhlig (Comunn na Gàidhlig, 2014). Ciallaíonn sé sin go bhfuil 2,786 dalta san iomlán ag gach leibhéal ag freastal ar oideachas trí Ghàidhlig in Albain.

In ainneoin gur figiúirí an-íseal iad seo, tá fás tagtha ar an oideachas trí Ghàidhlig in Albain nuair a chuirtear na figiúirí sin i gcomparáid leis an scoilbhliain 1985/86, tráth a raibh 24 páiste ag freastal ar bhunscoil trí Ghàidhlig. Tugtar le fios go dtagann thart ar 22% de líon iomlán na ndaltaí ó chúlra teangeolaíochta ina bhfuil an Ghàidhlig mar phríomhtheanga (O'Hanlon, 2012: 58).

Tá an córas oideachais in Albain neamhspleách agus éagsúil ón gcóras oideachais sa chuid eile den Ríocht Aontaithe ina iomlán (Humes & Bryce, 2003; Raffe, 2004) agus is cosúil go bhfuil roinnt neamhspleáchais ag údaráis áitiúla na hAlban maidir leis an soláthar oideachais a chuirtear ar fáil iontu. Tá tionchar ag an gcur chuige seo ar sholáthar an oideachais dhátheangaigh, agus i dtaobh an oideachais trí Ghàidhlig, mar shampla, tá 18 n-údarás oideachais as 32 nach bhfuil soláthar Gàidhlig ar fáil iontu ar chor ar bith (Rogers & McLeod, 2006: 363). Fiú amháin sna scoileanna sin ina bhfuil oideachas trí Ghàidhlig ar fáil, faightear an-éagsúlacht ó scoil go scoil maidir leis an méid Gàidhlig a úsáidtear (O'Hanlon, 2010); sna hOileáin Thiar ina bhfuil 61% den daonra ina gcainteoirí Gàidhlig, níl ach 26% dóibh ag freastail ar oideachas trí Ghàidhlig (McLeod, 2001: 15). Osclaíodh an chéad aonad Gàidhlig ar na hoileáin sin sa bhliain 1986, ach tá an t-oideachas trí Bhéarla fós ina réamhshocrú oideachais agus caithfidh tuismitheoirí na n-oileán rogha sonrach a dhéanamh i dtaobh an oideachais trí Ghàidhlig, má tá a leithéid uathu dá bpáistí

(Rogers & McLeod, 2006: 363). De ghnáth, cuirtear tumoideachas ar fáil in aonad nó i sruth Gàidhlig laistigh de ghnáthbhunscoil Bhéarla agus níl sa tír ar fad ach trí bhunscoil neamhspleácha nach bhfuil nasctha le príomhbhunscoil Bhéarla (Gaelic Excellence Group, 2011). Tumtar na daltaí sa sprioctheanga ón gcéad lá ar aghaidh ar scoil (P1 agus P2) agus is sa tríú scoilbhliain (P3) a thosaítear ag múineadh scileanna litearthachta an Bhéarla de ghnáth (Comann nam Pàrant, 2013).

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Tá moladh tagtha chun cinn ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta gur cheart Ionad Náisiúnta Barr Feabhais a bhunú chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do scaipeadh eolais faoi chúrsaí, acmhainní, deiseanna traenála agus forbairt ghairmiúil leanúnach (Gaelic Excellence Group, 2011). Bhunófaí na hionaid seo ar mhúnla an mhoil lárnaí (central hub) a úsáidtear sa scéim *Confucius Classrooms* go hidirnáisiúnta agus ar fud na hAlban. D'eascair seomraí ranga Confucius as comhaontú comhoibrithe idir Education Scotland agus Haban (The Office of Chinese Language Council International) chun cultúr na Síne a chur chun cinn agus tá moladh tagtha chun cinn go bhféadfaí Cultúr na Gàidhlig a chur chun cinn tríd an múnla céanna. Oibríonn na scoileanna rannpháirteacha leis na húdaráis áitiúla agus faigheann siad maoiniú ó Rialtas na Síne, chun imeachtaí cultúrtha a bhaineann leis an tSín a chur chun cinn. Déantar iarrachtaí naisc a chothú le heagraíochtaí cultúrtha Síneacha agus an tSínis a chur chun cinn trí í a mhúineadh do mhuintir an phobail uile (Education Scotland, 2014). Lonnaítear na moil nó na hionaid 'barr feabhais' seo i scoil amháin i ngach ceantar. Freastalaíonn siad ar phobail agus ar scoileanna sa cheantar máguaird chun gníomhaíochtaí cultúrtha a chur chun cinn agus chun smaointí agus acmhainní a roinnt, maidir le foghlaim agus múineadh na Gàidhlig. Tá moil mar seo i bhfeidhm in 12 mheánscoil ar fud na hAlban maidir le foghlaim agus múineadh na Sínise

agus tá tuairimíocht ann go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm chun cultúr na Gàidhlig a chur chun cinn.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Do scoileanna nach bhfuil ag feidhmiú trí Ghàidhlig ach a bhfuil spéis acu tús a chur le ranganna nó modúil sa teanga sin, moltar go mbainfeadh siad úsáid as múinteoirí taistil agus eolas na teicneolaíochta faisnéise chun an t-éileamh sin a shásamh (Comhairle na Gàidhealtachd, 2002). Is éard a bheadh i gceist leis an múinteoir taistil ná múinteoir nach mbeadh ceangailte go dlúth le scoil amháin ach a bheadh saor chun taisteal ó scoil go scoil sa cheantar, chun cleachtais dhearfacha a chur chun cinn maidir le múineadh agus foghlaim na Gàidhlig. Níor léiríodh go sonrach sa litríocht céard a bhí i gceist le húsáid na teicneolaíochta faisnéise áfach.

Seirbhísí Tacaíochta

Is ag leibhéal na bunscolaíochta a fhaightear roinnt scéimeanna agus iarrachtaí maidir le daoine a mhealladh i dtreo an oideachais trí Ghàidhlig. Sna Garbhchríocha ó thuaidh, cuireann an t-údarás áitiúil iompair bus saor in aisce ar fáil do dhaltaí arbh é mian a dtuismitheoirí é go bhfreastalóidh siad ar aonad Gàidhlig (Comhairle na Gàidhealtachd, 2002).

Bunaíodh cumann tuismitheoirí don oideachas trí Ghàidhlig (Comann nam Pàrant) sa bhliain 1994 chun leasanna na dtuismitheoirí, a bhfuil a bpáistí ag freastal ar an oideachas trí Ghàidhlig, a chur chun cinn. Is cumann náisiúnta, deonach é Comann nam Pàrant le 30 ballghrúpa ar fud na hAlban agus é ina scáthghrúpa de Chumann Ghaeilge na hAlban (Comunn na Gàidhlig). Is í príomhaidhm na gCumann ná suim a mhúscailt san oideachas trí Ghàidhlig agus tacaíocht a thabhairt do bhunú agus do bhuanú scoileanna Gàidhlig ag leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta (Comann nam Pàrant, 2014). Braitear go bhfuil buntáistí ag baint le cumainn mar seo a

bhunú mar go dtugtar tuismitheoirí le chéile chun ceisteanna oideachais a phlé, rud a chiallaíonn go mbíonn tuairimí agus teachtaireachtaí an chumainn aontaithe, dea-eagraithe agus comhtháite. Is féidir le hoifigigh ó Comann nam Pàrant ceisteanna oideachais a ardú leis na húdaráis oideachais áitiúla agus náisiúnta thar ceann a mball, agus labhairt go húdarásach d'aon ghuth faoi cheisteanna a bhaineann le hearnáil an oideachais trí Ghàidhlig. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cur chuige comhleanúnach agus comhtháite i bhfeidhm ag na cumainn, seachas tuismitheoirí aonaracha a bheith ag plé le ceisteanna aonaracha as a stuaim féin. Braitear go mbíonn sé níos éasca do chumann maoiniú a mhealladh le dul i mbun imeachtaí tacaíochta don teanga chomh maith.

Tá scéim chomhairleach tuismitheoirí á reáchtáil ag Pàrant go náisiúnta chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí maidir leis an oideachas trí Ghàidhlig. Fostaíodh oifigeach náisiúnta chun oiliúint a chur ar thuismitheoirí le cur ar a gcumas bheith ina gcomhairleoirí áitiúla ina gceantair féin. Bíonn na tuismitheoirí seo ag obair go deonach agus bíonn siad freagrach as eolas maidir leis an oideachas trí Ghàidhlig a scaipeadh: ar ghrúpaí réamhscolaíochta; ag seisiúin eolais; ar laethanta oscailte scoile; ar sheastáin mhargaíochta; agus cuireann siad eolas i láthair ag imeachtaí agus cuairteanna baile (Comunn na Gàidhlig, 2014).

Tá oifigeach lánaimseartha forbartha fostaithe ag Comhairle na Gaidhealtachd (Highland Council) le freagracht ar leith do chúram leanaí agus don réamhscolaíocht trí Ghàidhlig. Tugann an t-oifigeach seo tacaíocht do theaghlaigh agus do phobail atá ag iarraidh an Ghàidhlig a chur chun cinn agus déanann sé nó sí comhordú ar sheirbhísí tacaíochta agus ar ráthú caighdeáin san earnáil.

Cuirtear ranganna Gaeilge, seisiúin eolais agus seirbhís iasachta ar fáil do thuismitheoirí chomh maith. Maidir leis an tseirbhís iasachta, bíonn deis ag tuismitheoirí

acmhainní foghlama agus oideachais a fháil ar iasacht le cur ar a gcumas an Ghàidhlig a fhoghlaim nó le cúnamh a thabhairt dá bpáistí le hobair bhaile (Comhairle na Gàidhealtachd, 2002; Pàrant, 2013). Baineann na seisiúin eolais leis an tumoideachas agus an t-oideachas trí Ghàidhlig agus déantar iarracht aon cheist nó buairt a bhíonn ag tuismitheoirí i leith an oideachais dhátheangaigh a fhreagairt go sásúil. Maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama, tá suíomh idirlín http://www.storlann.co.uk/ ar a bhfuil freagracht do dhearadh agus do dháileadh acmhainní oiriúnacha ar scoileanna atá ag feidhmiú trí Ghàidhlig.

Bíonn pacáistí eolais (Lathaichean Fiorachaidh na Gàidhlig) á dtabhairt do thuismitheoirí ó na ceantair dhúchais agus déanann na pacáistí cur síos ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas go ginearálta agus an Ghàidhlig go speisialta (Comhairle nan Eilean Siar, 2012). Déantar é seo chun tuismitheoirí a mhealladh i dtreo an oideachais trí Ghàidhlig agus moltar suirbhé a dhéanamh sa todhchaí ar thuismitheoirí nár roghnaigh an cineál oideachais sin dá bpáistí, chun na cúiseanna a aimsiú agus mar chuid den phleanáil don todhchaí (Gaelic Excellence Group, 2011).

Tá béim mhór leagtha ar earcú múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach le blianta beaga anuas. D'fhógair Bòrd na Gàidhlig feachtas earcaíochta *(Thig gam Theagasc)* leis an éileamh do mhúinteoirí a mhúineann trí Ghàidhlig a shásamh (Bòrd na Gàidhlig, 2014). Tá suíomh idirlín *Gabh an Cothrom* (Tapaigh an Deis) mar chuid den fheachtas margaíochta faoin gceist seo (www.gaelicteaching.com) agus é ina thúsphointe do mhúinteoirí ar mian leo iompú i dtreo an oideachais trí Ghàidhlig. Gné lárnach den suíomh seo is ea eolas a sholáthar faoi chúrsaí oiliúna atá ar fáil do mhúinteoirí atá ag múineadh trí Bhéarla faoi láthair, chun iad a ullmhú le bheith ina múinteoirí trí Ghàidhlig, chomh maith le rannóg faoi dheiseanna fostaíochta i réimse an oideachais trí Ghàidhlig.

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Tá sé deacair dul chun cinn an chórais oideachais sna limistéir oidhreachta a mheas mar gheall nach ndéantar idirdhealú idir na scoileanna sin agus scoileanna lasmuigh de na limistéir a chuireann oideachas trí Ghàidhlig ar fáil.

Tátal

Tá stádas na Gàidhlig sna ceantair dhúchais Ghàidhlig níos leochailí ná stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht in Éirinn, bunaithe ar an bhfianaise sa litríocht. Is amhlaidh a d'fhéadfadh oideachasóirí na hAlban breathnú i dtreo na hÉireann mar threoir agus mar thacaíocht dá n-iarrachtaí aisiompú teanga a bhaint amach. É sin ráite, tá roinnt smaointí ann go bhféadfaí a chur i bhfeidhm i suíomh Gaeltachta in Éirinn nach bhfuil i bhfeidhm cheana. Moltar go bhféadfaí ionaid 'barr feabhais' a bhunú timpeall ar scoil amháin i ngach ceantar Gaeltachta. Bheadh na hionaid seo in ann maoiniú airgid a fháil chun a gcuid iarrachtaí a cur chun cinn agus iad freagrach as gnéithe éagsúla de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht a chur chun cinn. Ionaid thoilteanacha, chothaitheacha iad ina mbeadh an príomhoide agus an bord bainistíochta ag obair i gcomhpháirt le múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí chun forbairt a dhéanamh ar pholasaithe, ar chleachtais agus ar acmhainní teagaisc agus foghlama. Scaipfeadh na hionaid seo an t-eolas ar scoileanna eile sa cheantar sin ar mhaithe le dea-nósanna foghlama agus teagaisc a chur chun cinn. Chabhródh Cumann Tuismitheoirí na Gaeltachta go mór mar thacaíocht don oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. D'fhéadfaí múinteoirí Gaeltachta a spreagadh le cáilíocht ar leith a bhaint amach mar ullmhúchán don chomhthéacs eisceachtúil teangeolaíochta ina mbeidh siad ag feidhmiú agus an cháilíocht seo a bheith mar bhunriachtanas feasta.

7. An Haváis in Haváí (Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Tá 24,042 cainteoir Haváise i Stáit Aontaithe Mheiriceá (US Census, 2008) agus formhór díobh lonnaithe ar oileáin Haváí. Níl ach 0.1% de dhaonra Haváí ina gcainteoirí dúchais Haváise, áfach, agus an t-oileán Ni'ihau a bhfuil daonra 180 ann, an t-aon oileán as ocht gcinn ina bhfuil an teanga á labhairt ag formhór na ndaoine. Is é Haváí an t-aon stát i Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM feasta) ina bhfuil stádas oifigiúil stáit ag teanga dhúchais, rud a baineadh amach sa bhliain 1978. Cosúil le teangacha dúchasacha eile i SAM, tá an Haváis faoi bhrú ollmhór ón mBéarla.

Sóláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Tá cláir tumoideachais réamhscolaíochta *(Aha Punana Leo)* agus bunscolaíochta *(Ke Kula Kaiapuni)* i bhfeidhm in Haváí, go príomha ar mhaithe leis an Haváis a chur chun cinn agus cuirtear an-bhéim ar chultúr, thraidisiúin agus fhealsúnacht dhúchasach Haváí sna múnlaí oideachais seo. D'eascair an ghluaiseacht tumoideachais seo as athbheochan chultúrtha a tharla ar Oileáin Haváí sna 1960idí agus 1970idí (Ah Nee-Benham & Heck, 1997), inar fuasclaíodh spéis mhuintir Haváí ina gcultúr agus ina dteanga dhúchais agus i ndíchoilíniú na n-oileán. Ceann de mhórthorthaí na gluaiseachta seo ba ea oscailt na réamhscoileanna Haváise *Aha Punana Leo* a bunaíodh go mór ar eispéaras *Kohanga Reo* i dtraidisiún Māori na Nua-Shéalainne (Bowman, 1990). Tá an clár tumoideachais *Papahana Kaiapuni* anois mar chuid de sholáthar na Roinne Oideachais in Haváí ina gcuirtear an-bhéim ar athbheochan Haváise agus ar chur chun cinn an chultúir dhúchasaigh in Haváí (Yamauchi & Wilhelm, 2001). Sa bhliain 2008, bhí thart ar 1,500 dalta *Papahana Kaiapuni* cláraithe i 19 suíomh K-12 ar fud na n-oileán (Hawai'i State Department of Education, 2008). Roinneann ar a laghad 15 scoil as an bhfigiúr seo a suíomh scoile le scoil phríomhshrutha Béarla.

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Is í an Haváis an tríú sprioctheanga is mó i gcláir tumoideachais i SAM i ndiaidh na Spáinnise agus na Fraincise (Center for Applied Linguistics, 2013), agus tá trí mhúnla á gcur i bhfeidhm faoi láthair:

- Scoileanna Tumoideachais Iomláin atá neamhspleách ar aon scoil eile agus ar thionchar na scoileanna sin
- Cláir chomhtháite ina mbíonn daltaí tumoideachais Haváise agus daltaí príomhshrutha Béarla measctha le chéile do roinnt ranganna
- Múnla ina bhfuil tromlach an teagaisc déanta trí Bhéarla ach go bhfuil ranganna Haváise curtha ar fáil

Cleachtar an luath-thumoideachas iomlán i scoil amháin darbh ainm Nawahi ina dtagann meascán de chainteoirí dúchais agus d'fhoghlaimeoirí le chéile in aon suíomh oideachais amháin mar a bhfaighfí i scoileanna na Gaeltachta. Déantar 100% den teagasc sa scoil sin trí mheán na Haváise ó ghráid K-4 (Naíonra-Rang 2 in Éirinn) agus fágtar múineadh an Bhéarla go dtí Grád 5 (Rang 3 in Éirinn). Tá 261 dalta ag freastal ar an scoil ó Ghrád Pre-K go dtí Grád 12. Cosúlacht amháin a fheictear idir an clár Nawahi agus na cláir tumoideachais dhéthreoigh a fhaightear i gcomhthéacsanna eile i SAM, ná go n-úsáidtear na cainteoirí T1 Haváise mar eiseamláirí oideachais agus teanga do chainteoirí T2 Haváise (Lindolm-Leary, 2001) agus é mar aidhm ag na cláir go gcuirtear ar chumas na bpáistí an dátheangachas a bhaint amach. Seachas é sin, tá an dá mhúnla difriúil agus aithnítear go láidir le cláir tumoideachais Haváise an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag mórtheanga chumhachtach ar nós an Bhéarla ar chur chun cinn na mionteanga. Tá stádas speisialta ag an scoil chomh maith sa chaoi agus go bhfuil naisc acadúla ag an scoil le Coláiste tríú leibhéal Ka Haka 'Ula O Ke'elikolani. Déantar taighde faoi mhúineadh agus faoi fhoghlaim na Haváise sa scoil, bíonn sí in úsáid chun acmhainní a dhearadh agus a

chur ar fáil do scoileanna Haváise eile (Wilson & Kamana, 2006 luaite in Tedick et al., 2011) agus fiú amháin ar mhaithe le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí tumoideachais agus tástáil a dhéanamh ar bheartais nua oideachais dhátheangaigh (Tedick et al., 2011: 45).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Tá an scéim *E-School* i bhfeidhm ar mhaithe le húsáid na teicneolaíochta faisnéise a chur chun cinn i scoileanna Béarla Haváí, ach é a bheith molta anois do scoileanna tumoideachais (Department of Education State of Hawaii, 2014). Sa scéim seo, cuirtear ranganna ar fáil do dhaltaí ar an idirlíon agus iad ar fáil do gach uile dhalta bunscoile agus meánscoile sa chóras oideachais phoiblí. Is ranganna breise iad seo a chuirtear leis an ngnáthchuraclam agus iad curtha ar fáil ag múinteoirí láncháilithe. Am ar bith den lá, is féidir leis na daltaí logáil isteach ar mhodúl, obair a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar thascanna éagsúla, agus obair a leagan isteach ar líne le go gceartófaí í. Ceartaíonn na múinteoirí an obair agus seoltar ar ais í le haiseolas, ceartúcháin, agus moltaí áirithe chun an obair a chur i gcrích ar chaighdeán sásúil. Déanann na daltaí cumarsáid le chéile agus le múinteoirí trí úsáid a bhaint as blaganna, fóraim dhíospóireachta, agus seomraí ranga fíorúla. Is iad na cúrsaí a chuirtear ar fáil ná Mata, Béarla, Staidéar Sóisialta, Oideachas Teicniúil agus Gairmthreorach, Oideachas na Mínealaíon agus Sláinte (Department of Education State of Hawaii, 2014).

Seirbhísí Tacaíochta

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí sna cláir tumoideachais in Haváis agus cuirtear iallach ar thuismitheoirí na ndaltaí réamhscoile, ocht n-uair an chloig cúnaimh in aghaidh na míosa a thabhairt don réamhscoil sin agus freastal ar ranganna Haváise ionas go mbeidh siad in ann tacaíocht a thabhairt don teagasc scoile (Reyhner, 2003), rud a chiallaíonn go gcruthaítear nasc láidir idir tuismitheoirí agus an scoil. Maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, moltar gur ceart deis a thabhairt do mhúinteoirí tumoideachais tréimhse shaor a thógáil ón

múinteoireacht chun tuilleadh oiliúna oideolaíochta a fháil (Yamauchi & Ceppi, 2006) ach ní léir ón léirbhreithniú litríochta seo ar cuireadh an moladh sin i bhfeidhm go dtí seo. Moltar go gcaithfear cúram ar leith a dhéanamh do mhúineadh Haváise sna luathbhlianta agus múinteoirí le hardchaighdeán teanga sa Haváise a chur i mbun oibre sna luathbhlianta naíonáin, chun bunús láidir teangeolaíochta a thabhairt do dhaltaí (DoE, 2004). Tá deimhniúchán speisialta tumoideachais mar chuid d'oiliúint ar leith a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí tumoideachais sula dtéann siad i mbun múinteoireachta i scoil tumoideachais (Tedick et al., 2011).

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Tá ag éirí leis an scoil tumoideachais Nawahi cabhrú le seachadadh na teanga go dtí an chéad ghlúin eile agus bronnadh céim ar 100% dá ndaltaí le 80% díobh a d'imigh ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. (Wilson & Kamana, 2009: 372). Éiríonn níos fearr le daltaí Haváíocha sa chóras tumoideachais ná daltaí Haváíocha sa ghnáthchóras príomhshrutha Béarla (Wilson & Kamana, 2001) agus tá fianaise tagtha chun cinn go bhfuil ag éirí leis an gclár nósanna teangeolaíochta a chothú, i measc daltaí an chláir, an Haváis in úsáid mar theanga chaidrimh agus shóisialaithe (Wilson & Kamana, 2009). Ceann de na príomhchúiseanna go mbíonn an scoil in ann na torthaí dearfacha Haváise seo a bhaint amach, ná go bhfuil an scoil ag feidhmiú mar aonán neamhspleách, saor ó thionchar na mórtheanga i gcóras an phríomhshrutha Bhéarla (Tedick et al., 2011). Láidríonn sé seo éiteas cultúrtha agus teangeolaíochta na scoile agus ciallaíonn sé go mbíonn smacht ag an scoil ar chur i bhfeidhm, bainistiú agus monatóireacht a cuid polasaithe féin. Aithnítear go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an mBéarla ar chur chun cinn na Haváise dá mba rud é go mbeadh an t-aonad Haváise taobh istigh de scoil Bhéarla, mar atá go leor scoileanna tumoideachais eile ar oileáin Haváí. Ag tús na scoilbhliana 2009, bhí 261 dalta cláraithe leis an gclár tumoideachais in Nawahi ó ghráid réamhscolaíochta go dtí Grád 12

agus bhí 33.3% den fhigiúr sin ina gcainteoirí dúchais. Ag leibhéal na naíonraí, áfach, ina raibh 11 pháiste cláraithe, bhí 100% ina gcainteoirí dúchais Haváise, rud a léiríonn go bhfuil an scoil ag tacú le cothú an chéad ghlúin eile mar chainteoirí dúchais (Tedick et al., 2011).

Tátal

In ainneoin go bhfuil líon i bhfad níos lú cainteoirí dúchais Haváise in Haváí ná mar atá cainteoirí dúchais Diné in iar-dheisceart na Stát Aontaithe, tá go leor bainte amach ag gluaiseacht *Aha Punana Leo* (Naíonraí Haváise) agus *Ke Kula Kaiapuni* (K-12, córas bunscolaíochta) maidir le hathbheochan teanga sa chóras oideachais agus sa phobal trí chéile. Ar ndóigh, tá éirithe le muintir na Haváise oideachas iar-bhunscolaíochta trína teanga dhúchais a chur ar fáil, rud nach bhfuil amhlaidh in aon teanga dhúchais eile i SAM (Tedick et al., 2011). Tá tionscnaimh spéisiúla á moladh maidir le cúrsaí idirlín a chur ar fáil do dhaltaí Haváí mar thacaíocht bhreise ar an bhfoghlaim thraidisiúnta ranga agus le glúin iomlán imithe tríd an gcóras tumoideachais, is cúis mhór dóchais é go bhfuil an chéad ghlúin óg eile ag teacht chun na scoile ina gcainteoirí T1 Haváise (Tedick et al., 2011). Tá cuid den fhianaise thuas bunaithe ar an taithí sa scoil Nawahi amháin, ina bhfuil nasc cothaithe le coláiste tríú leibhéal, agus ní léir go fóill an mbeadh sé indéanta na torthaí céanna oideachais a bhaint amach i scoileanna eile i gcomhthéacsanna eile.

8. An Māori sa Nua-Shéalainn

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Síníodh an conradh Waitangi sa bhliain 1840 agus ó shin i leith, is caidreamh achrannach éagothrom go minic atá idir an Béarla agus an Māori i saol agus i sochaí na Nua-Shéalainne, agus an teannas seo le feiceáil go minic i stádas agus seasamh na teanga Māori sa tsochaí chéanna. Ba theanga i mbaol Māori sna seachtóidí, tráth nach raibh ach 26% den daonra ag labhairt na teanga go líofa. Ba é an meath tobann sin a mhúscail na Māori chun

tús a chur le feachtas a chuirfeadh borradh, ní hamháin faoin teanga Māori, ach faoin gcultúr i gcoitinne (Hill & May, 2013: 49). Sna 1980idí, cuireadh scoileanna Māori ar bun ag ceithre leibhéal an oideachais: réamhscoileanna (kohanga reo), bunscoileanna (kura tuatahi Māori), iar-bhunscoileanna (wharekura) agus ollscoileanna (wananga) (Hill & May, 2013). Tháinig fás tobann ar an gcóras oideachais Māori agus, ceithre bliana déag tar éis a mbunaithe sa bhliain 1982, bhí 767 *Kohanga Reo* ag freastal ar os cionn 14, 000 dalta Māori. Ó shin i leith, áfach, tá meath de bheagán tagtha ar na huimhreacha sin agus sa bhliain 2011, bhí 560 ionad *Kohanga* ag freastal ar beagnach 10,000 dalta Māori (May, 2005: 368). Pléifear an meath seo níos moille sa chur síos. Sa bhliain 2009, bhí 22,000 dalta ag freastal ar an oideachas Māori, (3% de dhaltaí uile na tíre). http://www.educationcounts.govt.nz/publications/schooling/oecd-review-on-evaluation-and-assessment-frameworks-for-improving-school-outcomes/chapter-1-the-school-system

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

I láthair na huaire, is cainteoirí T2 Māori iad formhór na ndaltaí sin a dhéanann freastal ar an gcóras oideachais Māori agus formhór na múinteoirí freisin (May & Hill, 2005: 379). Dá réir sin, glactar leis gur múnla den oideachas oidhreachta teanga atá i bhfeidhm i gcomhthéacs an oideachais Māori, agus ní oideachas cothabhála ná saibhrithe teanga atá i gceist (May & Hill, 2005). Nuair a dhéantar iarracht an córas seo a chur i gcomparáid le cás na Gaeltachta, feictear go bhfuil éagsúlachtaí áirithe le sonrú ach go mbraitheann na héagsúlachtaí sin go minic ar chomhdhéanamh an phobail agus an cheantair. Cé nach bhféadfaí a mhaíomh gur cainteoirí T2 Gaeilge formhór dhaltaí ná mhúinteoirí an chórais Ghaeltachta, mar sin féin, áirítear, go fóill, céatadán suntasach cainteoirí T2 sa chóras reatha a thugann dúshlán do shainiú agus d'fheidhmiú an chórais sin (Mac Donnacha et al., 2005). Is iomaí múinteoir freisin atá ag teagasc sa chomhthéacs Gaeltachta ar chainteoirí T2 Gaeilge iad. Dá bhrí sin, níor mhiste tabhairt faoin anailís ar chomhthéacs an oideachais

Māori d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar dhea-chleachtais an chórais a bheadh oiriúnach don chóras oideachais Gaeltachta.

Rangaítear cláir tumoideachais nó dátheangacha Māori i sé ghrúpa, bunaithe ar an leibhéal úsáide Māori i ngach grúpa, ach tuigtear gur chun éascaíocht an mhaoinithe an rangú, seachas múnla áirithe tumoideachais á chur i bhfeidhm (Hill, 2014; May, Hill & Tiakiwai, 2006). Tá níos lú ná 50% den teagasc trí mheán an Māori sna ceithre cinn íochtaracha agus tuigtear gur tumadh sa chultúr seachas sa teanga atá i gceist leo sin (Hill, 2014).

Leibhéal 1: idir 81% agus 100% den teagasc trí mheán an Māori, agus tuigtear gur ag 90% a sheasann an meán.

Leibhéal 2: idir 51% agus 80% den teagasc trí mheán an Māori. Ní minic go mbíonn ardchumas teanga sa Māori ag múinteoirí na scoileanna seo agus leibhéal íseal feasachta ina measc ar an teagasc dátheangach, agus dá bharr sin, creidtear go bhfuil an soláthar trí mheán an Māori níos gaire don íosmhéid (Hill, 2014).

Is iomaí slí a ndéantar seachadadh ar na múnlaí sin thuas, ina measc scoileanna uile-thumadh (Kura Kaupapa Māori) ina ndéantar an teagasc go léir trí mheán an Māori agus múnlaí eile a chuireann tumoideachas ag leibhéal níos éadroime ar fáil, mar atá i gcás ranganna dátheangacha Māori nó aonaid Māori. Ábhar suntais anseo gurb iad na scoileanna féin a chinneann cén chatagóir ina bhfuil siad féin, agus ní léir monatóireacht ar bun ar na scoileanna chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh chritéar na gcatagóirí sin (Hill, 2014). Bunaithe ar líon ard an teagaisc trí Māori agus cleachtais reatha i scoileanna Gaeltachta, is iad na kura tuatahi Māori (i.e. na bunscoileanna) is fearr a oireann agus ábharthacht chleachtais oideachais teanga na Nua-Shéalainne don chomhthéacs Gaeltachta á fiosrú. Dá bhrí sin, fágtar gach cineál múnla eile tumoideachais as an áireamh sa phlé feasta.

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Feidhmíonn an córas reatha oideachais Māori faoi scáth na straitéise *Ka Hikitia* a cuireadh i bhfeidhm i dtosach báire sa bhliain 2008. Sna sála air sin, cuireadh *Ka Hikitia* eile i bhfeidhm sa bhliain 2013 mar thacaíocht bhreise don bhunstraitéis. Leagtar amach sa straitéis seo na slite ar féidir oideachas Māori a chur chun cinn, mar aon le rannpháirtíocht an phobail Māori san oideachas sin a chinntiú agus a dhaingniú. I dtaca leis an straitéis oideachais, tá curaclam ar leith leagtha amach don oideachas Māori, *Te Marautanga O Aotearoa*. Cé go dtagann an curaclam seo le príomhchuraclam náisiúnta na tíre, freagraíonn sé do ghnéithe ar leith a bhaineann go sonrach leis an gcultúr agus leis an oideachas Māori. Ina theannta sin, ní mór do na scoileanna sin a leanann *Te Marautanga O Aotearoa* spriocanna réamhshocraithe foghlama agus dul chun cinn a bhaint amach agus tuairisc ar na spriocanna sin a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháirtithe leasmhara eile an chórais. (Education Review Office, 2012).

Maidir le soláthar na réamhscolaíochta, tugtar *Te Kohanga Reo* ar chlár lantumadh a chuirtear ar fáil do pháistí óga ón uair a thagann siad ar an saol go dtí go bhfuil siad sé bliana d'aois agus is í Māori teanga chumarsáide an chláir. Cé go bhfuil an teanga ag croílár na seirbhíse seo, is gluaiseacht í an *Kohanga Reo* a dhéanann freastal ar gach gné de chultúr agus de thraidisiún an Māori (Fishman, 1991: 338). Ba í Roinn na nGnóthaí Māori a bhunaigh an chéad ionad sa bhliain 1982, agus sa bhliain 1994, bhí 800 ionad ag freastal ar 14,000 dalta. Sa bhliain 1990, áfach, aistríodh cúram na *Kohanga Reo* chuig an Roinn Oideachais agus bhí tionchar suntasach ag an aistriú seo ar sholáthar na gclár ag leibhéal an phobail (http://www.kohanga.ac.nz/index.php?option=com_content&id=4&Itemid=10). De bhrí go raibh borradh faoi líon na gcritéar agus na gcaighdeán oifigiúil a bhí le comhlíonadh, bhí deacracht ag pobail áitiúla Māori a chinntiú go raibh siad ag freastal mar ba chuí ar ghnéithe cultúir agus oidhreachta na gluaiseachta agus tharraing roinnt mhaith

pobal Māori siar ón soláthar réamhscolaíochta de bharr seo. Ón mbliain 1993 i leith, tá meath tagtha ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar *Kohanga Reo* agus creidtear anois go bhfuil níos lú ná ceathrú de pháistí Māori ag freastal orthu sa lá atá inniu ann (Skerett & Gunn, 2011). Is léiriú spéisiúil é seo ar an tábhacht a bhaineann le réimsí eile sóisialta agus cultúir agus an t-oideachas don teanga mhionlaigh faoi chaibidil. Go minic, nuair a fheidhmíonn an córas oideachais i bhfolús ó na nithe seo, is beag tacaíocht a bhíonn le fáil ón bpobal teanga mórthimpeall, pobal atá riachtanach má táthar chun feidhm phraiticiúil a thabhairt don teanga.

Baintear leas as an teideal *Kura Kaupapa Māori* mar théarma don soláthar tumoideachais, agus bunaítear an córas ar 6 bhunphrionsabal Māori (http://www.runanga.co.nz/about-us):

- Te Ira Tangata: cur chuige uilíoch dalta lárnach a dhíríonn ar oideachas fisiciúil agus spioradálta
- Te Reo: Is í Māori príomhtheanga an teagaisc
- Nga Iwi: Tá timpeallacht an oideachais faoi chúram an whānau (muintir an phobail lena n-áirítear, go háirithe, an teaghlach agus daoine muinteartha sa phobal) agus luach ard ar oidhreacht chultúrtha
- Te Ao: Tá saibhreas eolais Māori ar an dúlra mar chuid lárnach den fhoghlaim
- Ahuatanga Ako: Is eispéiris shona, spreagúla agus spioradálta an fhoghlaim agus an teagaisc
- Te Tino Uaratanga: Ní mór do chéimithe ardchaighdeán a bhaint amach ina gcuid buanna aonair agus forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint spioradálta, shóisialta agus mhothálacha.

Is scoileanna stáit iad na Kura Kaupapa Māori a bunaíodh faoi scáth an Education Act 1989, agus sa bhliain 2000 bhí 59 díobh ar an bhfód (May & Hill, 2005). Tá trí leibhéal scolaíochta sa Kura Kaupapa Māori (OECD, 2010), ina measc:

- Kura Tuatahi: Oideachas bunscolaíochta do dhaltaí ó bhliain 1 go bliain 8
- Kura Arongatahi: Oideachas bunscolaíochta agus meánscolaíochta do dhaltaí ó bhliain 1 agus 13
- Wharekura: Oideachas iar-bhunscolaíochta do dhaltaí ó bhliain 9 go 13.

Is dátheangachas suimitheach a chuirtear chun cinn sa mhúnla tumoideachais seo agus is minic nach ndéantar an Béarla a theagasc go dtí go bhfuil an dalta ag aois níos sine. Mar a tharlaíonn i gcás iliomad comhthéacsanna oideachais ina ndéantar freastal ar theanga mhionlaigh, sonraítear easpa leanúnachais san aistriú ón mbunleibhéal Māori go dtí an t-iar-bhunleibhéal, gné a chuireann, ar ndóigh, ról na teanga i mbaol ag an tríú leibhéal agus ag réimsí níos leithne den tsochaí (May & Hill, 2005).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Ní léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna bainteach le teicneolaíocht na faisnéise agus na teicneolaíochta a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

Sonraítear ról lárnach freisin ag an gcultúr Māori i soláthar an oideachais réamhsheirbhíse do mhúinteoirí agus na cúrsaí oiliúna deartha go minic d'fhonn ardchumas teanga agus ardfheasacht chultúir a sheachadadh do mhic léinn. Bíonn na cúrsaí seo á soláthar ag institiúidí éagsúla tríú leibhéal, Wananga san áireamh, ionaid ina gcuirtear an cultúr agus an teanga Māori chun cinn chun leasa an chultúir Māori i gcoitinne. Is ann do cháilíocht teagaisc tumoideachais agus an cháilíocht sin ar fáil i Wananga amháin, Te Wananga o Raukawa, agus dhá ollscoil, University of Auckland agus Massey University (Kane, 2005: 200).

Tugann mic léinn sna cúrsaí seo faoi churaclam a thugann aird, ní hamháin ar an sealbhú teanga agus ar mhodheolaíochtaí an tumoideachais, ach freisin ar nithe atá bainteach go sonrach leis an gcultúr Māori, leis an gcuraclam Māori agus le seasamh sóisialta agus polaitiúil an Māori sa Nua-Shéalainn (Kane, 2005). Mar atá luaite, is cainteoirí T2 formhór na ndaltaí agus na dteagascóirí sna scoileanna lántumadh Māori agus áirítear an dúshlán céanna maidir le cumas teanga ag an tríú leibhéal. Dá bhrí sin, is iondúil go gcuirtear cúrsa ar fáil do mhic léinn ina dtugtar deis dóibh dianstaidéar a dhéanamh ar an teanga Māori ar feadh bliana, sula n-aistríonn siad anonn chuig an bpríomhcháilíocht oideachais.

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Cé go bhfuil rath ar an gcóras Kura Kaupapa Māori i soláthar an oideachais Māori, áirítear go fóill dúshláin sa soláthar sin, go háirithe ag leibhéal measúnaithe. Is cnámh spairne sa chóras oideachais Māori an measúnú, de bharr easpa uirlisí a rachadh i ngleic le riachtanais shainiúla na ndaltaí Māori. Ainneoin dea-scéalta go bhfuil ag éirí leis an gcóras oideachais Māori moill a chur ar mheath na teanga, is beag eolas atá ar fáil go fóill maidir le héifeachtúlacht oideachais an chórais (Rau, 2003). Gné a chuireann leis an deacracht seo an easpa taighde ar an ábhar a cheadódh d'oideachasóirí, ní hamháin riachtanais mheasúnaithe dhaltaí Māori a leagan amach, ach, freisin, uirlisí agus cleachtais mheasúnaithe a dhearadh a bheadh in oiriúint do na riachtanais sin (May & Hill, 2005: 381).

Dúshlán eile bainteach leis an gcóras oideachais Māori an brú breise a leagtar ar na hinstitiúidí a bhíonn ag soláthar cúrsaí oiliúna agus, freisin, ar na mic léinn a bhíonn ag tabhairt fúthu. Glactar leis sna cúrsaí seo atá Māori-lárnach go bhfuil de dhualgas ar mhic léinn agus ar theagascóirí cur lena gcumas Māori i gcónaí, cur le soláthar áiseanna Māori, agus leibhéal ard feasachta ar chultúr Māori agus ar churaclam bainteach leis sin a bhaint amach (Kane, 2005: 203). Cuirtear faoi ndeara dóibh tabhairt faoin obair seo i dtaca leis an

léann oideachais atá idir lámha cheana féin acu. Ar ndóigh, is dúshláin iad seo a bhfuil trácht forleathan orthu i dtuairiscí a bhaineann leis an gcomhthéacs oideachais Gaeltachta, agus múinteoirí go minic den tuairim go bhfuil dhá oiread an ualaigh oibre leagtha orthu agus iad ag iarraidh freagairt do na héilimh theanga agus chultúir a leagtar orthu. Ar ndóigh, tagann na héilimh sin anuas sa mhullach ar mhúinteoirí na Gaeltachta i dtaca leis na héilimh ghairmiúla a roinneann siad lena gcomhghleacaithe ag leibhéal náisiúnta. Buntáiste amháin ag an gcomhthéacs Māori sa chás seo, áfach, an struchtúr oiliúna a dhéanann freastal sonrach ar an gcomhthéacs áirithe sin.

Cé go bhfuil an freastal a dhéantar ar an oideachas réamhsheirbhíse le moladh i réimsí ar leith, áirítear go fóill easnaimh eile sa soláthar sin. I measc na n-easnamh seo, tá bearnaí san oiliúint a chuirtear ar mhúinteoirí sa teagasc dátheangach. Tá bearnaí san oideachas dátheangach le sonrú freisin san fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhíonn á soláthar do mhúinteoirí reatha maidir leis an oideachas dátheangach agus freisin sa litearthacht agus sa délitearthacht (Hollings, Jeffries agus McArdell, 1992; Rau, 2003). Rianaítear sa Māori Language Education Framework go bhfuil sé mar sprioc ag an rialtas cur le líon na múinteoirí a bhfuil ardchumas sa teanga Māori acu agus freisin cur le héifeachtúlacht an teagaisc agus na foghlama (Skerrett & Gunn, 2011).

Ar deireadh, cé gur maith ann sainiú á dhéanamh ar leibhéil an tumoideachais atá á soláthar, is ábhar imní é gurb iad na scoileanna féin a shocraíonn an leibhéal ag a bhfuil siad, cleachtas a chuireann an soláthar iomlán i mbaol. Ina theannta sin, ní léir ó thuairiscí cigireachta go gcáintear scoil ar bith de bharr nach bhfuil siad ag cloí leis na critéir atá leagtha amach dóibh (Hill, 2014). Dar le saineolaí ar an ábhar, gur scátháin iad na leibhéil ar an leibhéal tumoideachais a bhfuil ar chumas na múinteoirí é a chur i bhfeidhm, agus ní léargas é ar mhúnla tumoideachais atá bunaithe ar phrionsabail oideolaíocha. Cuireann na

heasnaimh seo an soláthar tumoideachais go hiomlán ó mhaith, go háirithe ag na leibhéil is ísle soláthair.

Tátal

Ainneoin go bhfuil meath ag teacht ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar chóras oideachais Māori le blianta beaga anuas, tuigtear nach de bharr easpa suime an treocht seo, ach mar thoradh ar ghnéithe eile a bhfuil tionchar láidir acu ar fheidhmiú an chórais, ina measc, leibhéal rannpháirtíochta an phobail Māori sa chóras. Is cuid lárnach den chomhthéacs oideachais Māori an freastal a dhéantar, ní hamháin ar an teanga Māori, ach freisin ar an gcultúr as a n-eascraíonn an teanga sin. D'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór brath ar an bpobal Māori, treibheanna ina measc, chun an t-eolas atá acu féin a roinnt (Tomlins Jahnke, 2013: 146). Cothaíonn sé seo freagracht i leith an cheantair agus i leith an traidisiúin i gcoitinne. Ceadaíonn sé freisin don phobal Māori a riachtanais teanga agus oideachais féin a chur ar ord tosaíochta an chórais oideachais áitiúil. Is bua ar leith é seo atá ag an gcóras oideachais Māori, bua a rachadh chun leasa an chórais oideachais Ghaeltachta chomh maith céanna. Tuigtear freisin go bhfuil curaclam ar leith Māori i bhfeidhm ina dtugtar tús áite do na nithe sin atá lárnach sa traidisiún Māori, ach ag freastal i gcónaí ar riachtanais náisiúnta oideachais chomh maith céanna. Is solúbthacht í seo a rachadh go mór chun leasa scoileanna na Gaeltachta agus iad ag iarraidh freastal ar chomhdhéanamh measctha teanga agus faoi stiúir pholasaí náisiúnta oideachais, ina gcuimsítear daltaí na Gaeltachta mar mhionlach suntasach teanga agus oideachais.

Is cinnte go bhfuil buntáistí suntasacha freisin leis an sainiú a dhéantar ar na leibhéil éagsúla tumoideachais atá á soláthar sa chóras, cleachtas a rachadh chun leasa chóras na Gaeltachta, áit a bhfuil doiléire shuntasach i láthair na huaire maidir leis an ábhar seo. Mar atá luaite, áfach, tá sé ríthábhachtach, agus an sainiú seo ar bun, go mbeadh iontaofacht ag baint leis an áisíneacht a bheadh ag bronnadh an tsainithe, agus freisin, go mbeadh

monatóireacht leanúnach ar bun chun feiliúnacht na scoile don chatagóir ina bhfuil sí a fhiosrú. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh páirtithe leasmhara eile páirteach sa phróiseas seo i dteannta na scoile féin. I láthair na huaire sa Ghaeltacht, is beag sainithe a dhéantar ar scoileanna Gaeltachta bainteach le leibhéal an teagaisc trí mheán na sprioctheanga, ná ach an oiread, bainteach le riachtanais teanga na ndaltaí. Titeann sé seo amach, ar ndóigh, ainneoin go bhfuil sé cruthaithe le fada gur comhdhéanamh measctha teangeolaíoch atá i réim i bhformhór scoileanna an chórais, agus go bhfuil an comhdhéanamh sin ann féin mar dhúshlán suntasach ag an gcóras reatha (Mac Donnacha, 2005).

9. An tSualainnis san Fhionlainn

Comhthéacs agus Stádas na Mionteanga

Tá ardstádas ag an tSualainnis san Fhionlainn ó thús an naoú céad déag i leith, ó tharla an Fhionlainn féin a bheith mar chuid den tSualainn tráth. Sa lá atá inniu ann, is teanga oifigiúil de chuid na Fionlainne í an tSualainnis agus sin rianaithe sa bhunreacht ón mbliain 1919. Ainneoin gur teanga oifigiúil í an tSualainnis san Fhionlainn, mar sin féin is iomaí cosúlacht idir í agus teanga mhionlaigh agus líon na gcainteoirí ag thart ar 297,000 duine, nó 5.4% den daonra (S. Björklund, Mard-Miettinen & Savijarvi, 2013: 1; Mercator, 2013; Prime Minister's Office of Publications, 2012; S. Björklund, 2005: 24). Ainneoin gur cainteoirí dúchais Sualainnise iad na daoine seo, is saoránaigh iad de chuid na Fionlainne agus an dearcadh láidir ina measc gur féiniúlacht Fhionlannach atá acu freisin (Prime Minister's Office Publications, 2012: 12). Cuireann formhór na gcainteoirí Sualainnise fúthu sa phríomhchathair Helsinki agus sna bruachbhailte ina timpeall. Ina dteannta siúd, tá trí bhardas lonnaithe ar chósta na Fionlainne ina bhfuil an tSualainnis in úsáid mar phríomhtheanga an phobail, agus ceantair eile láidre Sualainnise lonnaithe ar chósta thiar agus theas na Fionlainne agus sna hoileáin Aland (Mercator, 2013). Is iad na ceantair

tuaithe sin is fearr a oireann don anailís idir lámha agus díreofar ar chleachtais oideachais sna ceantair sin, seachas sna ceantair uirbeacha.

Áirítear cosúlachtaí freisin idir an comhthéacs sochtheangeolaíoch ina bhfuil cainteoirí dúchais Sualainnise lonnaithe san Fhionlainn agus an Ghaeltacht, ina measc, an éagsúlacht idir an tSualainnis chaighdeánaithe atá á teagasc sa churaclam agus na canúintí áitiúla Sualainnise atá coitianta i measc chainteoirí dúchais Sualainnise. Is iondúil freisin, ainneoin gurb í an tSualainnis a gcéad teanga, go mbíonn an T1 de shíor i dteagmháil leis an T2, teanga eile oifigiúil na tíre, an Fhionlainnis. Eascraíonn an teagmháil seo, ar ndóigh, as suíomh láidir na Fionlainnise mar theanga chumarsáide sa phobal, agus freisin mar phríomhtheanga na meán craolta agus clóite (Brunell & Saretsalo, 1999: 175). Toradh air seo, mar atá le sonrú go láidir i gcás na Gaeltachta, líon ard na gcaidreamh idir cainteoirí T1 Sualainnise agus cainteoirí T1 Fionlainnise, cleachtas a fhágann gur cainteoirí dátheangacha iad páistí na gcainteoirí sin. Ar ndóigh, is cumas éagrothrom a bhíonn acu sa dá theanga go dtí go bhfreastalaíonn an córas oideachais ar an mbearna sin (Brunell & Saretsalo, 1999: 175).

Soláthar Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Roinntear an córas oideachais san Fhionlainn ina dhá chuid, an chuid de a reáchtáiltear i bhFionlainnis agus an chuid eile de a reáchtáiltear i Sualainnis. Tá borradh as cuimse tagtha ar chóras tumoideachais na Sualainnise san Fhionlainn le roinnt blianta anuas, go háirithe sna ceantair uirbeacha ina bhfuil líon ard teaghlach dátheangach ag cur fúthu. Áirítear, áfach, scoileanna Sualainnise freisin lonnaithe sna ceantair tuaithe ina bhfuil an tSualainnis go fóill mar theanga phobail, agus is iad na scoileanna sin is fearr a oireann don anailís idir lámha.

Maidir le struchtúr an dá chóras, is mar a chéile spriocanna an pholasaí oideachais agus iad ag tarraingt as an gcuraclam céanna, agus mar sin, is í an teanga teagaisc an t-aon difríocht eatarthu (S. Björklund, 1997: 85).

Go hiondúil, is cainteoirí Sualainnise T1 iad múinteoirí an chórais agus is í an tSualainnis an t-aon teanga teagaisc agus foghlama sa timpeallacht scoile (Mercator, 2013). Déantar an teagasc uile trí mheán céad teanga an dalta (Sualainnis sa chás seo) go dtí go bhfuil sé thart ar naoi mbliana d'aois, nuair a thugtar teanga eile isteach sa teagasc, go hiondúil an Fhionlainnis nó teanga eile mar an Béarla. Is cuid éigeantach den soláthar oideachais san Fhionlainn an staidéar ar an dá theanga oifigiúla agus beidh teagasc trí mheán an dá theanga sin faighte ag gach dalta faoin am a mbeidh tréimhse a scolaíochta tagtha chun críche (S. Björklund 1997: 85). Go deimhin, áirítear mar chuid de chearta an scoláire san Fhionlainn a chuid oideachais a fháil trí mheán na chéad teanga, gné a thacaíonn le suíomh leochaileach na gcainteoirí T1 Sualainnise (S. Björklund, 2005: 26).

Is é an t-údarás lárnach san Fhionlainn a rialaíonn an córas oideachais Sualainnise, lena n-áirítear na hábhair sa churaclam agus leibhéal oiliúna na múinteoirí. Tá ról freisin ag an údarás áitiúil maidir le gnéithe éagsúla bainteach le curaclam áitiúil, ach nach mór a chinntiú go dtugtar tús áite i gcónaí don churaclam lárnach (Mercator, 2013: 13). Ina theannta sin, tuigtear go bhfuil de chead ag scoileanna a gcuraclam féin a fhorbairt, cleachtas a cheadaíonn tús áite a thabhairt do riachtanais na ndaltaí laistigh den churaclam náisiúnta. Is mar a chéile, a bheag nó a mhór, córas oideachais na Fionlainnise agus na Sualainnise san Fhionlainn agus eagraíochtaí éagsúla sainiúla ag déanamh cúraim den oideachas Sualainnise, ach ar ndóigh, níos lú eagraíochtaí ná mar atá i gcás an chórais Fhionlainnise.

Cleachtais Oideachais trí Mheán na Mionteanga

Cuirtear réamhscolaíocht ar fáil san Fhionlainn in institiúidí réamhscolaíochta agus in ionaid cúraim lae. Cuirtear bliain réamhscolaíochta ar fáil saor in aisce san Fhionlainn do gach dalta sé bliana d'aois agus freastalaíonn 90% de pháistí san Fhionlainn ar an réamhscoil ag an aois sin. Tá costas ar na hinstitiúidí lae agus gearrtar táille faoi leith ar thuismitheoirí bunaithe ar a n-ioncaim (Mercator, 2013: 16). Sa bhliain 2010, bhí 930 dalta ag freastal ar institiúidí réamhscolaíochta agus 2,274 in ionaid cúraim lae, agus 3,204 san iomlán, mar sin, ag freastal ar an réamhscolaíocht Sualainnise.

Go hiondúil, roinntear grúpaí de réir céad teanga na ndaltaí, ach áirítear grúpaí freisin ina measc a bhfuil éagsúlachtaí céad teangacha acu agus an múinteoir ag labhairt le gach páiste ina dteanga féin (Mercator, 2013: 18). Is furasta do mhúinteoirí réamhscoileanna na Fionlainne seo a dhéanamh toisc gurb iondúil go mbíonn ardleibhéal líofachta acu san Fhionlainnis cé gurb í an tSualainnis go minic a gcéad teanga.

Is oideachas éigeantach atá i bhfeidhm san Fhionlainn ó sheacht mbliana d'aois go dtí sé bliana déag d'aois idir Gráid 1 agus 9. Is iondúil go mbíonn múinteoir ranga ag daltaí ó Ghrád 1 go Grád 6 agus múinteoir ábhair ansin ó Ghrád 7 go Grád 9, mar atá i gcás chóras iar-bhunleibhéal na hÉireann (Mercator, 2013: 20). Cuirtear an t-oideachas, mar aon le háiseanna agus bia, ar fáil saor in aisce san Fhionlainn agus éiríonn le 99.7% de dhaltaí an t-oideachas sin a chríochnú.

Sa bhliain 2009, bhí 274 scoil Sualainnise ar an bhfód agus 33,100 dalta ag freastal ar na scoileanna sin ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal. Is iondúil gur scoileanna beaga iad seo agus níos lú ná 100 dalta i 60% díobh. Ach an oiread leis an gcóras réamhscolaíochta, is cainteoirí T1 Sualainnise iad múinteoirí bunscoile an chórais, nó daoine a bhfuil cáilíocht ardchumais teanga Sualainnise bainte amach acu, nó a bhfuil máistreacht bainte amach acu in ollscoil Sualainnise. Arís, mar atá sa chóras

réamhscolaíochta, is minic a bhíonn éagsúlacht chumais sna grúpaí ranga toisc teanga amháin a bheith níos láidre ag baile. Sa chás sin, cuirtear cúrsa faoi leith ar fáil sa churaclam ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ina ndírítear ar an teanga is laige ag an dalta chun leibhéal cumais an dalta sa teanga sin a fhorbairt (Mercator, 2013: 22). Is iondúil, i gcás na ndaltaí dátheangacha, go mbíonn teanga amháin níos láidre ná an teanga eile. D'fhonn freastal ar an mbearna chumais seo, tugtar an deis do dhaltaí tabhairt faoi churaclam ar leith d'fhonn caighdeán na teanga sin mar theanga dhúchais a ardú, agus tugtar faoi churaclam máthairtheanga don teanga eile. Is coitianta an cleachtas é seo i scoileanna Sualainnise toisc go dteastaíonn ó thuismitheoirí go mbeadh ardchumas Fionlainnise ag na daltaí ag fágáil na scoile. I gcás 19% de na daltaí 15 bliain d'aois a dhéanann freastal ar an gcóras oideachais Sualainnise, sonraítear nach bhfuil siad líofa sa tSualainnis agus go bhfuil an Fhionlainnis mar theanga baile acu (Mercator, 2013: 24). Is féidir leis an líon seo a bheith chomh hard le 36% i gceantair uirbeacha. Cuirtear cúrsaí breise ar fáil do na daltaí sin sna blianta tosaigh chun a gcuid cumais sa tSualainnis a dhaingniú i dtús a gcuid scolaíochta. Díol suntais é freisin agus curaclam na scoileanna Sualainnise faoi chaibidil, go n-áirítear ról faoi leith ag canúintí áitiúla na teanga sa churaclam agus go maítear go bhfuil sé tábhachtach tacú le féiniúlacht agus cumas teanga gach dalta. Déantar seo, ar ndóigh, i dtaca leis an bhforbairt a chuirtear chun cinn sa tSualainnis chaighdeánaithe.

Ainneoin go maítear go gcuirtear na háiseanna céanna ar fáil don chóras Fionlainnise agus Sualainnise, léiríonn an taighde go bhfuil na háiseanna Sualainnise ar chaighdeán níos ísle, agus creidtear freisin go bhfuil easpa áiseanna oideachais ar fáil i gcoitinne sa chóras oideachais Sualainnise (Harju-Luukkainen & Nissinen, 2011) luaite i Mercator, 2013: 25). Tuigtear freisin go mbíonn moill ar aistriúchán áiseanna ó Fhionlainnis go Sualainnis agus go gcuireann sé seo freisin dúshlán breise roimh an gcóras.

Cuirtear an t-oideachas iar-bhunscolaíochta ar fáil in dhá shlí éagsúla san Fhionlainn, mar atá, an t-oideachas meánscoile agus an gairmoideachas. Sa bhliain 2011, bhí 37 iar-bhunscoil Sualainnise san Fhionlainn agus 7,041 cláraithe iontu, agus arís mar aon leis na bunscoileanna, is iondúil go mbíonn na scoileanna seo níos lú ná iar-bhunscoileanna Fionlainnise. Airítear solúbthacht sa chur chuige maidir leis an oideachas iar-bhunleibhéal san Fhionlainn agus deis ag an dalta an cúrsa a chríochnú laistigh de dhá bhliain nó ceithre bliana. Tá staidéar ar an tSualainnis mar mháthairtheanga mar chuid riachtanach sa churaclam sna hiar-bhunscoileanna Sualainnise agus sé mhodúl éigeantacha le críochnú mar aon le trí mhodúl roghnacha. Ní mar a chéile na modúil seo agus na modúil a chuirtear ar fáil sna hiar-bhunscoileanna Fionlainnise. Dírítear sna modúil seo ar litríocht na Sualainnise, cultúr, féiniúlacht, cumarsáid labhartha, scríbhneoireacht na teanga agus litríocht na Sualainnise mar chaitheamh aimsire (Mercator, 2013: 29).

Tá borradh tagtha ar an éileamh atá ar an ngairmoideachas san Fhionlainn le blianta beaga anuas, agus sa bhliain 2011, bhí ceithre cinn déag de ghairmscoileanna Sualainnise san Fhionlainn agus 6 cinn díobh sin ina raibh cúrsaí trí Shualainnis amháin á dtairiscint. Dírítear sna scoileanna seo ar ghnéithe praiticiúla: cócaireacht, faisean, eacnamaíocht bhaile, cúram sláinte, fáilteachas, agus réimsí eile nach iad. Cuirtear an t-oideachas seo ar fáil saor in aisce don dalta ach gur faoi / fúithi féin atá sé áiseanna an chúrsa a cheannach. I gcás na ngairmscoileanna Sualainnise, is í an tSualainnis an teanga teagaisc agus arís staidéar ar an dá theanga oifigiúla mar chuid éigeantach den churaclam (Mercator, 2013: 33).

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Níor léir ón taighde gur ann do pholasaithe ná scéimeanna bainteach le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a bheadh ábhartha don tuairisc seo.

Seirbhísí Tacaíochta

Cuirtear oiliúint ar fáil trí mheán na Sualainnise ag an ollscoil Sualainnise, Abo Akademi agus freisin ag Ollscoil Helsinki. Cuirtear cúrsaí dátheangacha ar fáil freisin sa réimse seo ag Ollscoil Helsinki, agus ainneoin gurb í an Fhionlainnis príomhtheanga an staidéir, bíonn de dhualgas ar mhic léinn roinnt dá dtréimhse cleachtadh múinteoireachta a chaitheamh i scoileanna Sualainnise (Mercator, 2013: 36). Cuirtear dhá chúrsa éagsúla ar fáil trí mheán na Sualainnise chun freastal orthu siúd ar mian leo cáiliú mar mhúinteoirí bunscoile, cúrsa dóibh siúd ar mian leo cáiliú mar mhúinteoirí meánscoile agus cúrsa eile dóibh siúd ar mian leo cáiliú mar mhúinteoirí réamhscoile (Mercator, 2013: 37). Tuigtear freisin gur i bhFómhar na bliana 2014 a chuirfidh Ollscoil Vaasa agus Ollscoil Abo Akademi tús le cúrsa nua oiliúna do mhúinteoirí a mhairfidh ar feadh cúig bliana agus a dhíreoidh go sonrach ar mhic léinn ar mian leo teagasc i gcomhthéacs tumoideachais.

Éifeachtúlacht na gCleachtas Oideachais

Ainneoin go bhfuil córas ar leith ag freastal ar an oideachas Sualainnise san Fhionlainn ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, tuigtear go fóill nach córas aonchineálach atá i gceist agus thart ar 35% de na ndaltaí ag teacht as teaghlaigh nach bhfuil an tSúlanais ina bpríomhtheanga iontu (M. Björklund, 2013: 120). Cothaíonn sé seo deacrachtaí, go háirithe i dtimpeallacht an tseomra ranga agus daltaí a bhfuil leibhéal éagsúil cumais acu ag sóisialú lena chéile agus an Fhionlainnis den chuid is mó mar theanga choiteann ina measc, gné a chuireann sealbhú na Sualainnise i mbaol. Sonraítear an t-imeascadh seo i measc cainteoirí Sualainnise agus Fionlainnise, agus freisin, inimircigh a bhfuil teangacha iasachta á labhairt acu mar Rúisis, Sínis agus teangacha eile nach iad. Is cleachtas é seo, áfach, nach bhfuil múinteoirí an chórais oilte chuige agus tá siad neamhchinnte ina thaobh dá réir (M. Björklund, 2013: 122). Cé go moltar go ndéanfaí freastal ar na heasnaimh sin i struchtúir

oiliúna na tíre, glactar leis an imeascadh go fóill mar thréith den chóras oideachais a bhfuil tionchar aige ar chainteoirí gach teanga laistigh den chóras sin.

Tátal

Feictear buntáistí faoi leith san Fhionlainn nach bhfuil ar fáil do chóras oideachais na Gaeltachta, go háirithe líon ard na gcainteoirí Sualainnise agus freisin an tSualainnis féin mar theanga atá á labhairt go príomha mar theanga náisiúnta in aice láimhe. Moltar, áfach, an aird a thugtar ar na daltaí sin nach bhfuil an tSualainnis mar phríomhtheanga baile acu agus modúl agus cúrsaí ar leith oideachais á gcúr ar fáil dóibh chun cur le sealbhú láidir na teanga sin go caighdeán an chainteora dhúchais. Cuirtear an modúl céanna ar fáil dóibh siúd nach í an Fhionlainnis a bpríomhtheanga baile chomh maith céanna. Níor mhiste a lua, áfach, gur modúl é seo a dhéanann freastal ar dhara teanga an dalta, agus ní ar shaibhriú na máthairtheanga, cleachtas a bheadh ag teastáil go géar sa chomhthéacs Gaeltachta.

Conclúid agus plé ar na mórthéamaí

Déantar plé sa chuid deireanach den tuairisc ar na mórthéamaí a tháinig chun cinn i rith an athbhreithnithe. Ina measc, pléitear stádas teanga agus an tionchar atá aige ar oideachas trí mhionteanga. Féachtar ar chomhdhéanamh na ndaltaí i gcláir éagsúla oideachais agus an chaoi a láimhseáiltear an dúshlán seo. Ag eascair as sin, scrúdaítear na bealaí a dtéitear i ngleic le himeascadh na ndaltaí. Pléitear ansin an ról tábhachtach atá ag rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus na deiseanna a bhronnann riarachán áitiúil. Féachtar ar chuid de na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna. Sa chuid deiridh, leagtar amach na roghanna a fheicimid don oideachas Gaeltachta agus molaimid múnlaí éagsúla a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile.

Stádas Teanga

Feictear sa litríocht go bhfuil stádas teanga fíorthábhachtach. Is féidir leis an stát stádas a bhronnadh ar theanga faoi mar atá in Éirinn sa Bhunreacht agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cé go bhfuil an-tábhacht leis an stádas reachtúil seo, ní leor é ann féin le

tuismitheoirí a mhealladh lena bpáistí a chur chuig scoil a mhúineann tríd an mionteanga. Feictear in Albain go bhfuil stádas na Gàidhlig sna ceantair dúchais Ghàidhlig níos leochailí ná stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht in Éirinn, bunaithe ar an bhfianaise sa litríocht. Ní chuireann céatadán suntasach de thuismitheoirí a bhfuil Gàidhlig acu a bpáistí chuig scoileanna Gàidhlig. I gCeanada ar an gcaoi chéanna, Fainciseoirí a bhfuil sé de chead acu a gcuid gasúr a bheith i scoileanna Fraincise, roghnaíonn siad scoileanna Béarla (scoileanna tumoideachais ina measc) dá bpáistí, bunaithe ar ghnéithe ar nós stádais shocheacnamaíoch, tábhacht an Bhéarla i dtaobh cúrsaí fostaíochta, agus céile a bheith ag Fainciseoir a labhraíonn teanga eile.

I dtaca le stádas a bhronnadh, áfach, ní mór iontaobhas a bheith ag pobal labhartha agus úsáide na teanga sna seirbhísí agus sna struchtúir oideachais a dhéanann freastal orthu. Feictear sa Nua-Shéalainn, cé go bhfuil an t-oideachas Māori ar fáil go forleathan, nach ndéanann ach 26% den phobal sin freastal ar na seirbhísí réamhscolaíochta atá ar fáil dóibh. Is léir mar sin go bhfuil constaicí eile le sárú maidir le feidhmiú an stádais oifigiúil atá ag an teanga féin agus ag an soláthar oideachais trí mheán na teanga sin. Cinnte, is maith ann an reachtaíocht a bhronnann agus a chosnaíonn stádas na teanga mionlaigh, ach is fánach an mhaise don phobal teanga féin é mura bhfuil an stádas á chur i bhfeidhm ar an talamh i múnla a mbeadh iontaoibh agus muinín ag an bpobal sin as.

Bealach eile a mbronntar stádas ar scoileanna do chainteoirí dúchais ná trí cháilíocht ar leith a éileamh ó mhúinteoirí faoi mar a dhéantar i roinnt limistéar a aithníonn an comhthéacs eisceachtúil teangeolaíochta ina mbeidh siad ag feidhmiú. B'fhiú machnamh a dhéanamh air seo i gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta.

Comhdhéanamh agus Sainiú na gClár

Ceann de na gnéithe is suntasaí sna suíomhanna mionteanga éagsúla ná comhdhéanamh na ranganna, ó thaobh chúlra teanga na bpáistí de. Faoi mar a luadh thuas, tá cainteoirí

dúchais, athdhúchais, leathdhúchais agus foghlaimeoirí le chéile in aon suíomh foghlama amháin i scoileanna na Gaeltachta. Bhí an scéal amhlaidh i gcuid mhaith de na limistéir a ndearnamar iniúchadh orthu. In Albain, mar shampla, tá líon an-bheag de chainteoirí dúchais sna scoileanna Gàidhlig. Sna scoileanna Fraincise taobh amuigh de Quebec i gCeanada, tagann na páistí ó chúlraí measctha teangeolaíochta chomh maith. Tagann beagnach leath de na daltaí i scoileanna Sualainnise san Fhionlainn as teaghlaigh ina labhraítear an Fhionlainnis go príomha. Déantar sainiú leathan ar an gcóras oideachais sa Bhreatain Bheag mar chóras dátheangach agus cuireann sin cosc ar na scoileanna freastal mar is ceart ar riachtanais teanga cainteoirí dúchais laistigh den chóras oideachais, ó tharla go bhfuil an córas den chuid is mó dírithe ar riachtanais an chainteora T2 Breatnaise.

Ach an oiread le scoileanna na Gaeltachta in Éirinn, is ag brath ar chomhdhéanamh an phobail áitiúil atá na scoileanna i gcuid mhaith limistéar eile. A luaithe is a thagann athrú ar an gcomhdhéanamh sin, tagann athrú ar chleachtais agus ar fheidhmeanna na scoileanna áitiúla, gné a chuireann sealbhú teanga dhaltaí T1 agus T2 na scoile i mbaol. Tugtar aghaidh ar an bhfadhb seo i Haváí trí chóras tumoideachais a chur i bhfeidhm.

Tumoideachas is mó atá sa chóras Māori freisin agus déantar sainiú ar na leibhéil éagsúla tumoideachais atá á soláthar, ach mar atá luaite, níl na leibhéil seo bunaithe ar theoiricí oideolaíocha faoi leith a thacódh leis an tumoideachas agus cuireann an easpa monatóireachta ar an gcóras an soláthar ó mhaith. Tá doiléire shuntasach sa chóras oideachais Gaeltachta i láthair na huaire maidir leis an líon ama ba chóir a chaitheamh ag múineadh trí Ghaeilge. Rachadh cleachtas den sainiú chun a leasa ach é a bheith tógtha ar dhea-chleachtais agus prionsabail oideolaíocha tumoideachais agus córas iontaofa monatóireachta ar fheidhmiú agus ar fhorbairt na sainithe sin. Luaitear 70%, mar shampla, mar íosmhéid am churaclaim sa straitéis don oideachas trí Bhreatnais (Welsh Assembly Government, 2010). Aithníonn an straitéis chéanna sa Bhreatain Bheag nach mór

comhthéacs sochtheangeolaíoch na scoile a chur san áireamh agus líon ama á shainiú. Mura bhfuil treisiú á dhéanamh ag pobail agus ag teaghlaigh na ndaltaí ar obair na scoileanna, is beag seans go mbainfidh siad sealbhú iomlán amach (Welsh Assembly Government, 2010). A laghad tacaíochta atá ann don sprioctheanga taobh amuigh den scoil is ea is mó am is gá a chaitheamh léi sa scoil.

Chabhródh sainiú níos soiléire, ní hamháin le daltaí agus le tuismitheoirí agus scoileanna á roghnú acu, ach freisin le múinteoirí agus le boird bhainistíochta na scoileanna sin, ó tharla tuiscint fhorleathan i measc pháirtithe leasmhara an chórais maidir leis na feidhmeanna agus leis na dualgais atá orthu agus an t-oideachas teanga ar bun. I láthair na huaire, is beag sainiú a dhéantar ar scoileanna Gaeltachta bainteach le leibhéal an teagaisc trí mheán na sprioctheanga, ainneoin go bhfuil sé cruthaithe le fada gur comhdhéanamh measctha teangeolaíoch atá i réim i bhformhór na scoileanna sa chóras. Níor mhiste a lua, áfach, nach leor díreach lipéad a leagan ar na gníomhaíochtaí teanga agus oideachais atá ag titim amach i láthair na huaire sa chomhthéacs reatha oideachais Gaeltachta, ach is gá iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais reatha, iad a chur in oiriúint don mhúnla tumoideachais is oiriúnaí, agus is éifeachtaí do riachtanais shainiúla an phobail Ghaeltachta, agus iad a rangú dá réir. Gné eile is gá a dheimhniú agus sainiú ar an tumoideachas ar bun is ea ceist an údaráis sa sainiú, agus freisin, meastóireacht ar fheidhmiú reatha an tsainithe sin. Ní mór saineolas oideachais agus teanga a bheith mar thaca ag an sainiú i dtosach báire, agus freisin, córas meastóireachta reatha iontaofa a chur i bhfeidhm chun brí an tsainithe sin a chinntiú, agus muinín na bpáirtithe leasmhara a dheimhniú dá réir.

Imeascadh na nDaltaí

Ag eascair as an gcomhdhéanamh measctha seo, bíonn dúshlán ar leith ag múinteoirí cúram a dhéanamh de riachtanais teanga an chainteora dúchais. Ní léir ón bhfianaise atá san

athbhreithniú go ndéantar é sin go sásúil in aon cheann de na limistéir. Is minic go mbaintear úsáid as cumas teanga na gcainteoirí dúchais le forbairt a dhéanamh ar scileanna T2 na bhfoghlaimeoirí teanga. Déantar é seo trí chaighdeán labhartha na gcainteoirí T1 a úsáid mar shlat tomhais do phróiseas sealbhaithe na gcainteoirí T2, cleachtas a dheimhníonn gur beag forbairt a bheidh ar shealbhú na gcainteoirí T1. Is cleachtas é freisin a chinntíonn gur beag tuiscint a bheidh ag oideachasóirí an chórais ar riachtanais teanga chainteoirí T1, an grúpa is leochailí, de bharr an córas a bheith deartha agus dírithe i dtreo na gcainteoirí T2. Léiríodh seo go soiléir sna struchtúir réamhscolaíochta sa Bhreatain Bheag, áit a raibh cainteoirí T1 agus T2 á n-imeascadh le chéile (Hickey et al., 2013). Bíonn claonadh i measc páistí, a labhraíonn an teanga mhionlaigh mar chéad teanga, iompú ar an mórtheanga chun riachtanais shóisialaithe an ghrúpa a shásamh. Léirigh múinteoirí i bPobal Neamhspleách na mBascach a mbuairt faoin drochthionchar a bhíonn ag cainteoirí T2 na Bascaise ar chainteoirí T1 na Bascaise i Múnla D.

Léirigh múinteoirí i New Brunswick, Ceanada, an bhuairt chéanna agus cuirtear seirbhísí ar fáil do Fhrainciseoirí Cheanada, lasmuigh de Quebec, a dhíríonn ar na cainteoirí dúchais agus ar na scoileanna Fraincise amháin. Cothaíonn an *Advisory Committee on French as a First Language* atá faoi scáth *Services for Francophones* nasc idir múinteoirí Fraincise i scoileanna Fraincise, nasc a d'fhéadfaí a chothú idir múinteoirí Gaeltachta dá mbeadh coiste dá leithéid ar fáil. Is tríd an gcóras seo freisin a aimsítear ábhair thaighde atá sainiúil do riachtanais na scoileanna Fraincise. Thabharfadh an coiste seo deis do scoileanna Gaeltachta díriú ar a gcuid sainriachtanas féin.

Déantar iarracht áirithe aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo sa Bhreatain Bheag trí na foghlaimeoirí a chur chuig ionaid sealbhaithe teanga. Ar ndóigh, is ionaid iad seo nach bhfuil sealbhú iomlán na teanga mar sprioc ná mar thoradh acu, ach atá dírithe ar leibhéal an chainteora Bhreatnaise a fhorbairt go leibhéal a cheadódh dó/di a bheith rannpháirteach i

gcóras oideachais dhátheangaigh. Eagraítear modúl ar leith oideachais do na daltaí sin nach bhfuil an tSualainnis mar phríomhtheanga baile acu san Fhionlainn, agus freisin dóibh siúd nach bhfuil an Fhionlainnis mar phríomhtheanga baile acu. Is cleachtais iad seo atá dírithe ar fhorbairt an T2 agus ní ar shealbhú ná ar shaibhriú na teanga mhionlaigh dóibh siúd arbh í an teanga mhionlaigh a gcéad teanga. Tá tacaíocht áirithe teanga ar fáil do dhaltaí ar bheagán Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta trí *Scéim na gCúntóirí Teanga*. Cuirtear beagán tacaíochta ar fáil do chainteoirí dúchais freisin, ach teastaíonn cúnamh i bhfad níos cuimsithí chun freastal ar riachtanais na gcainteoirí dúchais. Ba ghá cur leis an tréimhse ama a bhíonn na cúntóirí ag obair i gcaitheamh na bliana agus oiliúint ar leith a chur orthu maidir le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais.

Caithfear a aithint go bhfuil sainriachtanais teanga ar leith ag cainteoirí óga dúchais na Gaeltachta, faoi mar atá ag páistí a labhraíonn mionteangacha ar fud an domhain. Ach an oiread le páistí a labhraíonn Haváis, Māori nó Gàidhlig, tá todhchaí na Gaeilge ag brath ar pháistí T1 na Gaeltachta an Ghaeilge a shealbhú go hiomlán mura bhfuil tobar na Gaeilge le dísciú. Mura bhfuil sé indéanta córas ar leith a bhunú dóibh de bharr easpa dlúis daonra, faoi mar atá i gCeanada, caithfear idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na foghlaimeoirí Gaeilge atá in aon rang leo. Ní mór deiseanna a bheith acu bheith i ngrúpa astu féin i gcaitheamh an lae. D'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh le haghaidh ábhar eile sa chóras oideachais chomh maith. Dá mbeadh cumais éagsúla sa seomra ranga i gcúrsaí matamaitice mar shampla, dhéanfadh múinteoir éifeachtach freastal ceart ar na cumais sin trí idirdhealú agus trí thacaíocht fheiliúnach a thabhairt dá dhaltaí. Ba chóir go mbeadh plean forbartha teanga ar leith ag múinteoirí le torthaí foghlama uaillmhianacha a shaibhreodh cumas teanga na gcainteoirí dúchais. Creidimid go bhfuil an-tábhacht ar fad ag baint leis an ngné seo, go mbeadh moltaí praiticiúla ann do mhúinteoirí agus do phríomhoidí atá ag plé leis an meascán teangeolaíochta seo.

Rannpháirtíocht agus Riarachán Áitiúil

Téama eile a tháinig chun cinn ná an ról atá ag an bpobal áitiúil agus ag údaráis áitiúla i riaradh na scoileanna agus ag tacú leis na scoileanna. Bíonn Comann nam Pàrant gníomhach sna scoileanna in Albain. Tá na húdaráis oideachais áitiúla sa Bhreatain Bheag freagrach as riaradh agus bainistiú an chórais ag leibhéal áitiúil. Ní mór do gach scoil curaclam lárnach agus polasaí náisiúnta dátheangach a leanúint, ach bíonn saoirse áirithe ag an údarás áitiúil oideachais cinntí a dhéanamh maidir le freastal ar riachtanais teanga agus oideachais na ndaltaí sin atá faoina gcúram. Sna ceantair sin den Fhionlainn ina labhraítear an tSualainnis mar theanga phobail, tá ról ag na húdaráis áitiúla freisin i soláthar an oideachais. I gcás Māori agus Diné, bíonn ról lárnach ag na pobail dhúchasacha, treibheanna ina measc, chun an t-eolas atá acu féin ar a gcultúr agus ar na nithe sin atá lárnach ina dtraidisiún a roinnt. Déantar é seo i gcomhthéacs riachtanais náisiúnta oideachais, ach go bhfuil saoirse áirithe ann ar bhonn áitiúil. In ainneoin go bhfuil saoirse áirithe ag scoileanna Gaeltachta i láthair na huaire, braitheann na scoileanna nach bhfuil an t-údarás acu cinntí a ghlacadh faoi chearta teanga na gcainteoirí dúchais ar eagla go gcuirfidh tuismitheoirí áirithe ina gcoinne nó go gcaillfidh siad daltaí. Anuas air sin, bíonn ualach oibre breise ag baint leis an obair seo, cosúil leis na múinteoirí i gCeanada a luann 'Francophone factor' .i. go gcaithfí Fraincis a mhúineadh, cultúr na bhFrainciseoirí a chur chun cinn, agus déileáil le scoileanna beaga le leibhéil éagsúla cumais. Chabhródh treoirlínte níos cinnte ó údarás oideachais áitiúil, a thuig an suíomh teangeolaíoch, le go mbeadh múinteoirí muiníneach as na polasaithe atá á gcur i bhfeidhm acu.

Feictear rannpháirtíocht áitiúil den chineál seo sa chlár *Ulibarri* i dTír na mBascach. Déantar an-iarracht a chinntiú go bhfuil ardchaighdeán Bascaise á bhaint amach ag daltaí sna scoileanna. Bíonn baint ag gach duine leis, ón mbarr anuas agus ón mbun aníos. Is

scéim é seo a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i scoileanna Gaeltachta, rud a d'fhágfadh go mbeifí ag tabhairt tacaíochta do scoileanna seilbh a ghlacadh ar a bhforbairt teanga féin.

Tá deis ann anois i gcomhthéacs Acht na Gaeltachta 2012, agus na forálacha atá ann maidir le pleananna teanga a réiteach, a chinntiú go mbeidh ról lárnach ag cúrsaí oideachais sna pleananna agus go mbeidh béim ar oideachas trí Ghaeilge. Is iad na pobail Ghaeltachta féin a réiteoidh na pleananna seo, faoi mar a moladh i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Rialtas na hÉireann, 2010). Níor mhiste ceacht a fhoghlaim ó na córais idirnáisiúnta thuasluaite, áfach, agus an riaradh áitiúil faoi chaibidil, agus béim a leagan ar oiliúint na bpáirtithe leasmhara sin in aidhmeanna agus i bhfeidhmeanna an chórais oideachais áitiúil. Nuair a tháinig borradh faoi ualach an riaracháin i gcóras oideachais an Māori, chúlaigh céatadán suntasach den phobal siar as an ról lárnach a bhí acu roimhe sin i bhfeidhmiú an chórais. I gcás na Gaeltachta, d'fhéadfaí ról gníomhach rannpháirteach a bhronnadh ar phobail Ghaeltachta i riaradh agus i mbainistiú an chórais oideachais, ach é ríthábhachtach go mbeadh saineolas agus tacaíocht leanúnach mar chuid lárnach den obair sin. Aithníonn an *Straitéis don oideachas trí Bhreatnais* sa Bhreatain Bheag (Welsh Assembly Government, 2010) an tábhacht a bhaineann le feachtas feasachta don phobal, a léireodh buntáistí an dátheangachais do thuismitheoirí agus na torthaí a eascraíonn as múnlaí éagsúla oideachais teanga.

Seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí agus do scoileanna

Chonaiceamar go bhfuil tacaíocht á tabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí ar iliomad bealaí. Cuirtear cúrsaí oiliúna ar leith ar fáil do mhúinteoirí don tSualainnis mar T1. In Albain, bíonn moil nó ionaid 'barr feabhais' bunaithe mórthimpeall ar scoil amháin chun múineadh na Sínise a chur chun cinn. Bíonn na hionaid seo in ann maoiniú airgid a fháil chun a gcuid iarrachtaí a chur chun cinn agus iad freagrach as gnéithe éagsúla de

mhúineadh agus d'fhoghlaim na Sínise. Scaipeann na hionaid seo an t-eolas ar scoileanna eile sa cheantar sin ar mhaithe le dea-nósanna foghlama agus teagaisc a chur chun cinn.

Tá an scéim *E-School* i bhfeidhm i Haváí ar mhaithe le húsáid na teicneolaíochta faisnéise a chur chun cinn i scoileanna Béarla Haváí agus moladh déanta é a leathnú go scoileanna tumoideachais (Hawai'i State Department of Education, 2014). Bheadh sé suimiúil seomraí ranga fíorúla mar seo a chruthú do scoileanna Gaeltachta atá scoite amach óna chéile.

Tá clár tacaíochta ar líne do mhúinteoirí nua-cháilithe i gCeanada le múinteoirí a thabhairt le chéile, a gcuid tuairimí a roinnt, ábhar teagaisc a aimsiú ar bhealach an-áisiúil, agus comhairle a lorg ó shaineolaithe. De bharr chúrsaí tíreolaíochta, ní i gcónaí a bhíonn sé indéanta múinteoirí na Gaeltachta a thabhairt le chéile ar bhonn rialta; mar sin, ba bhealach é seo an deacracht sin a shárú.

Roghanna don oideachas Gaeltachta

Tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na deich limistéar san athbhreithniú seo, is léir go bhfuil láidreachtaí agus laigí ag roinnt leo. Cabhraíonn athbhreithniú mar seo linn meas a bheith againn ar na buanna atá sa chóras oideachais Gaeltachta in Éirinn agus na dúshláin ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Is féidir linn bheith sásta go bhfuil córas iar-bhunscolaíochta áirithe againn sna ceantair Ghaeltachta is láidre, rud nach bhfuil ag cuid mhaith de na limistéir a ndearnadh iniúchadh orthu sa taighde seo. Bua amháin an-mhór agus an-tábhachtach atá ag an gcóras iar-bhunscolaíochta in Éirinn ná go bhfaigheann daltaí marcanna sa bhreis i gcuid de na hábhair do Scrúdú na hArdteistiméireachta. Ní heol dúinn aon tír eile ar domhan ina bhfuil tacaíocht mar seo ar fáil do dhaltaí a dhéanann staidéar ar ábhair scoile trí mhionteanga. Is dóigh linn go bhfuil an-tionchar aige seo ar líon na ndaltaí a leanann orthu le staidéar trí Ghaeilge suas chomh fada le deireadh na hiar-bhunscolaíochta. I limistéir eile, ar nós na Breataine Bige mar shampla (Lewis, 2007), is é

an patrún atá ann go dtiontaíonn daltaí ar an mórtheanga ag deireadh na bunscoile nó chomh luath is a bhíonn orthu scrúduithe tábhachtacha a dhéanamh. Bíonn deacrachtaí sa Bhreatain Bheag, mar shampla, daltaí a mhealladh le haistriú go dtí an iar-bhunscolaíocht trí Bhreatnais i ngeall ar é a bheith níos éasca, dar leo, staidéar a dhéanamh trí Bhéarla agus torthaí scrúduithe níos fearr a ghnóthú.

Oideachas dátheangach atá i gceist leis an oideachas Gaeltachta, faoi mar a luamar thuas. As na limistéir uile a ndearnadh iniúchadh orthu, ba iad na réigiúin agus na cúigí ina labhraítear Fraincis lasmuigh de Quebec a thug an eiseamláir ab fhearr dúinn. Déantar sainiú ar leith sna cúigí sin ar an gcineál oideachais a bhíonn ar fáil do na pobail mhionlaigh a labhraíonn Fraincis. Bíonn rogha ag na tuismitheoirí a bpáistí a chur chuig scoileanna Fraincise atá faoi chóras éagsúil ó na scoileanna tumoideachais Fraincise. Bíonn bord oideachais ar leith i gceannas ar na scoileanna seo chun a chinntiú go gcuireann siad an dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh i bhfeidhm. Bíonn scéim cuairteanna baile i bhfeidhm le tuismitheoirí a spreagadh le Fraincis a labhairt lena bpáistí agus le cumas Fraincise na bpáistí a neartú, más gá, sula dtosóidh siad ar an scoil, fiú amháin. Tugann sé seo cosaint áirithe do na cainteoirí cumasacha a bheidh in aon rang leo ar ball.

Níl rogha mar seo ar fáil do thuismitheoirí na Gaeltachta i láthair na huaire, ach is é an múnla is láidre a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun cearta teanga na gcainteoirí dúchais a chosaint. Bheadh múinteoirí na réamhscoileanna, na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna seo in ann a chinntiú go ndéanfaí forbairt chuí ar Ghaeilge na ndaltaí agus cúram a dhéanamh den Bhéarla, de theangacha eile, agus d'ábhair uile an churaclaim freisin. D'fhéadfadh na scoileanna seo bheith ina "centres scolaires communautaires" nó ionaid scoile pobail (Landry et al., 2007: 143) faoi mar atá i gCeanada lasmuigh de Quebec. Aithnítear ról lárnach an phobail i seachadadh na teanga go dtí an chéad ghlúin eile agus tuigtear nach bhfuil an scoil ach in ann méid áirithe a dhéanamh maidir le forbairt teanga.

Cothaíonn na hionaid seo na gnéithe cultúrtha a chonaiceamar a bhí chomh tábhachtach sin san oideachas Māori agus Haváise. Cuireann ionaid mar seo ar chumas an phobail agus an rialtais áitiúil scéimeanna ar nós *Ulibarri* Thír na mBascach a chur chun cinn.

Tá sé tábhachtach, áfach, agus rannpháirtíocht an phobail á cur chun cinn go mbeadh struchtúir chuí oiliúna curtha i bhfeidhm a d'éascódh an rannpháirtíocht sin, ionas go mbeadh ionchur an phobail ag teacht le mórspriocanna pleanála teanga an chórais. Ina theannta sin, chuirfeadh an oiliúint seo go mór le forbairt inniúlachta an phobail a bheadh mar thaca láidir ag an gcóras oideachais Gaeltachta roimh na dúshláin uile atá roimhe.

Múnlaí don oideachas Gaeltachta

Ceann de na ceachtanna atá le foghlaim as an athbhreithniú seo ná go bhfuil rath an mhúnla oideachais ag brath, ní hamháin ar oideolaíocht nó ar chéatadán an teagaisc sa teanga dhúchais, ach ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta ina bhfuil an scoil ag feidhmiú. Ar na nithe is tábhachtaí sa chomhthéacs seo tá an tacaíocht don teanga, an teagmháil leis an teanga, agus an stádas a bhronntar ar an teanga sa teaghlach, sa phobal, sna meáin srl. I gceantair áirithe sa Bhreatain Bheag mar shampla, tá leibhéal teagmhála sách ard ag daltaí leis an mBreatnais sa bhaile agus sa phobal, ionas gur féidir leis na scoileanna bheith muiníneach go bhfuil sealbhú iomlán á bhaint amach. I bhfocail eile, tá stádas feidhmiúil ag an mionteanga. Sa chás seo, ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil dóthain teagmhála ag daltaí leis na mBéarla agus céatadán an teagaisc trí Bhreatnais a laghdú. Ní mar sin atá an scéal sa Ghaeltacht, áfach.

Ag éirí as an athbhreithniú, molaimid na múnlaí seo a leanas mar roghanna oideachais i gceantair Ghaeltachta. Baineann Múnlaí A-D thíos leis an gcóras bunscolaíochta. Dá n-éireodh le Múnlaí A-C, ba cheart go bhféadfaí oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaltaí ag leibhéal na hiar-bhunscoile, seachas dóibh siúd a tháinig isteach sa cheantar. Ba cheart *'clár droichid'* a chur ar fáil do na daltaí a thagann déanach go dtí an

córas lán-Ghaeilge faoi mar a dhéantar i bPobalscoil Chorca Dhuibhne i láthair na huaire. B'inmholta an céatadán den chlár a bheadh á theagasc trí Ghaeilge a shainiú, le go mbeadh cinnteacht ann d'fhoirne scoile agus trédhearcacht ann do thuismitheoirí, faoi mar atá i gcuid de na limistéir a ndearnamar iniúchadh orthu ar nós an Māori, an Bhreatnais agus an Bhascais. Dar ndóigh, ní haon dochar a mheabhrú don léitheoir go léiríonn an taighde idirnáisiúnta uile gurb iad na múnlaí tumoideachais is láidre, ó thaobh na mionteanga de, na cinn is fearr maidir le torthaí foghlama na ndaltaí i ngach réimse den churaclam (Johnstone, 2002). Níor éirigh linn teacht ar aon fhianaise a léireodh go bhfuil múnla amháin níos fearr ná a chéile i gcás an iar-bhunoideachas. Níl soláthar iar-bhunoideachais i ngach limistéar a ndearnamar iniúchadh orthu. Bíonn gach córas iar-bhunscolaíochta ag brath ar an gcóras bunscolaíochta na daltaí a chumasú le hardchaighdeán a bhaint amach sa sprioctheanga le go mbeidh siad ullamh don dúshlán acadúil san iar-bhunscoil. Tá sé suntasach sa Bhreatain Bheag go bhfuil curaclam T1 agus T2 ar fáil tríd an gcóras scolaíochta ar fad chomh fada leis na scrúduithe A Leibhéal. Sa *Welsh-medium Education Strategy 2010*, tá sé mar sprioc líon na ndaltaí a dhéanann staidéar ar an mBreatnais mar T1 san iar-bhunscoil a ardú go leanúnach.

Múnla A

Bheadh an múnla seo dírithe ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus ba ghá critéir a leagan síos chun na páistí sin a aithint. Ní ghlacfaí le foghlaimeoirí Gaeilge sna scoileanna seo ag leibhéal na bunscoile, cibé rud faoi leibhéal na hiar-bhunscoile. Mhúinfí an curaclam go hiomlán trí Ghaeilge ar feadh tréimhse dhá bhliain agus mhúinfí an Béarla ina dhiaidh sin. Bheadh an-bhéim sa churaclam ar fhorbairt agus ar shaibhriú Ghaeilge agus Bhéarla na ndaltaí. Bheadh sé riachtanach go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar ar feadh dhá bhliain, ar a laghad, ionas go bhféadfaí an t-oideachas tríd an teanga dhúchais a chur i bhfeidhm, i ngeall ar chomhdhéanamh na scoileanna beaga a fhaightear sa Ghaeltacht.

Bíonn an dá rang naíonán in aon seomra amháin i bhformhór na scoileanna Gaeltachta. Dá dtosófaí ar mhúineadh an Bhéarla roimh dheireadh rang na naíonán mór, chloisfeadh na naíonáin bheaga an Béarla agus bheadh deireadh leis an tumadh iomlán. Ba cheart plé leis na scoileanna seo i mbealach ar leith agus iad a chumasú le clár oiriúnach a chur i bhfeidhm de réir na nósmhaireachta do Fhrainciseoirí i gCeanada lasmuigh de Quebec. Ba léir, ón taithí i limistéir eile, nár oir an córas lárnach aonchineálach do riachtanais cainteoirí teanga mionlaigh. Is é seo an t-aon bhealach, dar linn, ar féidir aghaidh a thabhairt ar an staid reatha ina bhfuil riachtanais na bhfoghlaimeoirí Gaeilge ag tiomáint an chórais, seachas riachtanais na gcainteoirí dúchais. Na buntáistí a bhainfeadh leis an múnla seo ná go bhféadfadh na múinteoirí cúram ceart a dhéanamh de riachtanais na gcainteoirí dúchais gan a bheith buartha nach dtuigfeadh na foghlaimeoirí iad. Dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh a bheadh i gceist, rud a chiallódh go bhfoghlaimeodh na páistí an T2 (an Béarla sa chás seo) gan aon dochar a dhéanamh don T1 (an Ghaeilge sa chás seo). Ní bheadh na cainteoirí Gaeilge ag tiontú ar an mBéarla toisc nár thuig na daltaí eile iad (Hickey et al., 2013). D'fhéadfaí cúram ceart a dhéanamh de na gnéithe cultúrtha teanga lárnaithe ar nós an agallaimh beirte, na drámaíochta, agus na hamhránaíochta chomh maith. D'fhéadfadh tuismitheoirí na gcainteoirí dúchais bheith muiníneach go raibh na scoileanna ag freastal ar riachtanais a bpáistí agus ag 'cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1998, Alt 6 (j)).

Na míbhuntáistí a bhainfeadh leis an múnla seo ná go mbeadh sé deacair scoileanna sách mór a chruthú in go leor ceantar Gaeltachta toisc go bhfuil na pobail scaipthe amach agus nach mbeadh an dlús daonra iontu. Ba ghá diúltú do dhaltaí a raibh an Béarla mar theanga teaghlaigh acu agus b'fhéidir go mbeadh orthu scoil a aimsiú níos faide ó bhaile.

B'fhearr go dtiocfadh éileamh ar a leithéid de mhúnla ón mbonn aníos ó na tuismitheoirí. Ba mhór an chabhair iad cumainn tuismitheoirí a bheith ann agus maoiniú ar

fáil dóibh chun iad féin a eagrú i gceart. Spreagfadh sé seo an rannpháirtíocht áitiúil a ndearnamar tuairisciú uirthi thuas. Chabhródh scéim 'cuairteoirí baile' freisin a thabharfadh cúnamh, spreagadh, agus tacaíocht do thuismitheoirí a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge agus a d'ardódh leibhéal feasachta maidir le buntáistí an dátheangachais, tábhacht na litearthachta agus mar sin de. Dá mbeadh an t-eolas cuí ag tuismitheoirí, d'fhéadfaidís cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hoideachas a bpáistí.

Múnla B

Bheadh an múnla seo bunaithe ar mhúnla na scoileanna lán-Ghaeilge ina gcuirfí an luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm i mbunscoileanna. D'fhágfaí múineadh an Bhéarla go dtí an dara téarma i rang na naíonán mór. Bheadh na scoileanna seo dírithe ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí Gaeilge, ach d'fhéadfadh tuismitheoirí na gcainteoirí dúchais na scoileanna seo a roghnú dá bpáistí dá gcinnfidís gan iad a chur chuig scoil Múnla A. Sa chás nach raibh an dara rogha ag tuismitheoirí na gcainteoirí dúchais a bpáistí a chur chuig na scoileanna i Múnla A de bharr cúrsaí tíreolaíochta, ba ghá cúram ar leith a dhéanamh de na páistí seo. Bheadh dualgas ar an scoil Plean Teanga Aonair (ar nós *Individual Education Plan*) a chur le chéile le haghaidh gach cainteoir dúchais agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí seo mar chuid den fhéinmheastóireacht scoile.

Na buntáistí a bhainfeadh leis an múnla seo ná go mbeadh na daltaí níos aonchineálaí ar an iomlán agus bheadh sé níos éasca ar na múinteoirí díriú isteach ar riachtanais na bpáistí seo, faoi mar a dhéantar sa scoil lán-Ghaeilge. Dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh a bheadh i gceist. Bheadh rogha ag tuismitheoirí an cineál scoile seo a roghnú dá bpáistí dá mba mhian leo.

Na míbhuntáistí a bhainfeadh leis an múnla seo ná go mbeadh na deacrachtaí céanna ag múinteoirí, agus atá sna scoileanna Gaeltachta faoi láthair, freastal mar is ceart ar riachtanais na gcainteoirí dúchais mura raibh scoil Múnla A sa cheantar.

Múnla C

Bheadh an múnla seo bunaithe ar mhúnla roinnt de na scoileanna lán-Ghaeilge ina gcuirfí an tumoideachas i bhfeidhm, ach go múinfí an Béarla mar ábhar ón tús. Seachas an ghné seo, leanfaí an curaclam faoi mar atá i Múnla B.

Bheadh de bhuntáiste ag an múnla seo go sásódh sé mianta roinnt tuismitheoirí an Béarla a mhúineadh ón tús. Bheadh riachtanais na ndaltaí níos aonchineálaí.

Na míbhuntáistí a bhainfeadh leis an múnla seo ná nach sásódh sé mianta tuismitheoirí áirithe gur fearr leo oideachas trí Bhéarla dá bpáistí. Bheadh sé níos deacra iompar teanga na bpáistí a spreagadh i dtreo na Gaeilge.

Múnla D

Is eol dúinn go bhfuil roinnt scoileanna, atá suite i gceantair atá aitheanta go hoifigiúil mar Ghaeltacht, ag teagasc an churaclaim, seachas an Ghaeilge, trí mheán an Bhéarla. Má tá na scoileanna seo le bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta, ba cheart tréimhse ama cinnte a thabhairt dóibh le ceann de mhúnlaí A-C thuas a ghlacadh. Agus scoileanna ag oibriú i dtreo na sprice sin, d'fhéadfaidís tús a chur leis an bpróiseas trí Mhúnla D thíos a chur i bhfeidhm. Bheadh an múnla seo bunaithe ar chur chuige Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT-CLIL as Béarla). Leanfaí an curaclam atá i bhfeidhm i bhformhór na scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht, ach amháin go múinfí roinnt ábhar eile trí Ghaeilge. Chuirfí le líon na n-ábhar seo in imeacht aimsire go dtí go mbeadh Múnla C thuas bainte amach. Mhúinfí an Ghaeilge mar ábhar.

Bheadh de bhuntáiste ag an múnla seo go mbeadh sé ag teacht le moltaí an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010). B'fhéidir go sásódh sé na tuismitheoirí gur fearr leo córas trí Bhéarla don chuid is mó dá bpáistí. B'fhéidir go rachadh na foghlaimeoirí Gaeilge chuig scoil den chineál seo agus nach n-imreoidís drochthionchar ar na cainteoirí dúchais Gaeilge.

Na míbhuntáistí a bhainfeadh leis ná nach mbainfí ardchaighdeán amach sa Ghaeilge agus is beag a dhéanfadh sé chun dualgais an Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh, cabhrú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail. Ní ullmhódh sé na páistí le freastal ar iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge agus bheadh córas trí Bhéarla don chuid is mó ag teastáil, ag leibhéal na hiar-bhunscoile, do na daltaí seo.

Achoimre ar na múnlaí

Tugtar achoimre i dTábla 1 ar na príomhthréithe a bhaineann leis na múnlaí éagsúla. Is iad na múnlaí a bhfuil an méid is mó Gaeilge iontu na cinn is oiriúnaí do shuíomh cothabhála teanga a fhaightear sa Ghaeltacht. Dá gcuirfí Múnla A ar fáil do chainteoirí dúchais, níor leor é ann féin. Ba ghá seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do theaghlaigh freisin, cosúil leis an gcleachtas a chonaiceamar i gCeanada. Theastódh clár forbartha cosúil le *Ulibarri* Thír na mBascach le tacaíocht an phobail uile dó. Níor mhór oiliúint ar leith a chur ar mhúinteoirí san oideachas suimitheach don teanga mhionlaigh.

Tábla 1: Achoimre ar phríomhthréithe na múnlaí éagsúla

	Múnla A	**Múnla B**	**Múnla C**	**Múnla D**
Na catagóirí Gaeltachta lena mbainfeadh an múnla	A, B	A,B,C	B,C	C
Dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh	✓			
Dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh		✓	✓	
Délitearthacht á forbairt	✓	✓		
Múineadh an Bhéarla curtha siar	✓	✓		
